

Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh

Eagrán Speisialta *

4 Samhain 2014



An t-eagrán Gaeilge

Reachtaíocht

Clár

I Gníomhartha reachtacha

RIALACHÁIN

- ★ Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1141/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2014 maidir le reacht agus cistiú páirtithe polaitiúla Eorpacha agus fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha 1
- ★ Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1142/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2014 lena leasaítear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 maidir le maoiniú páirtithe polaitiúla Eorpacha 28
- ★ Rialachán (AE) Uimh. 1143/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2014 maidir le tabhairt isteach agus leathadh speiceas coimhthíoch ionrach a chosc agus a bhainistiú 35
- ★ Rialachán (AE) Uimh. 1144/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2014 maidir le bearta um sholáthar faisnéise agus bearta cur chun cinn a bhaineann le táirgí talmhaíochta a chuirtear chun feidhme sa mhargadh inmheánach agus i dtríú tíortha agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 3/2008 ón gComhairle 56

Ceartúcháin

- ★ Ceartúchán ar Rialachán (AE) Uimh. 1318/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2013 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1217/2009 ón gComhairle lena mbunaítear líonra chun sonraí cuntaisíochta ar ioncaim agus oibriú gnó na ngabháltas talmhaíochta sa Chomhphobal Eorpach a bhailiú (IO L 340, 17.12.2013, lch. 1) (Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh L Eagrán Speisialta Gaeilge) 71

I

(Gníomhartha reachtacha)

RIALACHÁIN

RIALACHÁN (AE, EURATOM) Uimh. 1141/2014 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**an 22 Deireadh Fómhair 2014****maidir le reacht agus cistiú páirtithe polaitiúla Eorpacha agus fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 224 de,

Ag féachaint don Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh d'Fhuinneamh Adamhach, agus go háirithe Airteagal 106a de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa ⁽¹⁾,Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún ⁽²⁾,Ag féachaint don tuairim ón gCúirt Iniúchóirí ⁽³⁾,Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach ⁽⁴⁾,

De bharr an méid seo a leanas:

- (1) In Airteagal 10(4) den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE) agus in Airteagal 12(2) de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh (an Chairt) dearbhaítear go rannchuidíonn páirtithe polaitiúla ar an leibhéal Eorpach le feacht pholaitiúil Eorpach a fhoirmiú agus le toil pholaitiúil shaoránaigh an Aontais a cur in iúl.
- (2) Deir Airteagal 11 agus Airteagal 12 den Chairt gur cearta bunúsacha atá ag gach saoránach den Aontas iad an ceart chun saoirse comhlachais ar gach leibhéal, mar shampla in ábhair pholaitiúla agus shibhialta, agus an ceart chun saoirse nochtaithe tuairime, lena n-áirítear saoirse chun tuairimí a bheith ag an duine agus faisnéis agus barúlacha a fháil agus a thabhairt gan cur isteach ó údarás poiblí agus ar neamhaird ar teorainneacha.
- (3) Ba cheart saoránaigh Eorpacha a chumasú le húsáid a bhaint as na cearta sin chun páirt iomlán a ghlacadh i saol daonlathach an Aontais.
- (4) Tá ról lárnach le himirt ag páirtithe polaitiúla Eorpacha agus a bhfondúireachtaí polaitiúla Eorpacha cleamhnaithe, atá trasnáisiúnta go fírinneach, maidir le guthanna na saoránach a chur in iúl ar an leibhéal Eorpach tríd an mbearna idir an pholaitíocht ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais a líonadh.
- (5) Ba cheart páirtithe polaitiúla Eorpacha agus a bhfondúireachtaí polaitiúla Eorpacha cleamhnaithe a spreagadh ina ndícheall chun nasc láidir a sholáthar idir an tsochaí shibhialta Eorpach agus institiúidí an Aontais, go háirithe Parlaimint na hEorpa, agus ba cheart cuidiú leo sa dícheall sin.

⁽¹⁾ IO C 133, 9.5.2013, lch. 90.⁽²⁾ IO C 62, 2.3.2013, lch. 77.⁽³⁾ IO C 67, 7.3.2013, lch. 1.⁽⁴⁾ Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 16 Aibreán 2014 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil) agus cinneadh ón gComhairle an 29 Meán Fómhair 2014.

- (6) Leis an taithí a fuair na páirtithe polaitiúla Eorpacha agus a bhfondúireachtaí polaitiúla Eorpacha cleamhnaithe i gcur i bhfeidhm Rialachán (CE) Uimh. 2004/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁾, agus leis an rún ó Pharlaimint na hEorpa an 6 Aibreán 2011 maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (CE) Uimh. 2004/2003 ⁽²⁾, léirítear an gá atá ann le feabhas a chur ar an gcreat dlíthiúil agus airgeadais le haghaidh páirtithe polaitiúla Eorpacha agus a bhfondúireachtaí polaitiúla Eorpacha cleamhnaithe chun iad a chumasú le bheith ina ngníomhaithe níos infheicthe agus níos éifeachtaí i gcóras polaitiúil il-leibhéil an Aontais.
- (7) Mar aitheantas ar an misean a shanntar do pháirtithe polaitiúla Eorpacha in CAE agus chun a n-obair a éascú, ba cheart stádas dlíthiúil Eorpach sonrach a bhunú le haghaidh páirtithe polaitiúla Eorpacha agus a bhfondúireachtaí polaitiúla Eorpacha cleamhnaithe.
- (8) Ba cheart Údarás um páirtithe agus fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha (“an tÚdarás”) a bhunú chun déileáil le clárú, le rialú agus le smachtbhannaí i gcás páirtithe polaitiúla Eorpacha agus fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha. Ba cheart go mbeadh sé riachtanach clárú a dhéanamh chun go bhfaighfí stádas dlíthiúil Eorpach lena ngabhann sraith de chearta agus oibleagáidí. Chun aon choinbhleachta leasanna féideartha a sheachaint, ba cheart go mbeadh an tÚdarás neamhspleách.
- (9) Ba cheart go leagfaí síos na nósanna imeachta atá le leanúint ag páirtithe polaitiúla Eorpacha agus a bhfondúireachtaí polaitiúla Eorpacha cleamhnaithe chun stádas dlíthiúil Eorpach a fháil de bhun an Rialacháin seo, mar aon leis na nósanna imeachta agus na critéir atá le hurramú agus cinneadh á dhéanamh faoi cibé acu a bhronnfar nó nach mbronnfar an stádas dlíthiúil Eorpach sin. Is gá freisin na nósanna imeachta a leagan síos le haghaidh cásanna ina ndéanadh páirtí polaitiúil Eorpach nó fondúireacht pholaitiúil Eorpach a stádas dlíthiúil Eorpach a fhorghéilleadh, a chailleadh nó a thabhairt suas.
- (10) Chun formhaoirsiú ar na heintitis dhlíthiúla a bheidh faoi réir dlí an Aontais agus an dlí náisiúnta araon a éascú, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) a tharmligean chuig an gCoimisiún i dtaca le feidhmiú cláir de pháirtithe polaitiúla Eorpacha agus d'fhondúireachtaí polaitiúla Eorpacha atá le bainistiú ag an Údarás (“an Clár”), go háirithe a mhéid a bhaineann leis an bhfaisnéis agus leis na doiciméid tacaíochta a choinnítear sa Chlár. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal saineolaithe. Ba cheart don Choimisiún, le linn dó gníomhartha tarmligthe a ullmhú agus a tharraingt suas, a áirithiú go ndéanfar doiciméid ábhartha a chur chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle ar bhealach comhuaineach, tráthúil agus iomchuí.
- (11) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir leis an Rialachán seo a chur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún maidir le forálacha i ndáil le huimhíochas clárúcháin agus maidir le sleachta caighdeánacha ón gClár a bheidh le cur ar fáil ag an Údarás do thríú páirtithe nuair a iarrann siad an méid sin. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽³⁾.
- (12) Maidir leis na páirtithe polaitiúla Eorpacha agus a bhfondúireachtaí polaitiúla Eorpacha cleamhnaithe ar mhian leo aitheantas a fháil mar pháirtí nó fondúireacht den sórt sin ar leibhéal an Aontais trí bhithin stádas dlíthiúil Eorpach bheith acu agus ar mhian leo cistiú poiblí a fháil ó bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh, ba cheart dóibh prionsabail áirithe a urramú agus coinníollacha áirithe a chomhlíonadh. Go háirithe, ní mór do pháirtithe polaitiúla Eorpacha agus a bhfondúireachtaí polaitiúla Eorpacha cleamhnaithe na luachanna ar a bhfuil an tAontas Eorpach fothaithe a urramú, mar a chuirtear in iúl in Airteagal 2 CAE.
- (13) Maidir le cinntí chun páirtí polaitiúil Eorpach nó fondúireacht pholaitiúil Eorpach a dhíchúlú ar an bhforas nach bhfuil siad ag comhlíonadh na luachanna ar a bhfuil an tAontas Eorpach fothaithe, mar a chuirtear in iúl in Airteagal 2 CAE, níor cheart iad a dhéanamh ach amháin sa chás go ndéantar sárú follasach agus tromchúiseach ar na luachanna sin. Agus cinneadh chun díchláraithe á ghlacadh, ba cheart don Údarás lán-urraim a thabhairt don Chairt.
- (14) Ba cheart sraith d'fhorálacha bunúsacha a bheith i reacht páirtí pholaitiúil Eorpaigh nó i reacht fondúireachta polaitiúla Eorpaí. Ba cheart go gceadófaí do Bhallstáit ceanglais bhreise a fhorchur i leith reachtanna na bpáirtithe polaitiúla Eorpacha agus na bhfondúireachtaí polaitiúla Eorpacha a bhfuil a suíomh bunaithe acu ina gcriócha faoi seach, ar choinníoll nach bhfuil na ceanglais bhreise sin ar neamhréir leis an Rialachán seo.
- (15) Ba cheart don Údarás a fhíorú go tráthrialta go bhfuil na coinníollacha agus na ceanglais a bhaineann le clárú páirtithe polaitiúla Eorpacha agus fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha á gcomhlíonadh i gcónaí. Níor cheart cinntí a dhéanamh a bhaineann le hurramú na luachanna ar a bhfuil an tAontas Eorpach fothaithe, mar a chuirtear in iúl in Airteagal 2 CAE, ach i gcomhréir leis an nós imeachta atá ceaptha go sonrach chun na críche sin, agus tar éis dul i gcomhairle le coiste de dhaoine neamhspleacha oirirce.

⁽¹⁾ Rialachán (CE) Uimh. 2004/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Samhain 2003 maidir leis na rialacháin lena rialaítear páirtithe polaitiúla ar leibhéal Eorpach agus maidir leis na rialacha a bhaineann lena gcistiú (IO L 297, 15.11.2003, lch. 1).

⁽²⁾ IO C 296 E, 2.10.2012, lch. 46.

⁽³⁾ Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).

- (16) Is comhlacht den Aontas de réir bhrí Airteagal 263 CFAE atá san Údarás.
- (17) Ba cheart neamhspleáchas agus trédhearcacht an choiste de dhaoine neamhspleácha oirirce a ráthú.
- (18) Maidir leis an stádas dlíthiúil Eorpach a dheonaítear do pháirtithe polaitiúla Eorpacha agus dá bhfondúireachtaí cleamhnaithe, ba cheart go dtabharfadh sé sin cumas agus aitheantas dlíthiúil dóibh sna Ballstáit uile. Ní fhágann cumas dlíthiúil agus aitheantas dlíthiúil den sórt sin go bhfuil siad i dteideal iarrthóirí a ainmniú i dtoghcháin náisiúnta nó i dtoghcháin do Pharlaimint na hEorpa nó a bheith rannpháirteach i bhfeachtais reifrinn. Is faoi inniúlacht na mBallstát a fhanann an teideal sin nó aon teideal comhchosúil.
- (19) Ba cheart go mbeadh gníomhaíochtaí páirtithe polaitiúla Eorpacha agus fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha á rialú leis an Rialachán seo agus, le haghaidh nithe nach rialaítear leis an Rialachán seo, ba cheart go mbeidís á rialú le forálacha ábhartha an dlí náisiúnta sna Ballstáit. Ba cheart stádas dlíthiúil páirtí pholaitiúil Eorpaigh agus fondúireachta polaitiúla Eorpaí a rialú leis an Rialachán seo agus le forálacha infheidhme dhlí náisiúnta an Bhallstát ina bhfuil a suíomh ("Ballstát an tsuímh"). Ba cheart go bhféadfadh Ballstát an tsuímh an dlí infheidhme a shainiú ar bhonn *ex-ante* nó roghnachas a fhágáil faoi na páirtithe polaitiúla Eorpacha agus na fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha. Ba cheart freisin go bhféadfadh Ballstát an tsuímh ceanglais eile nó ceanglais bhreise a fhorchur thar na ceanglais sin a leagtar síos sa Rialachán seo, lena n-áirítear forálacha maidir le páirtithe agus fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha a chlárú mar pháirtí nó fondúireacht den sórt sin agus maidir lena gcomhtháthú isteach le córais riaracháin agus rialaithe náisiúnta agus maidir le heagar agus reachtanna na bpáirtithe agus na bhfondúireachtaí sin, lena n-áirítear i ndáil le dlíteanas, ar choinníoll nach bhfuil na forálacha sin ar neamhréir leis an Rialachán seo.
- (20) Mar ghné lárnach de stádas dlíthiúil Eorpach a bheith acu, ba cheart go mbeadh pearsantacht dhlítheanach Eorpach ag páirtithe polaitiúla Eorpacha agus ag fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha. Ba cheart go mbeadh fáil na pearsantachta dhlítheanaí Eorpaí faoi réir ceanglas agus nósanna imeachta chun cosaint a thabhairt do leasanna Bhallstáit an tsuímh, do leasanna an iarratasóra ar stádas dlíthiúil Eorpach ("an t-iarratasóir") agus do leasanna tríú páirtithe lena mbaineann. Go háirithe, ba cheart aon phearsantacht dhlítheanach náisiúnta a bhí ann roimhe sin a thiontú isteach ina pearsantacht dhlítheanach Eorpach agus ba cheart aon chearta agus oibleagáidí aonair a bhí á thabhtú ag an iar-eintiteas dhlítheanach náisiúnta a aistriú chuig an eintiteas dhlítheanach Eorpach nua. Thairis sin, chun leanúnachas gníomhaíochta a éascú, ba cheart coimirce a chur ann chun an Ballstát lena mbaineann a chosc ó choinníollacha coisctheacha a chur i bhfeidhm i dtaca le tiontú den sórt sin. Ba cheart go bhféadfadh Ballstát an tsuímh a shonrú cad iad na cineálacha daoine dhlítheanacha náisiúnta a fhéadfaidh tiontú chuig daoine dhlítheanacha Eorpacha agus a chomhaontú maidir le fáil na pearsantachta dhlítheanaí Eorpaí a choinneáil siar go dtí go dtugtar ráthaíochtaí leormhaithe, go háirithe, i dtaca le dlíthiúlacht reachtanna an iarratasóra faoi dhlíthe an Bhallstáit sin nó le cosaint creidiúnaithe nó sealbhóirí cearta eile i ndáil le haon phearsantacht dhlítheanach náisiúnta a bhí ann roimhe sin.
- (21) Ba cheart go mbeadh foirceannadh na pearsantachta dhlítheanaí Eorpaí faoi réir ceanglas agus nósanna imeachta chun cosaint a thabhairt do leasanna an Aontais Eorpaigh, Bhallstáit an tsuímh, an pháirtí pholaitiúil Eorpaigh nó na fondúireachta polaitiúla Eorpaí agus aon tríú páirtithe lena mbaineann. Go háirithe, más rud é go bhfaigheann an páirtí polaitiúil Eorpach nó an fhondúireacht pholaitiúil Eorpach pearsantacht dhlítheanach faoi dhlí an Bhallstáit ina bhfuil a shuíomh, ba cheart a mheas gurb ionann an méid sin agus tiontú na pearsantachta dhlítheanaí Eorpaí agus ba cheart aon chearta agus oibleagáidí aonair a bhí tabhaithe nó faighte faoi seach ag an iar-eintiteas dhlítheanach Eorpach a aistriú chuig an eintiteas dlíthiúil náisiúnta. Thairis sin, chun leanúnachas gníomhaíochta a éascú, ba cheart coimirce a chur ann chun an Ballstát lena mbaineann a chosc ó choinníollacha coisctheacha a chur i bhfeidhm ar thiontú den sórt sin. Más rud é nach bhfaigheann an páirtí polaitiúil Eorpach nó an fhondúireacht pholaitiúil Eorpach pearsantacht dhlítheanach sa Bhallstát ina bhfuil a shuíomh, ba cheart é nó í a fhoirceannadh i gcomhréir le dlí an Bhallstáit sin agus i gcomhréir leis an gcoinníoll a chuireann de cheanglas air nó uirthi gan dul sa tóir ar spriocanna brabúis. Ba cheart go bhféadfadh an tÚdarás agus Oifigeach Údarúcháin Pharlaimint na hEorpa rialacha mionsonraithe a chomhaontú leis an mBallstát lena mbaineann maidir leis an bpearsantacht dhlítheanach Eorpach a fhoirceannadh, go háirithe chun cistí a fuarthas as buiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh agus aon smachtbhannaí airgeadais eile a ghnóthú.
- (22) Más rud é go mainníonn páirtí polaitiúil Eorpach nó fondúireacht pholaitiúil Eorpach, ar bhonn tromchúiseach, an dlí náisiúnta ábhartha a chomhlíonadh agus má bhaineann an cheist le gnéithe a dhéanann difear d'urraim a thabhairt do na luachanna ar a bhfuil an tAontas fothaithe, mar a chuirtear in iúl in Airteagal 2 CAE, ba cheart don Údarás a chinneadh, arna iarraidh sin ag an mBallstát lena mbaineann, na nósanna imeachta a leagtar síos leis an Rialachán seo a chur i bhfeidhm. Thairis sin, ba cheart don Údarás a chinneadh, arna iarraidh sin ag Ballstát an tsuímh, go mbainfí den Chlár páirtí polaitiúil Eorpach nó fondúireacht pholaitiúil Eorpach a mhainniú, ar mhodh tromchúiseach, an dlí náisiúnta ábhartha a chomhlíonadh maidir le haon cheist eile.
- (23) Ba cheart incháilitheacht le haghaidh cistiú ó bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh a theorannú do pháirtithe polaitiúla Eorpacha agus a bhfondúireachtaí polaitiúla Eorpacha cleamhnaithe a fuair an t-aitheantas sin agus a bhfuil stádas dlíthiúil Eorpach faighte acu. Cé go bhfuil sé rithábachtach a áirithiú nach bhfuil na coinníollacha chun stádas páirtí pholaitiúil Eorpaigh a bhaint amach iomarcach ach gur féidir le comhaontais thrasnáisiúnta de pháirtithe polaitiúla nó de dhaoine nádúrtha nó díobh araon atá eagraithe agus dáiríre iad a chomhlíonadh gan

stró, is gá freisin critéir chomhréireacha a bhunú chun acmhainní teoranta ó bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh a leithdháileadh, ar chritéir iad lena léirítear go hoibiachtúil an uailmhian Eorpach agus an fhíortha-caíocht toghchánach atá ann do pháirtí polaitiúil Eorpach. Is fearr critéir den sórt sin a bheith bunaithe ar thoradh toghchán do Pharlaimint na hEorpa, a gceanglaítear ar na páirtithe polaitiúla Eorpacha agus ar a gcomhaltaí a bheith rannpháirteach iontu faoin Rialachán seo, lena dtugtar léiriú beacht ar aitheantas toghchánach páirtí pholaitiúil Eorpaigh. Ba cheart go léireodh sé sin an ról Pharlaimint na hEorpa mar ionadaí díreach do shaoránaigh an Aontais, arna sannadh di le hAirteagal 10(2) CAE, chomh maith leis an gcuspóir maidir le rannpháirteachas iomlán na bpáirtithe polaitiúla Eorpacha i saol daonlathach an Aontais agus lena bheith ina ngníomhaithe gníomhacha i ndaonlathas ionadaíoch na hEorpa, chun dearcadh, tuairimí agus toil pholaitiúil shaoránaigh an Aontais a chur in iúl go héifeachtach. Ba cheart incháilitheacht le haghaidh cistiú ó bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh a theorannú, dá bhrí sin, do pháirtithe polaitiúla Eorpacha a bhfuil duine amháin ar a laghad dá gcomhaltaí ina ionadaí dóibh i bParlaimint na hEorpa agus d'fhondúireachtaí polaitiúla Eorpacha a chuireann iarratas isteach trí pháirtí polaitiúil Eorpach a bhfuil duine amháin ar a laghad dá chomhaltaí ina ionadaí dóibh i bParlaimint na hEorpa.

- (24) D'fhonn trédhearcacht chistiú páirtithe polaitiúla Eorpacha a mhéadú, agus chun mí-úsáid fhéideartha na rialacha maidir le cistiú a sheachaint, ba cheart comhalta de Pharlaimint na hEorpa, chun críocha cistiúcháin amháin, a mheas a bheith ina chomhalta de pháirtí polaitiúil Eorpach amháin ar a mhéid, agus ba cheart i gcás inarb ábhartha, gur páirtí é a bhfuil a pháirtí polaitiúil náisiúnta nó réigiúnach cleamhnaithe leis ar an dáta deiridh le haghaidh chur isteach na n-iarratas ar mhaoiniú.
- (25) Ba cheart na nósanna imeachta atá le leanúint ag na páirtithe polaitiúla Eorpacha agus a bhfondúireachtaí polaitiúla Eorpacha cleamhnaithe agus iad ag cur isteach ar chistiú ó bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh a leagan síos, chomh maith leis na nósanna imeachta, critéir agus rialacha atá le hurramú agus cinneadh á dhéanamh maidir le cistiú den sórt sin a dheonú.
- (26) Ar mhaithe le neamhspleáchas, le cuntasacht agus le freagracht páirtithe polaitiúla Eorpacha agus fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha a fheabhsú, ba cheart cineálacha áirithe deonacháin agus ranníocaíochtaí ó fhoinsí eile seachas buiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh a thoirmeasc nó bheith faoi réir teorainneacha. Aon srian ar shaorghluaiseacht chaipitil a d'fhéadfadh a bheith ag gabháil leis na teorainneacha sin, tá bonn cirt leo ar fhorais an bheartais phoiblí agus tá dianghá leo chun na cuspóirí sin a bhaint amach.
- (27) Ba cheart do pháirtithe polaitiúla Eorpacha a bheith ábalta feachtais arna seoladh i gcomhthéacs toghchán do Pharlaimint na hEorpa a mhaoiniú agus ba cheart cistiú agus teorannú speansas toghcháin do pháirtithe agus d'iarrthóirí ag na toghcháin sin a bheith á rialú leis na rialacha is infheidhme i ngach Ballstát.
- (28) Maidir le páirtithe polaitiúla Eorpacha, níor cheart dóibh páirtithe polaitiúla eile, agus go háirithe páirtithe nó iarrthóirí náisiúnta, a chistiú go díreach ná go hindíreach. Maidir le fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha, níor cheart dóibh páirtithe polaitiúla Eorpacha nó náisiúnta ná iarrthóirí Eorpacha nó náisiúnta a mhaoiniú, go díreach ná go hindíreach. Thairis sin, níor cheart do pháirtithe polaitiúla Eorpacha ná a bhfondúireachtaí polaitiúla Eorpacha cleamhnaithe feachtais reifrinn a mhaoiniú. Léiríonn na prionsabail sin a bhfuil i nDearbhú Uimh. 11 maidir le hAirteagal 191 den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh atá curtha i gceangal le hIonstraim Chríochnaitheach Chonradh Nice.
- (29) Ba cheart rialacha agus nósanna imeachta sonracha a leagan síos maidir le leithdháileadh na leithreasáí atá ar fáil gach bliain ó bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh, ag cur san áireamh, ar lámh amháin, líon na dtairbhíthe agus, ar an lámh eile, cion na gcomhaltaí tofa i bParlaimint na hEorpa de gach páirtí polaitiúil Eorpach is tairbhí agus, ag teacht as sin, a fhondúireacht pholaitiúil Eorpach chleamhnaithe faoi seach. Ba cheart go bhforálfai leis na rialacha sin do rialú dian trédhearcachta, cuntasáíochta, iniúchta agus airgeadais ar pháirtithe polaitiúla Eorpacha agus a bhfondúireachtaí polaitiúla Eorpacha cleamhnaithe, chomh maith le smachtbhannaí comhréireacha a fhorchur, lena n-áirítear sa chás ina ndéanann páirtí polaitiúil Eorpach nó fondúireacht pholaitiúil Eorpach sárú ar na luachanna ar a bhfuil an tAontas Eorpach fothaithe, mar a chuirtear in iúl in Airteagal 2 CAE.
- (30) Chun a áirithiú go gcomhlíonfar na hoibleagáidí a leagtar síos leis an Rialachán seo a mhéid a bhaineann le cistiú agus caiteachas páirtithe polaitiúla Eorpacha agus fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha, agus a mhéid a bhaineann le nithe eile, is gá sásraí rialaithe éifeachtacha a bhunú. Chuige sin, ba cheart don Údarás, d'Oifigeach Údarúcháin Pharlaimint na hEorpa agus do na Ballstáit comhoibriú lena chéile agus an fhaisnéis uile is gá a mhálartú lena chéile. Ba cheart comhar frithpháirteach i measc údaráis na mBallstát a spreagadh freisin chun rialú éifeachtach agus éifeachtúil na n-oibleagáidí a eascraíonn as an dlí náisiúnta is infheidhme a áirithiú.
- (31) Is gá foráil a dhéanamh do chóras smachtbhannaí atá soiléir, láidir agus athchomhairleach chun a áirithiú go ndéanfar na hoibleagáidí maidir le gníomhaíochtaí páirtithe polaitiúla Eorpacha agus fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha a chomhlíonadh ar mhodh éifeachtach, comhréireach agus aonfhoirmeach. Ba cheart don chóras sin prionsabal *ne bis in idem* a urramú, ar prionsabal é lena leagtar síos nach féidir smachtbhannaí a fhorchur faoi dhó maidir leis an gcion céanna. Is gá freisin a shainiú cad iad na ról faoi seach atá ag an Údarás agus ag Oifigeach Údarúcháin Pharlaimint na hEorpa maidir le rialú agus fíorú a dhéanamh ar chomhlíonadh an Rialacháin seo agus freisin cad iad na sásraí comhair a bheidh ann idir iad agus údaráis na mBallstát.

- (32) Ar mhaithe le cuidiú le feachtas pholaitiúil Eorpach a mhúscailt i measc na saoránach agus le trédhearcacht an phróisis thoghchánaigh Eorpaigh a chur chun cinn, féadfaidh páirtithe polaitiúla Eorpacha na nasc idir iad féin agus a bpáirtithe polaitiúla náisiúnta cleamhnaithe mar aon lena a n-iarrthóirí a chur in iúl do shaoránaigh le linn na dtoghchán do Pharlaimint na hEorpa.
- (33) Ar chúiseanna trédhearcachta, agus chun grinnscrúdú agus cuntasacht dhaonlathach na bpáirtithe polaitiúla Eorpacha agus na bhfondúireachtaí polaitiúla Eorpacha a neartú, ba cheart go bhfoilseofaí faisnéis a meastar leas substaintiúil phoiblí a bheith ag gabháil léi, a bhaineann go háirithe lena reachtanna, lena gcomhaltas, lena ráitis airgeadais, lena ndeontóirí agus deonacháin, lena ranníocaíochtaí agus leis na deontais a fhaigheann siad ó bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh, chomh maith le faisnéis a bhaineann le cinntí a dhéanann an tÚdarás agus Oifigeach Údarúcháin Pharlaimint na hEorpa maidir le clárú, le cistiú agus le smachtbhannaí. Creat rialála a bhunú lena áirithiú go mbeidh an fhaisnéis sin ar fáil ag an bpobal, is é sin an bealach is éifeachtaí chun machaire comhréidh agus iomaíocht chothrom a áirithiú idir fórsaí polaitiúla, agus chun próisis thoghchánaigh agus reachtacha atá oscailte, trédhearcach agus daonlathach a choinneáil ar siúl, agus ar an tslí sin muinín na saoránach agus na vótálaithe sa daonlathas ionadaíoch Eorpach a neartú agus, ar bhonn níos leithne, calaois agus mí-úsáidí cumhachta a chosc.
- (34) I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, níor cheart go mbeadh feidhm ag an oibleagáid i dtaca le céannacht deontóirí atá ina ndaoine nádúrtha a fhoilsiú maidir le deonacháin atá comhionann le EUR 1 500, nó níos lú ná sin, in aghaidh na bliana agus in aghaidh an deontóra. Thairis sin, níor cheart go mbeadh feidhm ag oibleagáid den sórt sin maidir le deonacháin ar mó a luach ná EUR 1 500 in aghaidh na bliana nó atá cothrom nó níos lú ná EUR 3 000 mura rud é go dtoilíonn an deontóir roimh ré i scríbhinn lena bhfoilsiú. Déantar leis na tairisí seo iarmhéid an chuntais a dhearbhu idir, ar thaobh amháin, an ceart bunúsach chun sonraí pearsanta a chosaint agus, ar an taobh eile, an leas poiblí dlisteanach maidir le trédhearcacht i ndáil le maoiniú páirtithe agus fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha atá sna tairseacha sin, mar a léirítear i moltaí idirnáisiúnta chun éilliú i dtaca le maoiniú páirtithe nó fondúireachtaí polaitiúla a sheachaint. Trí dheonacháin atá os cionn EUR 3 000 in aghaidh na bliana agus in aghaidh an deontóra a nochtadh, ba cheart go bhféadfaidh sé sin gur féidir grinnscrúdú agus rialú poiblí éifeachtach a dhéanamh ar an gcaidreamh idir deontóirí agus páirtithe polaitiúla Eorpacha. Chomh maith leis sin, i gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, ba cheart faisnéis faoi dheonacháin a fhoilsiú go bliantúil, ach amháin le linn feachtas toghcháin do Pharlaimint na hEorpa nó i gcás deonachán is mó ná EUR 12 000 agus sna cásanna sonracha sin ba cheart iad a fhoilsiú go gasta.
- (35) Leis an Rialachán seo urramaítear na cearta bunúsacha agus comhlíontar na prionsabail atá cumhdaithe sa Chairt, go háirithe Airteagal 7 agus Airteagal 8 de ina ndearbhaítear go bhfuil an ceart ag gach duine go ndéanfar a shaol nó a saol príobháideach a urramú agus go ndéanfar na sonraí pearsanta a bhaineann leis nó léi a chosaint, agus ní mór an Rialachán seo a chur chun feidhme agus lánurraim á tabhairt do na cearta agus do na prionsabail sin.
- (36) Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁾, tá feidhm aige maidir leis an bpróiseáil sonraí pearsanta a dhéanann an tÚdarás, Parlaimint na hEorpa agus an coiste de dhaoine neamhspleácha oirice i gcur i bhfeidhm an Rialacháin seo.
- (37) Treoir 95/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽²⁾, tá feidhm aici maidir le próiseáil sonraí pearsanta a déantar i gcur i bhfeidhm an Rialacháin seo.
- (38) Ar mhaithe leis an deimhneacht dhlíthiúil, is iomchuí a shoiléiriú gurb iad an tÚdarás, Parlaimint na hEorpa, na páirtithe polaitiúla Eorpacha agus na fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha, na húdaráis náisiúnta atá inniúil chun rialú a dhéanamh ar ghnéithe a bhaineann le maoiniú páirtithe polaitiúla Eorpacha agus fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha agus tríú páirtithe ábhartha eile dá dtagraítear nó dá bhforáiltear sa Rialachán seo a mheastar a bheith ina rialaitheoirí sonraí de réir de bhrí Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 nó Threoir 95/46/CE. Is gá freisin an uastréimhse a shonrú a bhféadfaidh siad na sonraí pearsanta arna mbailiú chun críocha dhlíthiúlacht, rialtacht agus thrédhearcacht chistiú na bpáirtithe polaitiúla Eorpacha agus na bhfondúireachtaí polaitiúla Eorpacha a áirithiú a choinneáil lena linn. Ina gcáil mar rialaitheoirí sonraí, ní mór don Údarás, do Pharlaimint na hEorpa, do na páirtithe polaitiúla Eorpacha agus fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha, do na húdaráis inniúla náisiúnta agus do na tríú páirtithe ábhartha na bearta iomchuí uile a dhéanamh chun oibleagáidí a fhorchuirtear le Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus le Treoir 95/46/CE a chomhlíonadh, go háirithe na hoibleagáidí a bhaineann le dlíthiúlacht na próiseála, le slándáil na ngníomhaíochtaí próiseála, le soláthar faisnéise agus le cearta na ndaoine a mbaineann na sonraí leo rochtain a fháil ar a sonraí pearsanta, agus lena chur faoi deara a gcuid sonraí pearsanta a cheartú agus sciosadh.

⁽¹⁾ Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2000 maidir le cosaint daoine aonair i ndáil le sonraí pearsanta a bheith á bpróiseáil ag institiúidí agus ag comhlachtaí an Chomhphobail agus maidir le saorghluaiseacht na sonraí sin (IO L 8, 12.1.2001, lch. 1).

⁽²⁾ Treoir 95/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Deireadh Fómhair 1995 maidir le daoine aonair a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin (IO L 281, 23.11.1995, lch. 31).

- (39) Tá feidhm ag Caibidil III de Threoir 95/46/CE maidir le leigheasanna breithiúnacha, dliteanas agus smachtbhannaí i ndáil leis an bpróiseáil sonraí a dhéantar i gcur i bhfeidhm an Rialacháin seo. Ba cheart na húdaráis náisiúnta inniúla nó na tríú páirtithe ábhartha a bheith faoi dhliteanas i gcomhréir leis an dlí náisiúnta is infheidhme maidir le haon damáiste a dhéanann siad. Sa bheis air sin, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go mbeidh na húdaráis náisiúnta inniúla nó na tríú páirtithe ábhartha faoi réir smachtbhannaí iomchuí i leith sáruithe ar an Rialachán seo.
- (40) An tacaíocht theicniúil a thugann Parlaimint na hEorpa do pháirtithe polaitiúla Eorpacha, ba cheart í a bheith bunaithe ar phrionsabal na córa comhionainne, ba cheart í a sholáthar in aghaidh sonraisc agus íocaíochta agus ba cheart í a bheith faoi réir tuarascála poiblí rialta.
- (41) Ba cheart faisnéis lárnach maidir le cur i bhfeidhm an Rialacháin seo a bheith ar fáil go poiblí ar shuíomh gréasáin tiomnaithe.
- (42) Cuideoidh rialú breithiúnach arna dhéanamh ag Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh le cur i bhfeidhm ceart an Rialacháin seo a áirithiú. Ba cheart forálacha a dhéanamh freisin a thabharfadh cead do pháirtithe polaitiúla Eorpacha nó d'fhondúireachtaí polaitiúla Eorpacha éisteacht a fháil agus bearta ceartaitheacha a dhéanamh sula ndéantar smachtbhanna a fhorchur orthu.
- (43) Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go bhfuil na forálacha náisiúnta fabhrach chun an Rialachán seo a chur i bhfeidhm go héifeachtach.
- (44) Ba cheart dóthain ama a thabhairt do na Ballstáit le forálacha a ghlacadh lena ndéanfaí cur i bhfeidhm rianúil agus éifeachtúil an Rialacháin seo a áirithiú. Ba cheart, dá bhrí sin, foráil a dhéanamh d'idirthréimhse idir teacht i bhfeidhm an Rialacháin seo agus a chur i bhfeidhm.
- (45) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí agus ghlac sé tuairim ⁽¹⁾.
- (46) I bhfianaise an ghá atá le hathruithe agus breisithe suntasacha a chur leis na rialacha agus na nósanna imeachta is infheidhme maidir le páirtithe polaitiúla agus fondúireachtaí polaitiúla ar an leibhéal Eorpach, ba cheart Rialachán (CE) Uimh. 2004/2003 a aisghairm,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

CAIBIDIL I

FORÁLACHA GINEARÁLTA

Airteagal 1

Ábhar

Leagtar síos sa Rialachán seo na coinníollacha lena rialaítear reacht agus cistiú páirtithe polaitiúla ar an leibhéal Eorpach ("páirtithe polaitiúla Eorpacha") agus fondúireachtaí polaitiúla ar an leibhéal Eorpach ("fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha").

Airteagal 2

Sainmhínithe

Chun críocha an Rialacháin seo:

- (1) ciallaíonn "páirtí polaitiúil" comhlachas de shaoránaigh:
 - a shaothraíonn cuspóirí polaitiúla, agus
 - a aithnítear i ndlíchóras Ballstáit amháin ar a laghad, nó atá bunaithe i gcomhréir leis an dlíchóras sin;
- (2) ciallaíonn "comhaontas polaitiúil" comhar struchtúrtha idir páirtithe polaitiúla agus/nó saoránaigh;
- (3) ciallaíonn "páirtí polaitiúil Eorpach" comhaontas polaitiúil a shaothraíonn cuspóirí polaitiúla agus atá cláraithe leis an Údarás um páirtithe agus fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha a bhunaítear le hAirteagal 6, i gcomhréir leis na coinníollacha agus na nósanna imeachta a leagtar síos sa Rialachán seo;
- (4) ciallaíonn "fondúireacht pholaitiúil Eorpach" eintiteas atá cleamhnaithe go foirmiúil le páirtí polaitiúil Eorpach, atá cláraithe leis an Údarás i gcomhréir leis na coinníollacha agus na nósanna imeachta a leagtar síos sa Rialachán seo, agus a dhéanann trína gníomhaíochtaí, faoi réir bhrí na n-aidhmeanna agus na luachanna bunúsacha a shaothraíonn an tAontas Eorpach, bonn taca a thabhairt do chuspóirí an pháirtí pholaitiúil Eorpaigh, agus na cuspóirí sin a chomhlánú, trí cheann amháin nó roinnt de na cúraimí seo a leanas a chur i gcrích:
 - (a) an díospóireacht faoi shaincheistean beartais phoiblí Eorpaigh agus próiseas an lánpháirtithe Eorpaigh a bhreathnú, a anailísiú agus cur léi;

⁽¹⁾ IO C 253, 3.9.2013, lch. 12.

- (b) gníomhaíochtaí atá nasctha le saincheisteanna beartais phoiblí Eorpaigh a fhorbairt, amhail seimineáir, oiliúint, comhdhálacha agus staidéir ar na saincheisteanna sin idir geallsealbhóirí ábhartha, lena n-áirítear eagraíochtaí óige agus ionadaithe eile na sochaí sibhialta, iad a eagrú agus tacú leo;
- (c) comhar a fhorbairt chun daonlathas, lena n-áirítear daonlathas i dtríú tíortha, a chur chun cinn;
- (d) fónamh mar chreat le haghaidh fondúireachtaí polaitiúla náisiúnta, acadóirí agus gníomhaithe ábhartha eile oibriú le chéile ar an leibhéal Eorpach;
- (5) ciallaíonn “parlaimint réigiúnach” nó “tionól réigiúnach” comhlacht a bhfuil sainordú toghchánach réigiúnach ag a chomhaltaí nó atá cuntasach go polaitiúil do thionól tofa;
- (6) ciallaíonn “cistiú ó bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh” deontas a dhámhtar i gcomhréir le Teideal VI de Chuid a hAon nó ranníocaíocht a dhámhtar i gcomhréir le Teideal VIII de Chuid Dó de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁾ (“an Rialachán Airgeadais”);
- (7) ciallaíonn “deonachán” aon tairiscint d’airgead tirim, aon tairiscint chomhchineáil, aon earraí, seirbhísí (lena n-áirítear iasachtaí) agus/nó oibreacha a sholáthar faoi bhun luach an mhargaidh chomh maith le hidirbheart ar bith eile arb ionann iad agus buntáiste eacnamaíoch don pháirtí polaitiúil Eorpach nó don fhondúireacht pholaitiúil Eorpach lena mbaineann, cé is moite de ranníocaíochtaí ó chomhaltaí agus de ghnáthghníomhaíochtaí polaitiúla a dhéanann daoine aonair ar bhonn saorálach;
- (8) ciallaíonn “ranníocaíocht ó chomhaltaí” aon íocaíocht in airgead tirim, lena n-áirítear táillí comhaltais, nó aon ranníocaíocht comhchineáil, nó aon earraí, seirbhísí (lena n-áirítear iasachtaí) nó oibreacha a sholáthar faoi bhun luach an mhargaidh agus/nó le hidirbheart ar bith eile arb ionann é agus buntáiste eacnamaíoch don pháirtí polaitiúil Eorpach nó don fhondúireacht pholaitiúil Eorpach lena mbaineann, nuair is é an páirtí polaitiúil Eorpach nó an fhondúireacht pholaitiúil Eorpach nó duine dá gcuid comhaltaí faoi seach a sholáthraíonn é, cé is moite de ghnáthghníomhaíochtaí polaitiúla a dhéanann daoine aonair ar bhonn saorálach;
- (9) chun críocha Airteagal 20 agus Airteagal 27, ciallaíonn “buiséad bliantúil” méid iomlán an chaiteachais i mbliain ar leith amhail mar a thuairiscítear i ráitis airgeadais bhliantúla an pháirtí pholaitiúil Eorpaigh nó na fondúireachta polaitiúla Eorpaí lena mbaineann;
- (10) ciallaíonn “Pointe Teagmhála Náisiúnta” ceann de na pointí idirchaidrimh ainmnithe le haghaidh saincheisteanna a bhaineann leis an mbunachar sonraí lárnach maidir le heisiamh dá dtagraítear in Airteagal 108 den Rialachán Airgeadais agus in Airteagal 144 de Rialachán Tarmilgthe (AE) Uimh. 1268/2012 ón gCoimisiún ⁽²⁾, nó aon duine nó daoine eile atá ainmnithe go sonrach ag na húdaráis ábhartha sna Ballstáit chun faisnéis a mhalartú i gcur i bhfeidhm an Rialacháin seo;
- (11) ciallaíonn “suíomh” an suíomh ina bhfuil a riarachán lárnach ag an bpáirtí polaitiúil Eorpach nó ag an bhfondúireacht pholaitiúil Eorpach;
- (12) ciallaíonn “sáruihte comhthráthacha” dhá shárú nó níos mó a dhéantar mar chuid den ghníomhaíocht neamhdhleathach céanna;
- (13) ciallaíonn “athshárú” sárú a rinneadh laistigh de thréimhse cúig bliana ó forchuireadh smachtbhanna ar dhéantóir an tsáraithe as cion den chineál céanna

CAIBIDIL II

REACT DO PHÁIRTITHE POLAITIÚLA EORPACHA AGUS D’FHONDÚIREACHTAÍ POLAITIÚLA EORPACHA

Airteagal 3

Coinníollacha maidir le clárú

1. Beidh comhaontas polaitiúil i dteideal clárú mar pháirtí polaitiúil Eorpach faoi réir na gcoinníollacha seo a leanas:
- (a) ní mór go mbeadh a shuíomh i mBallstát de réir mar a thugtar le fios ina reachtanna,
- (b) ní mór dó nó dá chuid comhaltaí a bheith ionadaithe, in aon cheathrú de na Ballstáit ar a laghad, ag comhaltaí Pharlaimint na hEorpa, Parlaimintí náisiúnta, Parlaimintí réigiúnacha nó thionóil réigiúnacha, nó
- ní mór go mbeadh faighte aige nó ag a bhallpháirtithe, in aon cheathrú de na Ballstáit ar a laghad, trí faoin gcéad ar a laghad de na vótaí a caitheadh i ngach ceann de na Ballstáit sin ag na toghcháin is deireanaí do Pharlaimint na hEorpa;

⁽¹⁾ Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme i ndáil le buiséad ginearálta an Aontais agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 1605/2002 ón gComhairle (IO L 298, 26.10.2012, lch. 1).

⁽²⁾ Rialachán Tarmilgthe (AE) Uimh. 1268/2012 ón gCoimisiún an 29 Deireadh Fómhair 2012 maidir le rialacha chur i bhfeidhm Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme i ndáil le buiséad ginearálta an Aontais (IO L 362, 31.12.2012, lch. 1).

- (c) ní mór go gcomhlíonadh sé, go háirithe ina chlár agus ina ghníomhaíochtaí, na luachanna ar a bhfuil an tAontas Eorpach fothaithe mar a chuirtear in iúl in Airteagal 2 CAE, eadhon, meas ar dhínit an duine, ar an tsaoirse, ar an daonlathas, ar an gcomhionannas, ar an smacht reachta agus meas ar chearta an duine, lena n-áirítear na cearta atá ag daoine ar de ghrúpaí mionlaigh iad;
 - (d) ní mór dó nó dá chomhaltaí páirt a bheith glactha aige nó acu i dtoghcháin do Pharlaimint na hEorpa, nó a rún a chur in iúl go poiblí go bhfuil sé beartaithe acu páirt a ghlacadh sna chéad toghcháin eile do Pharlaimint na hEorpa; agus
 - (e) ní fhéadfaidh sé spriocanna brabúis a shaothrú.
2. Beidh iarratasóir i dteideal clárú mar pháirtí polaitiúil Eorpach faoi réir na gcoinníollacha seo a leanas:
- (a) ní mór dó a bheith cleamhnaithe le páirtí polaitiúil Eorpach atá cláraithe i gcomhréir leis na coinníollacha agus na nósanna imeachta a leagtar síos sa Rialachán seo;
 - (b) ní mór go mbeadh a shuíomh i mBallstát de réir mar a thugtar le fios ina reachtanna;
 - (c) ní mór go gcomhlíonadh sé, go háirithe ina chlár agus ina ghníomhaíochtaí, na luachanna ar a bhfuil an tAontas Eorpach fothaithe mar a chuirtear in iúl in Airteagal 2 CAE, eadhon, meas ar dhínit an duine, ar an tsaoirse, ar an daonlathas, ar an gcomhionannas, ar an smacht reachta agus meas ar chearta an duine, lena n-áirítear na cearta atá ag daoine ar de ghrúpaí mionlaigh iad;
 - (d) ní mór dá chuspóirí a bheith ag comhlánú cuspóirí an pháirtí pholaitiúil Eorpaigh a bhfuil sé cleamhnaithe go foirmiúil leis;
 - (e) ní mór go mbeadh a chomhlacht rialaithe comhdhéanta de chomhaltaí ó aon cheathrú de na Ballstáit ar a laghad; agus
 - (f) ní fhéadfaidh sé spriocanna brabúis a shaothrú.
3. Ní féidir le páirtí polaitiúil Eorpach ach aon fhondúireacht pholaitiúil Eorpach amháin a bheith cleamhnaithe go foirmiúil leis. Déanfaidh gach páirtí polaitiúil Eorpach agus gach fondúireacht pholaitiúil Eorpach chleamhnaithe a áirithiú go ndéantar deighilt idir a mbainistíocht ó lá go lá, a struchtúir rialaithe agus a gcuntais airgeadais faoi seach.

Airteagal 4

Rialachas páirtithe polaitiúla Eorpacha

1. Déanfaidh reachtanna páirtí pholaitiúil Eorpaigh an dlí is infheidhme sa Bhallstát ina bhfuil a shuíomh a chomhlíonadh agus áireofar sna reachtanna sin forálacha a chuimsíonn an méid seo a leanas ar a laghad:
 - (a) a ainm agus a lógó, nach mór gur féidir é a idirdhealú go soiléir ó ainm agus lógó aon pháirtí pholaitiúil Eorpaigh nó aon fhondúireachta polaitiúla Eorpaí atá ann cheana;
 - (b) seoladh a shuímh;
 - (c) clár polaitiúil ina bhfuil a aidhm agus a chuspóirí leagtha amach;
 - (d) ráiteas, i gcomhréir le pointe (e) d'Airteagal 3(1), nach bhfuil sé ag dul sa tóir ar spriocanna brabúis;
 - (e) i gcás inarb ábhartha, ainm a fhondúireachta polaitiúla cleamhnaithe agus tuairisc ar an gcaidreamh foirmiúil atá eatarthu;
 - (f) a eagar agus nósanna imeachta riaracháin agus airgeadais, ina sonraítear go háirithe na comhlachtaí agus na hoifigí a shealbhaíonn cumhachtaí riaracháin, airgeadais agus ionadaíochta dlíthiúla mar aon leis na rialacha maidir leis na cuntais bhliantúla a bhunú, a fhormheas agus a fhíorú; agus
 - (g) an nós imeachta inmheánach a bheidh le leanúint i gcás ina dtarlaíonn a dhíscaoileadh deonach mar pháirtí polaitiúil Eorpach.
2. Áireofar i reachtanna páirtí pholaitiúil Eorpaigh forálacha maidir le heagar inmheánach an pháirtí a chuimsíonn an méid seo a leanas ar a laghad:
 - (a) rialacha mionsonraithe maidir le ligean isteach, éirí as oifig agus eisiamh a chomhaltaí, agus beidh liosta de na ballpháirtithe i gceangal leis na reachtanna;
 - (b) na cearta agus na dualgais a gabhann le gach cineál comhaltais agus na cearta vótála ábhartha;
 - (c) cumhachtaí, freagrachtaí agus comhdhéanamh a chomhlachtaí rialaithe, á shonrú le haghaidh gach ceann díobh na critéir chun iarrthóirí a roghnú agus na rialacha mionsonraithe dá gceapadh agus dá ndífhostú;
 - (d) a phróisis chinnteoireachta inmheánacha go háirithe na nósanna imeachta vótála agus na ceanglais chóraithe;
 - (e) a chur chuige maidir le trédhearcacht, go sonrach i ndáil le leabharchoimeád, le cuntais agus deonacháin, le príobháideacht agus le cosaint sonraí pearsanta; agus
 - (f) an nós imeachta inmheánach chun a reachtanna a leasú.

3. Féadfaidh Ballstát an tsuímh ceanglais bhreise a fhorchur i leith na reachtanna, ar choinníoll nach bhfuil na ceanglais bhreise sin ar neamhréir leis an Rialachán seo.

Airteagal 5

Rialachas fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha

1. Déanfaidh reachtanna fondúireachta polaitiúla Eorpaí an dlí is infheidhme sa Bhallstát ina bhfuil a suíomh a chomhlíonadh agus áireofar sna reachtanna sin forálacha a chuimsíonn an méid seo a leanas ar a laghad:

- (a) a hainm agus a lógó, nach mór gur féidir é a idirdhealú go soiléir ó ainm agus lógó aon pháirtí pholaitiúil Eorpaigh nó aon fhondúireachta polaitiúla Eorpaí atá ann cheana;
- (b) seoladh a suímh;
- (c) tuairisc ar a cuspóirí agus ar a haidhm, nach mór dóibh bheith comhoiriúnach leis na cúraimí a liostaítear i bpointe (4) d'Airteagal 2;
- (d) ráiteas, i gcomhréir le pointe (f) d'Airteagal 3(2), nach bhfuil siad ag saothrú spriocanna brabúis;
- (e) ainm an pháirtí pholaitiúil Eorpaigh a bhfuil sí cleamnaithe go díreach leis, agus tuairisc ar an gcaidreamh foirmiúil atá eatarthu;
- (f) liosta dá comhlachtaí, á shonrú le haghaidh gach ceann díobh a chumhachtaí, a fhreagrachtaí agus a chomhdhéanamh, lena n-áirítear na rialacha mionsonraithe do cheapadh agus do dhífhostú chomhaltaí agus bainisteoirí na gcomhlachtaí sin;
- (g) a heagar agus nósanna imeachta riaracháin agus airgeadais, ina sonraítear go háirithe na comhlachtaí agus na hoifigí a shealbhaíonn cumhachtaí riaracháin, airgeadais agus ionadaíochta dlíthiúla mar aon leis na rialacha maidir leis na cuntais bhliantúla a bhunú, a fhormheas agus a fhíorú;
- (h) an nós imeachta inmheánach chun a reachtanna a leasú; agus
- (i) an nós imeachta inmheánach a bheidh le leanúint i gcás ina dtarlaíonn a díscáileadh deonach mar fhondúireacht pholaitiúil Eorpach.

2. Féadfaidh Ballstát an tsuímh ceanglais bhreise a fhorchur i leith na reachtanna, ar choinníoll nach bhfuil na ceanglais bhreise sin ar neamhréir leis an Rialachán seo.

Airteagal 6

Údarás um Páirtithe Polaitiúla Eorpacha agus um Fondúireachtaí Polaitiúla Eorpacha

1. Déantar Údarás um Páirtithe Polaitiúla Eorpacha agus um Fondúireachtaí Polaitiúla Eorpacha (“an tÚdarás”) a bhunú leis seo ar mhaithe le clárú, rialú agus forchur smachtbhannaí i ndáil le páirtithe polaitiúla Eorpacha agus fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha.

2. Beidh pearsantacht dhlítheanach ag an Údarás. Beidh sé neamhspleách agus déanfaidh sé a chuid feidhmeanna a fheidhmiú i lánchomhlíonadh an Rialacháin seo.

Is é an tÚdarás a dhéanfaidh cinneadh maidir le páirtithe polaitiúla Eorpacha agus fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha a chlárú agus a dhíchlarú i gcomhréir leis na nósanna imeachta agus na coinníollacha a leagtar síos sa Rialachán seo. Sa bheis air sin, déanfaidh an tÚdarás a fhíorú go tráthrialta go bhfuil na coinníollacha maidir le clárú a leagtar síos in Airteagal 3 agus na forálacha maidir le rialachas a leagtar amach i gcomhréir le pointe (a), pointe (b) agus pointe (d) go pointe (f) d'Airteagal 4(1) agus le pointe (a) go pointe (e) agus pointe (g) d'Airteagal 5(1) á gcomhlíonadh i gcónaí ag na páirtithe polaitiúla Eorpacha agus ag na fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha atá cláraithe.

Ina chinntí, tabharfaidh an tÚdarás lánaird ar an gceart bunúsach um shaoirse comhlachais agus ar an ngá atá le hiolrachas páirtithe polaitiúla san Eoraip a áirithiú.

Is é a Stiúrthóir a dhéanfaidh ionadaíocht ar an Údarás agus is é a dhéanfaidh cinntí uile an Údaráis thar a cheann.

3. Ar bhonn tograí arna ndéanamh ag coiste roghnúcháin a bheidh comhdhéanta d'Ard-Rúnaithe Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus an Choimisiúin (dá dtagraítear go comhpháirteach mar “an t-údarás ceapacháin”), agus tar éis glao oscailte ar iarrthóirí, déanfaidh na hinstiitúidí sin, de thoil a chéile, Stiúrthóir an Údaráis a cheapadh ar feadh téarma neamh-inathnuaite cúig bliana.

Déanfar Stiúrthóir an Údaráis a roghnú ar bhonn a chuid nó a cuid cáilíochtaí pearsanta agus proifisiúnta. Ní comhalta de chuid Parlaimint na hEorpa a bheidh ann nó inti, ní shealbhóidh sé nó sí aon sainordú toghchánacha ná ní bheidh sé nó sí ina fhostaí nó ina fostaí reatha ná ina iarfhostaí nó ina hiarfhostaí de pháirtí polaitiúil Eorpach nó d'fhondúireacht pholaitiúil Eorpach. Ní bheidh aon choinbhleacht leasa i gceist leis an Stiúrthóir a cheapfar idir a chuid dualgas mar Stiúrthóir an Údaráis agus aon dualgaís oifigiúla eile, go háirithe a mhéid a bhaineann le cur i bhfeidhm fhorálacha an Rialacháin seo.

I gcás folúntas a thagann ann de bharr éirí as oifig, scoir, dífhostaithe nó báis, líonfar é i gcomhréir leis an nós imeachta chéanna.

I gcás ina ndéanfar Stiúrthóir nua a cheapadh ar an ngnáthbhealach nó i gcás ina n-éireoidh an Stiúrthóir as oifig dá dheoin nó dá deoin féin, leanfaidh an Stiúrthóir dá chuid nó dá cuid feidhmeanna go dtí go bhfuil an duine atá le teacht ina áit nó ina háit tosaithe ar a chúraimí nó ar a cúraimí.

Más rud é nach gcomhlíonann Stiúrthóir an Údaráis a thuilleadh na coinníollacha atá riachtanach do chomhall a chuid nó a cuid dualgas, féadfar é nó í a dhífhostú ar chomhthoil phéire ar a laghad de na trí institiúid dá dtagraítear sa chéad fhomhír agus ar bhonn tuarascála arna tarraingt suas ag an gcoiste roghnúcháin dá dtagraítear sa chéad fhomhír, bíodh an tuarascáil sin tarraingthe suas ar thionscnamh an choiste féin nó arna iarraidh sin ag aon cheann de na trí institiúid.

Beidh Stiúrthóir an Údaráis neamhspleách i gcomhall a chuid nó a cuid dualgas. Nuair a bhíonn an Stiúrthóir ag gníomhú thar ceann an Údaráis, ní iarrfaidh sé nó sí teagasc ná ní ghlacfaidh sé nó sí teagasc ó aon institiúid nó rialtas ná ó aon chomhlacht, oifig nó gníomhaireacht. Staonfaidh Stiúrthóir an Údaráis ó aon ghníomh atá ar neamhréir le nádúr a chuid nó a cuid dualgas.

A mhéid a bhaineann leis an Stiúrthóir, déanfaidh Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún na cumhachtaí a thugtar don údarás ceapacháin le Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh (agus Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile de chuid an Aontais) a leagtar síos i Rialachán (CEE, Euratom, CEEG) Uimh. 259/68 ⁽¹⁾ a fheidhmiú go comhpháirteach. Gan dochar do chinntí maidir le ceapadh agus dífhostú, féadfaidh na trí institiúid a chomhaontú feidhmiú cuid de na cumhachtaí eile a thugtar don údarás ceapacháin, nó iad uile, a chur ar iontaobh ceachtar de na hinstitiúidí féin.

Féadfaidh an t-údarás ceapacháin cúraimí eile a shannadh ar an Stiúrthóir, ar choinníoll nach bhfuil na cúraimí sin ar neamhréir leis an ualach oibre a eascraíonn as a chuid nó a cuid dualgas mar Stiúrthóir don Údarás agus nach dóigh go gcruthóidh sé aon choinbheacht leasa nó nach dóigh go gcuirfidh sé neamhspleáchas iomlán an Stiúrthóra i mbaol.

4. Beidh suíomh fisiceach an Údaráis i bParlaimint na hEorpa, agus soláthróidh an Pharlaimint na hoifigí is gá agus na saoráidí tacaíochta riaracháin is gá don Údarás.

5. Tabharfaidh foireann ó cheann amháin nó níos mó d'institiúidí an Aontais cúnamh do Stiúrthóir an Údaráis. Nuair a bheidh siad ag obair don Údarás, gníomhóidh an fhoireann sin faoi údarás aonair Stiúrthóir an Údaráis.

Ní fhéadfaidh a bheith mar thoradh ar roghnú na foirne go mbeadh an baol ann go gcruthófaí coinbheacht leasa idir dualgais an Údaráis agus aon dualgais oifigiúla eile, agus staonfaidh an fhoireann ó aon ghníomh atá ar neamhréir le nádúr a gcuid dualgas.

6. Déanfaidh an tÚdarás comhaontuithe a thabhairt i gcrích le Parlaimint na hEorpa, agus más iomchuí le hinstitiúidí eile, maidir le haon socrúithe riaracháin atá riachtanach chun go gcomhlíonadh an tÚdarás a chuid cúraimí, go háirithe comhaontuithe maidir le foireann, le seirbhísí agus le tacaíocht arna cur ar fáil de bhun mhír 4, mhír 5 agus mhír 8.

7. Déanfar na leithreasaí do chaiteachas an Údaráis a sholáthar faoi Theideal ar leithligh sa Roinn do Pharlaimint na hEorpa de bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh. Beidh na leithreasaí leordhóthanach chun oibriú iomlán agus neamhspleách an Údaráis a áirithiú. Déanfaidh an Stiúrthóir dréachtphlean buiséadach don Údarás a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus poibleofar an dréachtphlean sin. Déanfaidh Parlaimint na hEorpa dualgais Oifigigh Údaraithe i ndáil leis na leithreasaí sin a tharmligean chuig Stiúrthóir an Údaráis.

8. Beidh feidhm ag Rialachán Uimh. 1 ón gComhairle ⁽²⁾ maidir leis an Údarás.

Soláthróidh Lárionad Aistriúcháin Chomhlachtaí an Aontais Eorpaigh na seirbhísí aistriúcháin a theastóidh chun go bhfeidhmeoidh an tÚdarás agus an Clár.

9. Déanfaidh an tÚdarás agus Oifigeach Údarúcháin Pharlaimint na hEorpa an fhaisnéis uile atá riachtanach d'fhorghníomhú a gcuid freagrachtaí faoi seach faoin Rialachán seo a chomhroinnt lena chéile.

10. Déanfaidh an Stiúrthóir tuarascáil maidir le gníomhaíochtaí an Údaráis a thíolacadh go bliantúil chuig Parlaimint na hEorpa, don Chomhairle agus don Choimisiún.

11. Déanfaidh Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh léirmheas ar dhlíthiúlacht chinntí an Údaráis i gcomhréir le hAirteagal 263 CFAE agus beidh dlínse aici i ndíospóidí maidir leis an gcúiteamh i ndamáiste a raibh an tÚdarás ina shiocair leis i gcomhréir le hAirteagal 268 agus 340 CFAE. Más rud é go mainníonn an tÚdarás cinneadh a dhéanamh i gcás ina bhfuil sé de cheangal air leis an Rialachán seo é sin a dhéanamh, féadfar caingeán i gcoinne neamhghnímh a thabhairt os comhair Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh i gcomhréir le hAirteagal 265 CFAE.

⁽¹⁾ IO L 56, 4.3.1968, lch. 1.

⁽²⁾ Rialachán Uimh. 1 ón gComhairle an 15 Aibreán 1958 ag cinneadh na dteangacha atá le húsáid ag Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa (IO 17, 6.10.1958, lch. 385).

*Airteagal 7***Clár do Pháirtithe agus Fondúireachtaí Polaitiúla Eorpacha**

1. Déanfaidh an tÚdarás Clár do pháirtithe polaitiúla Eorpacha agus d'fhondúireachtaí polaitiúla Eorpacha a bhunú agus a bhainistiú. Beidh faisnéis ón gClár ar fáil ar líne i gcomhréir le hAirteagal 32.
2. Chun feidhmiú rianúil an Chláir a áirithiú, cumhachtófar don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 36, agus laistigh de raon feidhme fhorálacha ábhartha an Rialacháin seo, a bhaineann leis an méid seo a leanas:
 - (a) an fhaisnéis agus na doiciméid tacaíochta atá ar seilbh an Údaráis agus arb é an Clár a bheidh ina thaisclann inniúil dóibh, ar a n-áireofar reachtanna páirtí pholaitiúil Eorpach nó fondúireachta polaitiúla Eorpaí, doiciméid ar bith eile a thíolactar mar chuid d'iarratais ar chlárú i gcomhréir le hAirteagal 8(2), doiciméid ar bith a fuarthas ó Bhallstát an tsuimh amhail dá dtagraítear in Airteagal 15(2), agus faisnéis maidir le céannacht na ndaoine ar comhaltaí iad de chomhlachtaí nó a shealbhaíonn oifigí ag a bhfuil cumhachtaí riaracháin, airgeadais agus ionadaíochta dlíthiúla, amhail dá dtagraítear i bpointe (f) d'Airteagal 4(1) agus i bpointe (g) d'Airteagal 5(1);
 - (b) ábhair ón gClár amhail dá dtagraítear i bpointe (a) den mhír seo arb é an Clár a bheidh inniúil chun dlíthiúlacht a dheimhniú de réir mar a bhunaíonn an tÚdarás é de bhun a inniúlachtaí faoin Rialachán seo. Ní bheidh an tÚdarás inniúil chun fíorú a dhéanamh cibé a bhfuil páirtí polaitiúil Eorpach nó fondúireacht pholaitiúil Eorpach ag comhlíonadh aon oibleagáide nó ceanglais a fhorchuirtear ar an bpáirtí nó ar an bhfondúireacht lena a mbaineann ag Ballstát an tsuimh de bhun Airteagal 4, Airteagal 5 agus Airteagal 14(2) orthu agus ar oibleagáid nó ceanglas é atá sa bheis ar na hoibleagáidí agus na ceanglais a leagtar síos sa Rialachán seo.
3. Déanfaidh an Coimisiún trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme na mionsonraí a shonrú i dtaobh an uimhir-chórais chlárúcháin atá le cur i bhfeidhm ag an gClár agus i dtaobh sleachta caighdeánacha as an gClár atá le cur ar fáil ag an gClár do thríú páirtithe nuair a iarrann siad é, lena n-áirítear a bhfuil i litreacha agus i ndoiciméad. Ní bheidh sonraí pearsanta san áireamh i sleachta den sórt sin cé is moite de chéannacht na ndaoine atá ina gcomhaltaí de chomhlachtaí nó a shealbhaíonn oifigí ag a bhfuil cumhachtaí riaracháin, airgeadais agus ionadaíochta dlíthiúla, amhail dá dtagraítear i bpointe (f) d'Airteagal 4(1) agus i bpointe (g) d'Airteagal 5(1). Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 37.

*Airteagal 8***Iarratas ar chlárú**

1. Déanfar aon iarratas ar chlárúcháin a chomhdú leis an Údarás. Maidir le hiarratas ar chlárú mar fhondúireacht pholaitiúil Eorpach, is tríd an bpáirtí pholaitiúil Eorpach lena bhfuil an t-iarratasóir cleamhnaithe go foirmiúil, agus tríd sin amháin, a dhéanfar an t-iarratas a chomhdú.
2. Beidh an méid seo a leanas ag gabháil leis an iarratas:
 - (a) doiciméid lena gcruthaítear go gcomhlíonann an t-iarratasóir na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 3, lena n-áirítear dearbhú foirmiúil caighdeánach san fhoirm a leagtar amach san Iarscríbhinn;
 - (b) reachtanna an pháirtí nó na fondúireachta, ina bhfuil na forálacha is gá de réir Airteagal 4 agus Airteagal 5, lena n-áirítear na hiarscríbhinní ábhartha agus, i gcás inarb infheidhme, ráiteas ó Bhallstát an tsuimh, dá dtagraítear in Airteagal 15(2).
3. Cumhachtófar don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 36 agus de réir raon feidhme fhorálacha ábhartha an Rialacháin seo:
 - (a) chun aon fhaisnéis bhreise nó aon doiciméad tacaíochta a bhaineann le mír 2 a shainaithint lena chur ar chumas an Údaráis a chuid freagrachtaí a chomhall faoin Rialachán seo a mhéid a bhaineann le hoibriú an Chláir;
 - (b) chun an dearbhú foirmiúil caighdeánach atá san Iarscríbhinn a leasú i ndáil le sonraí atá le líonadh isteach ag an iarratasóir i gcás inarb gá sin chun a áirithiú go bhfuil faisnéis leordhóthanach á sealbhú maidir leis an sínitheoir, lena shainordú nó lena sainordú agus leis an bpáirtí polaitiúil Eorpach nó leis an bhfondúireacht pholaitiúil Eorpach óna bhfuil sainordú aige nó aici ionadaíocht a dhéanamh chun críocha an dearbhaithe.
4. Doiciméid a chuirtear faoi bhráid an Údaráis mar chuid den iarratas, déanfar iad a fhoilsiú láithreach ar an suíomh gréasáin dá dtagraítear in Airteagal 32.

*Airteagal 9***Scrúdú an iarratais agus cinneadh an Údaráis**

1. Scrúdóidh an tÚdarás an t-iarratas chun a chinneadh an gcomhlíonann an t-iarratasóir na coinníollacha le haghaidh cláraithe a leagtar síos in Airteagal 3 agus an bhfuil na forálacha a cheanglaítear le hAirteagal 4 agus le hAirteagal 5 sna reachtanna.
2. Glacfaidh an tÚdarás cinneadh go ndéanfar an t-iarratasóir a chlárú, mura rud é go suíonn sé nach bhfuil na coinníollacha le haghaidh cláraithe a leagtar síos in Airteagal 3 á gcomhlíonadh ag an iarratasóir nó nach bhfuil na forálacha a cheanglaítear le hAirteagal 4 agus le hAirteagal 5 sna reachtanna.

Maidir le cinneadh an Údaráis an t-iarratasóir a chlárú, foilseoidh sé é laistigh d'aon mhí amháin ó fhaightear an t-iarratas ar chlárú nó, i gcás inarb infheidhme na nósanna imeachta a leagtar amach in Airteagal 15(4), foilseofar é laistigh de cheithre mhí ó fhaightear an t-iarratas ar chlárú.

I gcás ina mbíonn an t-iarratas neamhiomlán, déanfaidh an tÚdarás, gan mhoill, a iarraidh ar an iarratasóir aon fhaisnéis bhreise atá ag teastáil a thíolacadh. Chun críche an sprioc-ama a leagtar síos sa dara fómhír, ní thosóidh an tréimhse ach amháin ón dáta a bhfaighidh an tÚdarás an t-iarratas iomlán.

3. Measfar gur leor don Údarás an dearbhú foirmiúil caighdeánach dá dtagraítear i bpointe (a) d'Airteagal 8(2) chun a shuíomh go gcomhlíonann an t-iarratasóir na coinníollacha a shonraítear i bpointe (c) d'Airteagal 3(1) nó i bpointe (c) d'Airteagal 3(2), cibé acu is infheidhme.

4. Maidir le cinneadh an Údaráis iarratasóir a chlárú, déanfar é a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* in éineacht le reachtanna an pháirtí nó na fondúireachta lena mbaineann. Maidir le cinneadh gan iarratasóir a chlárú, déanfar é a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* in éineacht le forais mhionsonraithe don diúltú.

5. Déanfar aon leasuithe ar na doiciméid nó na reachtanna arna dtíolacadh mar chuid den iarratas ar chlárú i gcomhréir le hAirteagal 8(2) a chur i bhfógra chuig an Údarás agus déanfaidh an tÚdarás an clárú a nuashonrú i gcomhréir leis na nósanna imeachta a leagtar amach in Airteagal 15(2) agus (4), *mutatis mutandis*.

6. Déanfar liosta nuashonraithe de bhallpháirtithe páirtí pholaitiúil Eorpaigh, a bheidh i gceangal le reachtanna an pháirtí i gcomhréir le hAirteagal 4(2), a chur chuig an Údarás gach bliain. Aon athruithe a bhféadfadh sé nach gcomhlíonfaidh an páirtí polaitiúil Eorpach an coinníoll a leagtar síos i bpointe (b) d'Airteagal 3(1)(b) a thuilleadh dá n-éis, déanfar iad a chur in iúl don Údarás laistigh de cheithre seachtaine ó tharlaíonn athrú den sórt sin.

Airteagal 10

Comhlíonadh coinníollacha agus ceanglais an chláraithe a fhíorú

1. Gan dochar don nós imeachta a leagtar síos i mír 3, déanfaidh an tÚdarás a fhíorú go tráthrialta go bhfuil na coinníollacha maidir le clárú a leagtar síos in Airteagal 3 agus na forálacha maidir le rialachas a leagtar amach i bpointe (a), pointe (b) agus pointe (d) go pointe (f) d'Airteagal 4(1) agus i bpointe (a) go pointe (e) agus pointe (g) d'Airteagal 5(1) á gcomhlíonadh i gcónaí ag páirtithe polaitiúla Eorpacha agus ag fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha atá cláraithe.

2. Má fheictear don Údarás nach bhfuil aon cheann de na coinníollacha don chlárú nó aon cheann de na forálacha rialachais dá dtagraítear i mír 1, cé is moite de na coinníollacha i bpointe (c) d'Airteagal 3(1) agus i bpointe (c) d'Airteagal 3(2), á gcomhlíonadh a thuilleadh, tabharfaidh sé fógra ina thaobh sin don pháirtí nó fondúireacht polaitiúil Eorpach lena mbaineann.

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle nó an Coimisiún iarraidh ar fhíorú an bhfuil páirtí polaitiúil Eorpach ar leith nó fondúireacht pholaitiúil Eorpach ar leith ag comhlíonadh na gcoinníollacha a leagtar síos i bpointe (c) d'Airteagal 3(1) agus i bpointe (c) d'Airteagal 3(2) a thaisceadh leis an Údarás. I gcásanna den sórt sin agus sna cásanna dá dtagraítear i bpointe (a) d'Airteagal 16(3), iarraidh an tÚdarás ar an gcoiste de dhaoine oirice neamhspleácha arna bhunú le hAirteagal 11 tuairim a thabhairt uaidh ar an ábhar. Tabharfaidh an Coiste a thuairim uaidh laistigh de dhá mhí.

I gcás ina bhfaighidh an tÚdarás fios faoi fhíorais a d'fhéadfadh amhras a chruthú i dtaobh gan na coinníollacha a leagtar síos i bpointe (c) d'Airteagal 3(1)(c) agus i bpointe (c) d'Airteagal 3(2) a bheith á gcomhlíonadh ag páirtí polaitiúil Eorpach ar leith nó ag fondúireacht pholaitiúil Eorpach ar leith, cuirfidh sé an méid sin in iúl do Pharlaimint na hEorpa, don Chomhairle agus don Choimisiún d'fhonn deis a thabhairt do cheachtar acu iarraidh ar fhíorú, amhail dá dtagraítear sa chéad fhomhír, a thaisceadh. Gan dochar don chéad fhomhír, déanfaidh Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún a rún intinne ina leith sin a chur in iúl laistigh de dhá mhí ón bhfaisnéis sin a fháil.

Na nósanna imeachta a leagtar amach sa chéad fhomhír agus sa dara fómhír, ní dhéanfar iad a thionscnamh laistigh de thréimhse dhá mhí roimh na toghcháin do Pharlaimint na hEorpa.

Ag féachaint don tuairim ón gcoiste, cinnfidh an tÚdarás cibé a ndéanfaidh sé an páirtí polaitiúil Eorpach lena mbaineann nó an fondúireacht pholaitiúil Eorpach lena mbaineann a dhíchlarú. Beidh réasúnú cuí ag gabháil le cinneadh an Údaráis.

Maidir le cinneadh ón Údarás díchlárú a dhéanamh ar fhorais neamhchomhlíonta na gcoinníollacha a leagtar amach i bpointe (c) d'Airteagal 3(1) nó i bpointe (c) d'Airteagal 3(2), ní fhéadfar é a ghlacadh ach amháin i gcás gur ann do shárú follasach agus tromchúiseach ar na coinníollacha sin. Beidh sé faoi réir an nós imeachta a leagtar amach i mír 4.

4. Maidir le cinneadh ón Údarás páirtí nó fondúireacht polaitiúil Eorpach a dhíchlarú ar an bhforas gur ann do shárú follasach agus tromchúiseach a mhéid a bhaineann le comhlíonadh na gcoinníollacha a leagtar amach i bpointe (c) d'Airteagal 3(1) nó i bpointe (c) d'Airteagal 3(2), déanfar é a chur in iúl do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle. Ní thiocfaidh an cinneadh i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa agus ag an gComhairle laistigh de thréimhse thrí mhí tar éis an cinneadh a chur in iúl do Pharlaimint na hEorpa agus don

Chomhairle nó más rud é, roimh dheireadh na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. I gcás go ndéanann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle agóid, fanfaidh an páirtí nó an fhondúireacht polaitiúil Eorpach cláraithe.

Ní féidir le Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle agóid a dhéanamh in aghaidh an chinnidh ach amháin ar fhorálacha a bhaineann le measúnú chomhlíonadh na gcoinníollacha maidir le chlárú a leagtar amach i bpointe (c) d'Airteagal 3(1) agus i bpointe (c) d'Airteagal 3(2).

Cuirfear in iúl don pháirtí polaitiúil Eorpach lena mbaineann nó don fhondúireacht pholaitiúil Eorpach lena mbaineann go ndearnadh agóid in aghaidh an chinnidh ón Údarás é nó í a dhíchlarú.

Déanfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle seasamh a ghlacadh i gcomhréir lena rialacha cinnteoireachta faoi seach de réir mar atá leagtha síos i gcomhréir leis na Conarthaí. Beidh réasúnú cuí ag gabháil le haon agóid agus poibleofar í.

5. Maidir le cinneadh ón Údarás páirtí polaitiúil Eorpach nó fondúireacht pholaitiúil Eorpach a dhíchlarú, agus nach ndearnadh agóid in aghaidh an chinnidh faoin nós imeachta a leagtar síos i mír 4, foilseofar é in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, mar aon le forais mhionsonraithe don díchlárú, agus tiocfaidh an cinneadh i bhfeidhm trí mhí tar éis dháta an fhoilsithe sin.

6. Forghéillfidh fondúireacht pholaitiúil Eorpach a stádas mar fhondúireacht den sórt sin go huathoibríoch má bhaintear an páirtí polaitiúil Eorpach lena bhfuil sí cleamnaithe den Chlár.

Airteagal 11

Coiste de dhaoine neamhspleácha oirirce

1. Bunaítear leis seo coiste de dhaoine neamhspleácha oirirce. Beidh sé comhdhéanta de sheisear comhaltaí, mar a ndéanfaidh Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún beirt chomhaltaí an ceann a cheapadh. Déanfar comhaltaí an Choiste a roghnú ar bhonn a gcuid cáilíochtaí pearsanta agus proifisiúnta. Ní comhaltaí de chuid Pharlaimint na hEorpa, den Chomhairle nó den Choimisiún a bheidh iontu, ní shealbhóidh siad aon sainordú toghchánacha, ní bheidh siad ina n-oifigigh nó ina seirbhísigh eile den Aontas Eorpach ná ní bheidh siad ina bhfostaithe reatha nó ina n-iarfhostaithe de pháirtí polaitiúil Eorpach nó d'fhondúireacht pholaitiúil Eorpach.

Beidh comhaltaí an choiste neamhspleách i bhfeidhmiú a ndualgas. Ní iarrfaidh na comhaltaí teagasc ná ní ghlacfaidh siad teagasc ó aon institiúid nó rialtas ná ó aon chomhlacht, oifig nó gníomhaireacht eile agus staonfaidh siad ó aon ghníomh atá ar neamhréir le nádúr a ndualgas.

Déanfar an coiste a athnuachan laistigh de shé mhí tar éis dheireadh an chéad seisiúin de Pharlaimint na hEorpa i ndiaidh gach toghcháin do Pharlaimint na hEorpa. Ní bheidh sainordú na gcomhaltaí in-athnuaite.

2. Glacfaidh an coiste a rialacha nós imeachta féin. Déanfaidh a chomhaltaí as a measc cathaoiríoch an choiste a thoghadh de réir na rialacha sin. Soláthróidh Parlaimint na hEorpa rúnaíocht agus cistiú an choiste. Is faoi údarás an choiste, agus faoi sin amháin, a ghníomhóidh rúnaíocht an choiste.

3. I gcás ina n-iarrfaidh an tÚdarás air é sin a dhéanamh, tabharfaidh an coiste tuairim uaidh maidir le haon sárú follasach agus tromchúiseach a dhéanfaidh páirtí polaitiúil Eorpach nó fondúireacht pholaitiúil Eorpach ar na luachanna ar a bhfuil an tAontas fothaithe, amhail dá dtagraítear i bpointe (c) d'Airteagal 3(1)(c) agus i bpointe (c) d'Airteagal 3(2). Chuige sin, féadfaidh an coiste aon doiciméad ábhartha agus aon fhianaise a iarraidh ón Údarás, ó sheirbhísí Pharlaimint na hEorpa, ón bpáirtí polaitiúil Eorpach lena mbaineann nó ón bhfondúireacht pholaitiúil Eorpach lena mbaineann, ó pháirtithe polaitiúla eile, ó fhondúireachtaí polaitiúla nó ó gheallsealbhóirí eile agus féadfaidh siad a iarraidh go dtabharfaí éisteacht dá n-ionadaithe.

Ina thuairimí, tabharfaidh an coiste lánaird ar an gceart bunúsach um shaoirse comhlachais agus ar an ngá atá le hiolrachas páirtithe polaitiúla san Eoraip a áirithiú.

Foilseofar tuairimí an choiste gan mhoill.

CAIBIDIL III

STÁDAS DLÍTHIÚIL PÁIRTITHE POLAITIÚLA EORPACHA AGUS FONDÚIREACHTAÍ POLAITIÚLA EORPACHA

Airteagal 12

Pearsantacht dhlítheanach

Beidh pearsantacht dhlítheanach Eorpach ag páirtithe polaitiúla Eorpacha agus ag fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha.

*Airteagal 13***Aitheantas dlíthiúil agus inniúlacht dhlíthiúil**

Beidh aitheantas dlíthiúil agus inniúlacht dhlíthiúil ag páirtithe polaitiúla Eorpacha agus ag fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha sna Ballstáit uile.

*Airteagal 14***An dlí is infheidhme**

1. Beidh páirtithe polaitiúla Eorpacha agus fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha á rialú leis an Rialachán seo.
2. Maidir le nithe nach bhfuil rialáilte ag an Rialachán seo nó, i gcás nach rialálann sé nithe ach go páirteach, maidir leis na gnéithe sin nach bhfuil cumhdaithe leis, beidh páirtithe polaitiúla Eorpacha agus fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha á rialú ag forálacha infheidhme an dlí naisiúnta sa Bhallstát ina bhfuil a suíomhanna faoi seach.

Beidh na gníomhaíochtaí a dhéanann páirtithe polaitiúla Eorpacha agus fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha i mBallstáit eile á rialú ag rialacha náisiúnta ábhartha na mBallstát sin.

3. Maidir le nithe nach bhfuil rialáilte ag an Rialachán seo ná ag na forálacha is infheidhme de bhun mhír 2 nó, i gcás nach rialálann sé nithe ach go páirteach, maidir leis na gnéithe sin nach bhfuil cumhdaithe leis, beidh páirtithe polaitiúla Eorpacha agus fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha á rialú ag forálacha a reachtanna faoi seach.

*Airteagal 15***Pearsantacht dhlítheanach Eorpach a fháil**

1. Gheobhaidh páirtí polaitiúil Eorpach nó fondúireacht pholaitiúil Eorpach pearsantacht dhlítheanach Eorpach an dáta a bhfoilséofar an cinneadh ón Údarás chun é nó í a chlárú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, de bhun Airteagal 9.
2. Má éilíonn an Ballstát ina bhfuil a shuíomh ag an iarratasóir ar chlárúcháin mar pháirtí polaitiúil Eorpach nó mar fhondúireacht pholaitiúil amhlaidh, beidh ag gabháil leis an iarratas, arna chur isteach de bhun Airteagal 8, ráiteas arna eisiúint ag an mBallstát sin á dheimhniú gur chomhlíon an t-iarratasóir na ceanglais náisiúnta ábhartha uile maidir leis an iarratas, agus go bhfuil a reachtanna i gcomhréir leis an dlí is infheidhme dá dtagraítear sa chéad fhomhír d'Airteagal 14(2).
3. I gcás ina dteachtann an t-iarratasóir pearsantacht dhlítheanach faoi dhlí a Bhallstáit, measfaidh an Ballstát sin gurb ionann fáil na pearsantachta dhlítheanaí Eorpaí agus an phearsantacht dhlítheanach náisiúnta a thiontú go pearsantacht dhlítheanach Eorpach chomharbach. Déanfaidh an phearsantacht dhlítheanach Eorpach na cearta agus oibleagáidí a bhí cheana ag an iar-eintiteas dhlítheanach náisiúnta a choimeád go hiomlán agus scoirfidh an t-eintiteas dhlítheanach náisiúnta de bheith ar marthain. Ní chuirfidh an Ballstát lena mbaineann coinníollacha coisctheacha i bhfeidhm i gcomhthéacs an tiontaithe sin. Coimeádfaidh an t-iarratasóir a shuíomh sa Bhallstát lena mbaineann go dtí go mbeidh cinneadh i gcomhréir le hAirteagal 9 foilsithe.
4. Má éilíonn an Ballstát ina bhfuil a shuíomh ag an iarratasóir amhlaidh, ní shocróidh an tÚdarás an dáta foilsithe dá dtagraítear i mír 1 ach amháin tar éis dul i gcomhairle leis an mBallstát sin.

*Airteagal 16***Pearsantacht dhlítheanach Eorpach a fhoirceannadh**

1. Déanfaidh páirtí polaitiúil Eorpach nó fondúireacht pholaitiúil Eorpach a phearsantacht dhlítheanach Eorpach a chailleadh ar theacht i bhfeidhm do chinneadh an Údaráis é nó í a bhaint den Chlár mar a fhoilsítear in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. Tiocfaidh an cinneadh i bhfeidhm trí mhí tar éis an fhoilsithe sin mura rud é go n-iarrann an páirtí polaitiúil Eorpach nó an fhondúireacht pholaitiúil Eorpach lena mbaineann tréimhse níos giorra.
2. Bainfear páirtí polaitiúil Eorpach nó fondúireacht pholaitiúil Eorpach den Chlár trí chinneadh ón Údarás:
 - (a) mar thoradh ar chinneadh arna ghlacadh de bhun Airteagal 10(2) go (5);
 - (b) sna cúinsí dá bhforáiltear in Airteagal 10(6);
 - (c) ar iarraidh ón bpáirtí polaitiúil Eorpach nó ón bhfondúireacht pholaitiúil Eorpach lena mbaineann;
 - (d) sna cásanna dá dtagraítear i bpointe (b) den chéad fhomhír de mhír 3 den Airteagal seo;
3. Má mhainnigh páirtí polaitiúil Eorpach nó fondúireacht pholaitiúil Eorpach go tromchúiseach na hoibleagáidí ábhartha faoin dlí náisiúnta, is infheidhme de bhua an chéad fhomhír d'Airteagal 14(2), a chomhlíonadh, féadfaidh an Ballstát ina bhfuil an suíomh iarraidh chuí-réasúnaithe le haghaidh díchlárú a dhíriú chuig an Údarás, arb iarraidh é nach mór go sainaithneofaí leis go beacht agus go cuimsitheach na gníomhaíochtaí mídhleathacha agus na riachtanaí shonracha náisiúnta nár comhlíonadh. Sna cásanna sin, déanfaidh an tÚdarás an méid seo a leanas:

- (a) i dtaobh nithe a bhaineann go heisiach nó den chuid is mó le heilimintí a dhéanann difear d'urramú na luachanna ar a bhfuil an tAontas Eorpach fothaithe mar atá luaite in Airteagal 2 CAE, nós imeachta fíorúcháin a thionscnamh i gcomhréir le hAirteagal 10(3). Beidh feidhm freisin ag Airteagal 10(4), (5) agus (6);
- (b) le haghaidh aon ní eile, agus nuair a dhearbhóidh an iarraidh réasúnaithe ón mBallstát lena mbaineann go bhfuil na leigheasanna náisiúnta go léir ídithe, a chinneadh an páirtí polaitiúil Eorpach nó an fhondúireacht pholaitiúil Eorpach lena mbaineann a bhaint den Chlár.

Má mhainnigh páirtí polaitiúil nó fondúireacht pholaitiúil Eorpach go tromchúiseach na hoibleagáidí ábhartha faoin dlí náisiúnta, is infheidhme de bhua an dara fomhír d'Airteagal 14(2), a chomhlíonadh, agus má bhaineann an ní sin go heisiach nó den chuid is mó le heilimintí a dhéanann difear d'urramú na luachanna ar a bhfuil an tAontas Eorpach fothaithe mar atá luaite in Airteagal 2 CAE, féadfaidh an Ballstát lena mbaineann iarraidh a dhíriú chuig an Údarás i gcomhréir le forálacha na chéad fhomhíre den mhír seo. Leanfaidh an tÚdarás ar aghaidh i gcomhréir le pointe (a) den chéad fhomhír den mhír seo.

I ngach cás, gníomhóidh an tÚdarás gan mhoill mhíchuí. Cuirfidh an tÚdarás an Ballstát lena mbaineann agus an páirtí polaitiúil Eorpach lena mbaineann nó an fhondúireacht pholaitiúil Eorpach lena mbaineann ar an eolas faoin obair leantach maidir leis an iarraidh réasúnaithe le haghaidh díchlárú.

4. Déanfaidh an tÚdarás an dáta foilsithe dá dtagraítear i mír 1 a leagan síos tar éis dul i gcomhairle leis an mBallstát ina bhfuil a shuíomh ag an bpáirtí polaitiúil Eorpach nó ag an bhfondúireacht pholaitiúil Eorpach.

5. Má fhaigheann an páirtí polaitiúil Eorpach nó an fhondúireacht pholaitiúil lena mbaineann Eorpach pearsantacht dhlítheanach faoi dhlí an Bhallstáit ina bhfuil a shuíomh nó a suíomh, measfaidh an Ballstát sin gurb ionann fáil den sórt sin agus an pearsantacht dhlítheanach Eorpach a thiontú go pearsantacht dhlítheanach náisiúnta a choimeádann go hiomlán na cearta agus na hoibleagáidí a bhí ann roimhe sin don iar-eintiteas dlítheanach Eorpach. Ní chuirfidh an Ballstát lena mbaineann coinníollacha coiscitheacha i bhfeidhm i gcomhthéacs an tiontaithe sin.

6. Mura bhfaigheann an páirtí polaitiúil Eorpach nó an fhondúireacht pholaitiúil Eorpach pearsantacht dhlítheanach faoi dhlí an Bhallstáit ina bhfuil a shuíomh nó a suíomh, déanfar an páirtí polaitiúil Eorpach nó an fhondúireacht pholaitiúil Eorpach a fhoirceannadh i gcomhréir leis an dlí is infheidhme an Bhallstát sin. Féadfaidh an Ballstát lena mbaineann a cheangal go mbeidh fáil pearsantachta dlítheanaí náisiúnta ag an bpáirtí nó ag an bhfondúireacht lena mbaineann roimh fhoirceannadh den sórt sin i gcomhréir le mír 5.

7. I ngach cás dá dtagraítear i mír 5 agus i mír 6, áiríteoidh an Ballstát lena mbaineann go bhfuil an coinníoll neamhbhrabúis a leagtar síos in Airteagal 3 á urramú go hiomlán. Féadfaidh an tÚdarás agus Oifigeach Údarúcháin Pharlaimint na hEorpa rialacha mionsonraithe a chomhaontú leis an mBallstát lena mbaineann maidir le pearsantacht dhlítheanach Eorpach a fhoirceannadh, go háirithe chun go n-áiríteofaí aisghabháil aon chistí a fuarthas as buiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh agus go n-íocfaí aon smachtbhannaí airgeadais arna bhforchur i gcomhréir le hAirteagal 27.

CAIBIDIL IV

FORÁLACHA MAIDIR LE CISTÍÚ

Airteagal 17

Coinníollacha maidir le cistiú

1. Maidir le páirtí polaitiúil Eorpach atá cláraithe i gcomhréir leis na coinníollacha agus na nósanna imeachta a leagtar síos sa Rialachán seo, arna ionadú i bParlaimint na hEorpa ag duine amháin dá chomhaltaí ar a laghad, agus nach bhfuil i gceann de na cásanna eisiaimh dá dtagraítear in Airteagal 106(1) den Rialachán Airgeadais, féadfaidh sé cur isteach ar chistiú ó bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh, i gcomhréir leis na téarmaí agus na coinníollacha a fhoilseoidh Oifigeach Údarúcháin Pharlaimint na hEorpa i nglao ar ranníocaíochtaí.

2. Maidir le fondúireacht pholaitiúil Eorpach atá cleamhnaithe le páirtí polaitiúil Eorpach atá incháilithe le cur isteach ar chistiú faoi mhír 1, atá cláraithe i gcomhréir leis na coinníollacha agus na nósanna imeachta an leagtar síos sa Rialachán seo agus nach bhfuil i gceann de na cásanna eisiaimh dá dtagraítear in Airteagal 106(1) den Rialachán Airgeadais, féadfaidh sí cur isteach ar chistiú ó bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh, i gcomhréir leis na téarmaí agus na coinníollacha a fhoilseoidh Oifigeach Údarúcháin Pharlaimint na hEorpa i nglao ar thograí.

3. Chun críocha incháilitheacht do chistiú ó bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh a chinneadh i gcomhréir le mír 1 den Airteagal seo agus le pointe (b) d'Airteagal 3(1) agus chun Airteagal 19(1) a chur i bhfeidhm, measfar Comhalta Pharlaimint na hEorpa a bheith ina chomhalta d'aon pháirtí polaitiúil Eorpach amháin, arb ionann é, i gcás inarb ábhartha, agus an ceann a bhfuil a pháirtí nó a páirtí polaitiúil náisiúnta nó réigiúnach cleamhnaithe ar an dáta deiridh le haghaidh iarratais ar chistiúcháin a chur isteach.

4. Ní bheidh ranníocaíochtaí airgeadais ná deontais ó bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh thar 85 % den chaiteachas inaisíoctha bliantúil arna léiriú i mbuiséad páirtí pholaitiúil Eorpaigh agus 85 % de na costais incháilitheacha arna dtabhú ag fondúireacht pholaitiúil Eorpach. Féadfaidh páirtithe polaitiúla Eorpacha aon chuid de ranníocaíocht an Aontais a dámhadh ach nár úsáideadh a úsáid chun caiteachas inaisíoctha laistigh den bhliain airgeadais tar éis a dhámhachtana a chlúdach. Déanfar suimeanna nár úsáideadh tar éis na bliana airgeadais sin a aisghabháil i gcomhréir leis an Rialachán Airgeadais.

5. Laistigh de na teorainneacha a leagtar amach in Airteagal 21 agus in Airteagal 22, áireofar le caiteachas is infíoctha trí ranníocaíocht airgeadais caiteachas riaracháin agus caiteachas atá nasctha le cúnamh teicniúil, le cruinnithe, le taighde, le himeachtaí trasteorann, le staidéir, le faisnéis agus foilseacháin, chomh maith le caiteachas atá nasctha le feachtais.

Airteagal 18

Iarratas ar chistiú

1. Ar mhaithe le cistiú a fháil ó bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh, déanfaidh páirtí polaitiúil Eorpach nó fondúireacht pholaitiúil Eorpach, a chomhlíonann coinníollacha Airteagal 17(1) nó (2) iarratas a chomhdú le Parlaimint na hEorpa tar éis glao ar ranníocaíochtaí nó tograí.

2. Ní mór don pháirtí polaitiúil Eorpach agus don fhondúireacht pholaitiúil Eorpach, tráth a iarratais nó a hiarratais, na hoibleagáidí atá liostaithe in Airteagal 23 a chomhlíonadh, agus, ó dháta an iarratais go dtí deireadh na bliana airgeadais nó na gníomhaíochta arna gcumhdach ag an ranníocaíocht nó deontas, fanacht faoi chlárú sa Chlár agus ní bheidh sé nó sí faoi réir aon cheann de na smachtbhannaí dá bhforáiltear in Airteagal 27(1) agus i bpointe (a), i bpointe (v) agus i bpointe (vi) Airteagal 27(2).

3. Áireoidh fondúireacht pholaitiúil Eorpach a clár oibre bliantúil ina hiarratas nó ina plean gníomhaíochta.

4. Glacfaidh Oifigeach Údarúcháin Pharlaimint na hEorpa cinneadh laistigh de thrí mhí tar éis an ghlaio ar ranníocaíochtaí nó an ghlaio ar thograí, agus údaróidh sé agus bainisteoidh sé na leithreasaí comhfhreagracha i gcomhréir leis an Rialachán Airgeadais.

5. Ní fheadfaidh fondúireacht pholaitiúil Eorpach iarratas a chur isteach ar chistiú ó bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh ach amháin tríd an bpáirtí polaitiúil Eorpach a bhfuil sí cleamhnaithe leis.

Airteagal 19

Critéir maidir le dhámhachtain agus dáileadh cistiúcháin

1. Déanfar na leithreasaí faoi seach atá ar fáil do na páirtithe polaitiúla Eorpacha sin agus do na fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha sin ar ar dhámhadh ranníocaíochtaí nó deontais i gcomhréir le hAirteagal 18 a dháileadh go bliantúil ar bhonn na heochrach dáilte seo a leanas:

— dáilfear 15 % ina scaireanna comhionanna i measc na bpáirtithe polaitiúla Eorpacha is tairbhíthe,

— dáilfear 85 % i gcomhréir lena sciar de chomhaltaí tofa Pharlaimint na hEorpa i measc na bpáirtithe polaitiúla Eorpacha is tairbhíthe.

Úsáidfear an eochair dháilte chéanna chun cistiú a dhámhachtain ar fhondúireachtaí polaitiúla Eorpacha, ar bhonn a gcleamhnachta le páirtí polaitiúil Eorpach.

2. Bunófar an dáileadh dá dtagraítear i mír 1 ar líon na gcomhaltaí tofa de chuid Pharlaimint na hEorpa ar comhaltaí iad den pháirtí polaitiúil Eorpach is iarrthóir ar an dáta deiridh le haghaidh iarratais ar cistiúchán a chur isteach, ag cur Airteagal 17(3) san áireamh.

Tar éis an dáta sin, ní dhéanfaidh aon athruithe ar an líon comhaltaí difear don sciar cistiúcháin faoi seach idir páirtithe polaitiúla Eorpacha nó fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha. Ní dochar don cheanglas in Airteagal 17(1) maidir le páirtí polaitiúil Eorpach a bheith ionadaithe i bParlaimint na hEorpa ag comhalta amháin ar a laghad dá chomhaltaí an méid sin.

Airteagal 20

Deonacháin agus ranníocaíochtaí

1. Féadfaidh páirtithe polaitiúla Eorpacha agus fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha deonacháin a ghlacadh ó dhaoine nádúrtha nó dlítheanacha suas le luach EUR 18 000 in aghaidh na bliana agus in aghaidh an deontóra.

2. Tráth a ráitis airgeadais bhliantúla a chur isteach i gcomhréir le hAirteagal 23, tarchuirfidh páirtithe polaitiúla Eorpacha agus fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha liosta na ndeonatóirí uile mar aon lena ndeonacháin comhfhreagracha, ag léiriú nádúr agus luach na ndeonachán aonair. Beidh feidhm ag an mír seo freisin maidir le ranníocaíochtaí arna ndéanamh ag ballpháirtithe de pháirtithe polaitiúla Eorpacha agus ag balleagraíochtaí d'fhondúireachtaí polaitiúla Eorpacha.

I gcás deonacháin ó dhaoine nádúrtha ar mó a luach ná EUR 1 500 agus atá faoi bhun EUR 3 000 nó comhionann leis, déanfaidh an páirtí polaitiúil Eorpach nó an fhondúireacht pholaitiúil Eorpach lena mbaineann a léiriú i dtaobh ar sholáthair na deontóirí comhfhreagracha toiliú roimh ré i scríbhinn iad a fhoilsiú i gcomhréir le pointe (e) d'Airteagal 32(1).

3. Déanfar deonacháin arna bhfáil ag páirtithe polaitiúla Eorpacha agus ag fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha laistigh de shé mhí roimh thoghcháin do Pharlaimint na hEorpa a thuairisciú i scríbhinn chuig an Údaráis ar bhonn seachtainiúil agus i gcomhréir le mír 2.

4. Déanfar deonacháin aonair ar mó a luach ná EUR 12 000 ar ghlac na páirtithe polaitiúla Eorpacha agus na fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha leo a thuairisciú láithreach i scríbhinn chuig an Údarás agus i gcomhréir le mír 2.
5. Ní ghlacfaidh páirtithe polaitiúla Eorpacha agus fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha le haon cheann de na nithe seo a leanas:
- (a) deonacháin nó ranníocaíochtaí atá i ndíth ainm;
 - (b) deonacháin ó bhuiséid grúpaí polaitiúla i bParlaimint na hEorpa;
 - (c) deonacháin ó aon údarás poiblí i mBallstát nó i tríú tír nó ó aon ghnóthas a bhféadfadh tionchar ceannasach díreach nó indíreach a bheith ag an údarás poiblí sin air de bhua a n-úinéireachta air, a rannpháirtíochta airgeadais ann, nó na rialacha lena rialaítear é; nó
 - (d) deonacháin ó aon eintitis phríobháideacha atá bunaithe i dtríú tír nó ó dhaoine aonair ó thríú tír nach bhfuil i dteideal vótáil i dtoghcháin do Pharlaimint na hEorpa.
6. Maidir le haon deonachán nach gceadaítear faoin Rialachán seo, déanfar i gcás an deonacháin sin laistigh de 30 lá ó fuair an páirtí polaitiúil Eorpach nó an fhondúireacht pholaitiúil Eorpach é:
- (a) é a chur ar ais chuig an deontóir nó chuig aon duine a ghníomhaíonn thar ceann an deontóra; nó,
 - (b) nuair nach féidir é a chur ar ais, é a thuairisciú chuig an Údarás agus chuig Parlaimint na hEorpa. Déanfaidh Oifigeach Údarúcháin Pharlaimint na hEorpa an méid infhaighte a shuíomh agus an t-aisghabháil a údarú i gcomhréir leis na forálacha a leagtar síos in Airteagal 78 agus in Airteagal 79 den Rialachán Airgeadais. Déanfar na cistí a iontráil mar ioncam ginearálta i roinn Pharlaimint na hEorpa de bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh.
7. Ceadófar ranníocaíochtaí le páirtí polaitiúil Eorpach óna chomhaltaí. Ní rachaidh luach ranníocaíochtaí den sórt sin thar 40 % de bhuiséad bliantúil an pháirtí pholaitiúil Eorpaigh.
8. Ceadófar ranníocaíochtaí le fondúireacht pholaitiúil Eorpach óna comhaltaí, agus ón bpáirtí polaitiúil Eorpach lena bhfuil sí cleamhnaithe. Ní rachaidh luach ranníocaíochtaí den sórt sin thar 40 % de bhuiséad bliantúil na fondúireachta polaitiúla Eorpaí sin agus ní fhéadfar iad a dhíorthú ó chistí a fuair páirtí polaitiúil Eorpach de bhun an Rialacháin seo ó bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh.
- Fanfaidh an dualgas cruthúnais ar an bpáirtí polaitiúil Eorpach lena mbaineann, a léireoidh go soiléir ina chuntais foinsí na gcistí arna n-úsáid chun a fhondúireacht pholaitiúil Eorpach chleamhnaithe a mhaoiniú.
9. Gan dochar do mhír 7 agus do mhír 8, féadfaidh páirtithe polaitiúla Eorpacha agus fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha ranníocaíochtaí a ghlacadh ó shaoránaigh arb iad a gcomhaltaí iad suas go dtí luach EUR 18 000 in aghaidh na bliana agus in aghaidh an chomhalta, nuair a dhéanann an comhalta thar a cheann féin nó thar a ceann féin na ranníocaíochtaí sin.
- Ní bheidh feidhm ag an uasteorainn a leagtar síos sa chéad fhómhír i gcás gur comhalta tofa de Pharlaimint na hEorpa, de Pharlaimint náisiúnta nó de pharlaimint réigiúnach nó de thionól réigiúnach é an comhalta lena mbaineann.
10. Déanfar aon ranníocaíocht nach gceadaítear faoin Rialachán seo a thabhairt ar ais i gcomhréir le mír 6.

Airteagal 21

Feachtais a mhaoiniú i gcomhthéacs toghcháin do Pharlaimint na hEorpa

1. Faoi réir an dara fómhír, féadfar cistiú páirtithe polaitiúla Eorpacha ó bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh nó ó aon fhoinsé eile a úsáid chun feachtais arna seoladh ag na páirtithe polaitiúla Eorpacha i gcomhthéacs na dtoghcháin do Pharlaimint na hEorpa a mhaoiniú, ar feachtais iad ina nglacann siad, nó a gcomhaltaí, páirt mar a cheanglaítear le pointe (d) d'Airteagal 3(1).

I gcomhréir le hAirteagal 8 den Ionstraim maidir le toghadh fheisirí Pharlaimint na hEorpa trí vótáil chomhchoiteann dhíreach⁽¹⁾, déantar cistiú agus teorannú féideartha speansas toghcháin do na páirtithe polaitiúla, do na hiarrthóirí agus do na tríú páirtithe uile, mar aon lena rannpháirtíocht, i dtoghcháin do Pharlaimint na hEorpa a rialú i ngach Ballstát trí fhorálacha náisiúnta.

2. Ba cheart do na páirtithe polaitiúla Eorpacha caiteachas atá nasctha leis na feachtais dá dtagraítear i mír 1 a shainaithint go soiléir amhlaidh ina ráitis airgeadais bhliantúla.

Airteagal 22

Cistiú a thoirmeasc

1. D'ainneoin Airteagal 21(1), ní fhéadfar maoiniú páirtithe polaitiúla Eorpacha ó bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh nó ó aon fhoinsé eile a úsáid le haghaidh maoiniú díreach nó maoiniú indíreach a dhéanamh ar pháirtithe polaitiúla eile, go háirithe páirtithe náisiúnta nó iarrthóirí náisiúnta. Leanfaidh na páirtithe polaitiúla náisiúnta agus na hiarrthóirí náisiúnta sin de bheith faoi rialú ag rialacha náisiúnta.

⁽¹⁾ IO L 278, 08.10.76, lch. 5.

2. Ní úsáidfear cistiú fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha ó bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh nó ó aon fhoinse eile chun aon chríche eile seachas maoiniú a gcúraimí mar a liostaítear i bpointe (4) d'Airteagal 2 agus chun caiteachas atá nasctha go díreach leis na cuspóirí atá leagtha amach ina reachtanna i gcomhréir le hAirteagal 5 a chumhdach. Ní úsáidfear é go háirithe le haghaidh cistiú díreach nó indíreach toghchán, páirtithe polaitiúla, iarrthóirí ná fondúireachtaí eile.

3. Ní úsáidfear cistiú páirtithe polaitiúla Eorpacha agus fondúireachtaí polaitiúla ó bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh ná ó aon fhoinse eile chun feachtais reifrinn a mhaoiniú.

CAIBIDIL V

RIALÚ AGUS SMACHTBHANNAÍ

Airteagal 23

Cuntais, tuairisciú agus oibleagáidí iniúchóireachta

1. Ar a dhéanaí laistigh de shé mhí tar éis dheireadh na bliana airgeadais, déanfaidh na páirtithe polaitiúla Eorpacha agus na fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha, an méid seo a leanas a chur faoi bhráid an Údarás agus cuirfidh siad cóip de chuig Oifigeach Údarúcháin Pharlaimint na hEorpa agus chuig Pointe Teagmhála Náisiúnta inniúil an Bhallstáit ina bhfuil a suíomh:

- (a) a ráitis airgeadais bhliantúla agus na nótaí a ghabhann leo, lena gcumhdaítear an t-ioncam agus an caiteachas, agus sócmhainní agus dliteanais ag tús agus ag deireadh na bliana airgeadais, i gcomhréir leis an dlí is infheidhme sa Bhallstát ina bhfuil suíomh acu, agus a ráitis airgeadais bhliantúla ar bhonn na gcaighdeán cuntasafochta idirnáisiúnta mar a shainmhínítear in Airteagal 2 de Rialachán (CE) Uimh. 1606/2002 de Pharlaimint na hEorpa agus den Chomhairle ⁽¹⁾;
- (b) tuarascáil iniúcháir sheachtraigh ar na ráitis airgeadais bhliantúla, lena gcumhdaítear iontaofacht na ráiteas airgeadais sin agus dlíthiúlacht agus rialtacht a n-ioncam agus a gcaiteachas araon, arna déanamh ag comhlacht nó saineolaí neamhspleách; agus
- (c) liosta na ndeontóirí agus a rannchuiditheoirí agus a ndeonachán comhfhreagrach nó a ranníocaíochtaí comhfhreagracha arna dtuairisciú i gcomhréir le hAirteagal 20(2), (3) agus (4).

2. I gcás ina gcuirfidh páirtithe polaitiúla Eorpacha caiteachas i gcrích go comhpháirteach le páirtithe polaitiúla náisiúnta nó ina gcuirfidh fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha caiteachas i gcrích go comhpháirteach le fondúireachtaí polaitiúla náisiúnta, nó le heagraíochtaí eile, áireofar fianaise faoin gcaiteachas arna thabhu ag na páirtithe polaitiúla Eorpacha nó ag na fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha go díreach nó go hindíreach trí na tríú páirtithe sin sna ráitis airgeadais bhliantúla dá dtagraítear i mír 1.

3. Déanfaidh Parlaimint na hEorpa na comhlachtaí nó na saineolaithe neamhspleácha seachtracha dá dtagraítear i bpointe (b) de mhír 1 a roghnú, a shainordú agus a íoc. Déanfar iad a údarú go cuí chun cuntais a iniúchadh faoin dlí is infheidhme sa Bhallstát ina bhfuil a suíomh nó ina bhfuil siad bunaithe.

4. Soláthróidh páirtithe polaitiúla Eorpacha agus na fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha aon fhaisnéis a iarrfaidh na comhlachtaí nó na saineolaithe neamhspleácha chun críche a n-iniúchta.

5. Cuirfidh na comhlachtaí nó na saineolaithe neamhspleácha an tÚdarás agus Oifigeach Údarúcháin Pharlaimint na hEorpa ar an eolas faoi aon ghníomhaíocht neamhdhleathach, calaois nó éilliú amhrasta a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh do leasanna airgeadais an Aontais. Déanfaidh an tÚdarás agus Oifigeach Údarúcháin Pharlaimint na hEorpa na Pointí Teagmhála Náisiúnta a chur ar an eolas faoi sin.

Airteagal 24

Rialacha ginearálta maidir le rialú

1. Déanfar rialú ar na hoibleagáidí faoin Rialachán seo a bheith á gcomhlíonadh ag na páirtithe polaitiúla Eorpacha agus ag na fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha a fheidhmiú i gcomhar leis an Údarás, le hOifigeach Údarúcháin Pharlaimint na hEorpa agus leis na Ballstáit inniúla.

2. Déanfaidh an tÚdarás rialú ar a oibleagáidí faoin Rialachán seo a bheith á gcomhlíonadh ag na páirtithe polaitiúla Eorpacha agus ag na fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha, go háirithe maidir le hAirteagal 3, pointe (a), pointe (b), agus pointe (d) go pointe (f) d'Airteagal 4(1), pointe (a) go pointe (d) agus pointe (g) d'Airteagal 5(1), Airteagal 9(5) agus (6), agus Airteagal 20, Airteagal 21 agus Airteagal 22.

Déanfaidh Oifigeach Údarúcháin Pharlaimint na hEorpa rialú ar na hoibleagáidí a bhaineann le cistiú an Aontais faoin Rialachán seo a bheith á gcomhlíonadh ag na páirtithe polaitiúla Eorpacha agus ag na fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha i gcomhréir leis an Rialachán Airgeadais. Agus an rialú sin á chur i gcrích, déanfaidh Parlaimint na hEorpa na bearta is gá i réimsí chosc agus chomhrac na calaoise a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais.

⁽¹⁾ Rialachán (CE) Uimh. 1606/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Iúil 2002 maidir le caighdeáin idirnáisiúnta chuntasaíochta a chur i bhfeidhm (IO L 243, 11.9.2002, lch. 1).

3. Ní fholóidh rialú an Údaráis agus Oifigeach Údarúcháin Pharlaimint na hEorpa dá dtagraítear i mír 2 a n-oibleagáidí faoin dlí náisiúnta is infheidhme, amhail dá dtagraítear in Airteagal 14, a bheith á gcomhlíonadh ag na páirtithe polaitiúla Eorpacha agus ag na fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha.

4. Soláthróidh páirtithe polaitiúla Eorpacha agus na fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha aon fhaisnéis a iarrfaidh an tÚdarás, Oifigeach Údarúcháin Pharlaimint na hEorpa, an Chúirt Iniúcháirí, an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) nó na Ballstáit, ar fhaisnéis í is gá chun críche rialuithe a bhfuil siad freagrach astu faoin Rialachán seo a chur i gcrích.

Arna iarraidh sin orthu, agus chun críche comhlíonadh Airteagal 20 a rialú, cuirfidh na páirtithe polaitiúla Eorpacha agus na fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha faisnéis ar fáil don Údarás maidir leis na ranníocaíochtaí a rinne comhaltaí aonair agus céannacht na gcomhaltaí sin. Thairis sin, i gcás inarb iomchuí, féadfaidh an tÚdarás a chur de cheangal ar na páirtithe polaitiúla Eorpacha ráitis dheimhnitheacha shínte a sholáthar ó chomhaltaí a shealbhaíonn sainorduithe tofa, chun críche comhlíonadh an choinníll a leagtar síos sa chéad fhomhír de phointe (b) d'Airteagal 3(1) a rialú.

Airteagal 25

Cur chun feidhme agus rialú maidir le cistiú ón Aontas

1. Cinnfear leithreasá chun páirtithe polaitiúla Eorpacha agus fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha a chistiú faoi réir an nós imeachta bhuiséadaigh bhliantúil agus cuirfear chun feidhme an méid sin i gcomhréir leis an Rialachán seo agus leis an Rialachán Airgeadais.

Leagfaidh Oifigeach Údarúcháin Pharlaimint na hEorpa síos na téarmaí agus na coinníollacha le haghaidh ranníocaíochtaí agus deontas sa ghlaó ar ranníocaíochtaí agus sa ghlaó ar thograí.

2. Déanfar rialú an chistithe arna fháil ó bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh, agus a úsáid, a fheidhmiú i gcomhréir leis an Rialachán Airgeadais.

Déanfar rialú a fheidhmiú freisin ar bhonn deimhniú bliantúil arna dhéanamh le hiniúchadh seachtarach neamhspleách, amhail dá bhforáiltear in Airteagal 23(1).

3. Feidhmeoidh an Chúirt Iniúcháirí a chumhachtaí iniúcháireachta i gcomhréir le hAirteagal 287 CFAE.

4. Maidir le haon doiciméad nó aon fhaisnéis atá riachtanach don Chúirt Iniúcháirí chun a cúram a chur i gcrích, déanfaidh na páirtithe polaitiúla Eorpacha agus na fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha a fhaigheann cistiú i gcomhréir leis an Rialachán iad a sholáthar arna iarraidh sin don Chúirt.

5. Sa chinneadh nó sa chomhaontú maidir le ranníocaíocht agus deontas, déanfar foráil go sainráite maidir le hiniúchadh a dhéanfaidh Oifigeach Údarúcháin Pharlaimint na hEorpa agus an Chúirt Iniúcháirí, ar bhonn taifead agus iniúchadh ar an láthair, ar an bpáirtí polaitiúil Eorpach a fuair ranníocaíocht nó ar an bhfondúireacht pholaitiúil Eorpach a fuair deontas ó bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh.

6. Féadfaidh an Chúirt Iniúcháirí agus Oifigeach Údarúcháin Pharlaimint na hEorpa, nó aon chomhlacht seachtarach arna údarú ag Oifigeach Údarúcháin Pharlaimint na hEorpa, na seiceálacha agus na fíoruithe ar an láthair is gá a dhéanamh chun dlíthiúlacht caiteachais agus cur chun feidhme ceart fhorálacha na ranníocaíochta agus an chinnidh nó an chomhaontaithe maidir le deontas, agus, i gcás fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha, cur chun feidhme ceart an chlár oibre nó na gníomhaíochta, a fhíorú. Soláthróidh an páirtí polaitiúil Eorpach nó an fhondúireacht pholaitiúil Eorpach lena mbaineann aon doiciméad nó faisnéis is gá chun an cúram seo a chur i gcrích.

7. Féadfaidh OLAF imscrúduithe a dhéanamh, lena n-áirítear seiceálacha agus cigireacht ar an láthair, i gcomhréir leis na forálacha agus na nósanna imeachta a leagtar síos i Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁾ agus Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96 ón gComhairle ⁽²⁾ d'fhonn a shuí ar tharla calaois, éilliú nó aon ghníomhaíocht neamhdhleathach eile a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais a bhaineann le ranníocaíochtaí nó le deontais faoin Rialachán seo. Más iomchuí, féadfaidh cinntí ó Oifigeach Údarúcháin Pharlaimint na hEorpa eascairt as a fhionnachtana.

⁽¹⁾ Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Meán Fómhair 2013 maidir le himscrúduithe arna ndéanamh ag an Oifig Frith-Chalaoise Eorpach (OLAF) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1073/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (Euratom) Uimh. 1074/1999 (IO L 248, 18.9.2013, lch. 1).

⁽²⁾ Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96 ón gComhairle an 11 Samhain 1996 maidir le seiceálacha ar an láthair agus cigireachtaí bheidh le déanamh ag an gCoimisiún chun leasanna airgeadais na gComhphobal Eorpach a chosaint i gcoinne na calaoise agus i gcoinne mírialtachtaí eile (IO L 292, 15.11.1996, lch. 2).

*Airteagal 26***Tacaíocht theicniúil**

Beidh an tacaíocht uile a chuirtear ar fáil ag Pharlaimint na hEorpa do pháirtithe polaitiúla Eorpacha bunaithe ar phrionsabal na córa combhionainne. Tabharfar an tacaíocht sin ar choinníollacha nach lú fabhar ná na coinníollacha a thugtar d'eagraíochtaí agus do chomhlachais sheachtracha eile a bhféadtar saoráidí comhchosúla a thabhairt dóibh agus soláthrófar iad in aghaidh sonraisc agus íocaíochta.

*Airteagal 27***Smachtbhannaí**

1. I gcomhréir le hAirteagal 16, déanfaidh an tÚdarás cinneadh páirtí polaitiúil Eorpach nó fondúireacht pholaitiúil Eorpach a bhaint den Chlár trí bhíthin smachtbhanna in aon cheann de na cásanna seo a leanas:

- (a) i gcás inár cinneadh i mbreithiúnas a bhfuil fórsa *res judicata* aige go raibh an páirtí nó an fhondúireacht lena mbaineann páirteach i ngníomhaíochtaí neamhdhleathacha atá díobhálach do leasanna airgeadais an Aontais mar a shainmhínítear in Airteagal 106(1) den Rialachán Airgeadais;
- (b) nuair a shuítear, i gcomhréir leis na nósanna imeachta a leagtar amach in Airteagal 10(2) go (5), nach gcomhlíonann sé a thuilleadh ceann amháin nó níos mó de na coinníollacha a leagtar amach i bpointe (a), pointe (c) agus pointe (e) d'Airteagal 3(1) agus in Airteagal 3(2); nó
- (c) nuair a thagann iarraidh ó Bhallstát ar dhíchlarú ar bhonn mainneachtain thromchúiseach oibleagáidí faoin dlí náisiúnta a chomhlíonadh agus go gcomhlíonann an iarraidh sin na ceanglais a leagtar amach i bpointe (b) d'Airteagal 16(3).

2. Forchuirfidh an tÚdarás smachtbhannaí airgeadais sna cásanna seo a leanas:

(a) sáruithe neamh-inchainníochtaithe:

- (i) i gcás neamhchomhlíonadh cheanglais Airteagal 9(5) nó (6);
- (ii) i gcás nach gcomhlíontar na gealltanais a thug páirtí polaitiúil Eorpach nó fondúireacht pholaitiúil Eorpach, agus an fhaisnéis a sholáthair siad, i gcomhréir le pointe (a), pointe (b) agus pointe (d) go pointe (f) d'Airteagal 4(1) agus le pointe (a), pointe (b), pointe (d) agus pointe (e) d'Airteagal 5(1),
- (iii) i gcás ina mainnítear liosta na ndeontóirí agus a ndeonacháin chomhfhreagracha a tharchur i gcomhréir le hAirteagal 20(2) nó deonacháin a thuairisciú i gcomhréir le hAirteagal 20(3) agus (4),
- (iv) i gcásanna inar sháraigh páirtí polaitiúil Eorpach nó fondúireacht pholaitiúil Eorpach na hoibleagáidí a leagtar síos in Airteagal 23(1) nó in Airteagal 24(4);
- (v) i gcás ina bhfuil páirtí polaitiúil Eorpach nó fondúireacht pholaitiúil Eorpach faoi réir breithiúnais a bhfuil fórsa *res judicata* aige i gcás gníomhaíochtaí neamhdhleathacha atá díobhálach do leasanna airgeadais an Aontais mar a shainmhínítear in Airteagal 106(1) den Rialachán Airgeadais;
- (vi) sna cásanna ina ndearna páirtí polaitiúil Eorpach nó fondúireacht pholaitiúil Eorpach lena mbaineann, tráth ar bith agus d'aon ghnó faisnéis a fhágáil ar lár nó faisnéis mhícheart nó mhíthreorach a thabhairt nó i gcás ina mbraitheann na comhlachtaí atá údaraithe leis an Rialachán seo chun tairbhíthe an chistithe ó bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh a iniúchadh nó seiceálacha a dhéanamh orthu míchruinnis sna ráitis airgeadais bhliantúla a mheastar a bheith ina n-easnaimh ábhartha nó ina míráitis d'itimí i gcomhréir leis na caighdeáin chuntasaíochta idirnáisiúnta mar a shainmhínítear in Airteagal 2 de Rialachán (CE) Uimh. 1606/2002 iad.

(b) sáruithe inchainníochtaithe:

- (i) i gcás inar ghlac páirtí polaitiúil Eorpach nó fondúireacht pholaitiúil Eorpach le deonacháin agus le ranníocaíochtaí nach gceadaítear faoi Airteagal 20(1) nó (5), mura rud é go gcomhlíontar na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 20(6);
- (ii) i gcás neamhchomhlíonadh na gceanglas a leagtar síos in Airteagal 21 agus Airteagal 22.

3. Féadfaidh Oifigeach Údarúcháin Pharlaimint na hEorpa páirtí polaitiúil Eorpach nó fondúireacht pholaitiúil Eorpach a eisiamh ó chistiú de chuid an Aontais amach anseo suas le cúig bliana i gcás athsháraithe laistigh de thréimhse cúig bliana, nuair a fuarthas ciontach é nó í in aon cheann de na sáruithe a liostaítear i bpointe (v) agus i bpointe (vi) de phointe (a) de mhír 2. Tá sé sin gan dochar do chumhachtaí Oifigeach Údarúcháin Pharlaimint na hEorpa mar a leagtar amach in Airteagal 204n den Rialachán Airgeadais.

4. Chun críocha chur i bhfeidhm mhír 2 agus mhír 3, déanfar na smachtbhannaí airgeadais seo a leanas a fhorchur ar pháirtí polaitiúil Eorpach nó ar fhondúireacht pholaitiúil Eorpach:

- (a) i gcás sáruithe neamh-inchainníochtaithe, céatadán seasta de bhuiséad bliantúil an pháirtí pholaitiúil Eorpaigh lena mbaineann nó na fondúireachta polaitiúla Eorpaí lena mbaineann;

- 5 %; nó
 - 7,5 % má tá sáruihte comhthrátacha ann; nó
 - 20 % más athshárú é an sárú atá i gceist; nó
 - an tríú cuid de na céatadán thuasluaite má dhearbhaigh an páirtí polaitiúil Eorpach nó an fhondúireacht pholaitiúil Eorpach an sárú sular oscail an tÚdarás imscrúdú go hoifigiúil, fiú i gcás ciona chomhthrátacha nó athsháraithe, agus go bhfuil bearta ceartaitheacha iomchuí glactha ag an páirtí nó ag an bhfondúireacht lena mbaineann;
 - 50 % de bhuiséad bliantúil an pháirtí pholaitiúil Eorpaigh lena mbaineann nó na fondúireachta polaitiúla Eorpaí lena mbaineann don bhliain roimhe sin, nuair atá sé faoi réir breithiúnais a bhfuil fórsa *res judicata* aige i gcás gníomhaíochtaí neamhdhleathacha atá díobhálach do leasanna airgeadais an Aontais mar a shainmhínítear in Airteagal 106(1) den Rialachán Airgeadais;
- (b) i gcás sáruihte inchainníochtaithe, céatadán seasta de mhéid na suimeanna neamhrialta a bhraitear nó nach dtuairiscítear i gcomhréir leis an scála seo a leanas, le huasmhéid de 10 % de bhuiséad bliantúil an pháirtí pholaitiúil Eorpaigh lena mbaineann nó na fondúireachta polaitiúla Eorpaí lena mbaineann:
- 100 % de na suimeanna neamhrialta a fuarthas nó nach dtuairiscítear nuair nach bhfuil na suimeanna sin níos mó ná EUR 50 000; nó
 - 150 % de na suimeanna neamhrialta a fuarthas nó nach dtuairiscítear nuair atá na suimeanna sin níos mó ná EUR 50 000 ach nuair nach bhfuil siad níos mó ná EUR 100 000, nó
 - 200 % de na suimeanna neamhrialta a fuarthas nó nach dtuairiscítear nuair atá na suimeanna sin níos mó ná EUR 100 000 ach nuair nach bhfuil siad níos mó ná EUR 150 000, nó
 - 250 % de na suimeanna neamhrialta a fuarthas nó nach dtuairiscítear nuair atá na suimeanna sin níos mó ná EUR 150 000 ach nuair nach bhfuil siad níos mó ná EUR 200 000, nó
 - 300 % de na suimeanna neamhrialta a fuarthas nó nach dtuairiscítear nuair atá na suimeanna sin níos mó ná EUR 200 000, nó
 - aon trian de na céatadán atá sonraithe thuas má dhearbhaigh an páirtí polaitiúil Eorpach nó an fhondúireacht pholaitiúil Eorpach lena mbaineann an sárú go deonach sular oscail an tÚdarás agus/nó Oifigeach Údarúcháin Pharlaimint na hEorpa imscrúdú go hoifigiúil agus go bhfuil na bearta ceartaitheacha iomchuí déanta ag an bpáirtí nó ag an bhfondúireacht lena mbaineann.

Chun na céatadán atá sonraithe thuas a chur i bhfeidhm, measfar ar leithligh gach deonachán nó ranníocaíocht.

5. Nuair a bheidh sáruihte comhthrátacha i gcoinne an Rialacháin seo, déanta ag páirtí polaitiúil Eorpach nó ag fondúireacht pholaitiúil Eorpach, ní fhorchuirfear ach an smachtbhanna a leagtar síos don chion is tromchúisí, mura rud é go bhforáiltear a mhalairt i bpointe (a) de mhír 4.

6. Na smachtbhannaí a leagtar síos sa Rialachán seo, beidh siad faoi réir tréimhse teorann cúig bliana amhail ón dáta a ndearnadh an sárú lena mbaineann nó, i gcás sáruihte leanúnacha nó sáruihte a tharlaíonn arís agus arís eile, an dáta ar scoir na sáruihte sin.

Airteagal 28

Comhar idir an tÚdarás, Oifigeach Údarúcháin Pharlaimint na hEorpa agus na Ballstáit

1. Déanfaidh an tÚdarás, Oifigeach Údarúcháin Pharlaimint na hEorpa agus na Ballstáit trí na Pointí Teagmhála Náisiúnta faisnéis a roinnt lena chéile agus a chéile a chur ar an eolas go tráthrialta faoi nithe a bhaineann le forálacha cistithe, le rialuithe agus le smachtbhannaí.
2. Aontóidh siad freisin maidir leis na socruithe praiticiúla do mhalartú faisnéise den sórt sin, lena n-áirítear na rialacha maidir le nochtadh faisnéise nó fianaise rúnda agus maidir le comhar idir na Ballstáit.
3. Déanfaidh Oifigeach Údarúcháin Pharlaimint na hEorpa an tÚdarás a chur ar an eolas faoi aon fhionnachtana a bhféadfadh forchur smachtbhannaí eascairt astu faoi Airteagal 27(2) go (4) d'fhonn ligean don Údarás bearta iomchuí a dhéanamh.
4. Déanfaidh an tÚdarás Oifigeach Údarúcháin Pharlaimint na hEorpa a chur ar an eolas faoi aon chinneadh a bheidh glactha aige maidir le smachtbhannaí chun a chur ar a chumas nó a cumas teacht ar na hiarmhairtí iomchuí faoin Rialachán Airgeadais.

*Airteagal 29***Bearta ceartaitheacha agus prionsabail an dea-riaracháin**

1. Sula ndéanfaidh siad cinneadh críochnaitheach maidir le haon cheann de na smachtbhannaí dá dtagraítear in Airteagal 27, tabharfaidh an tÚdarás nó Oifigeach Údarúcháin Pharlaimint na hEorpa an deis don pháirtí polaitiúil Eorpach lena mbaineann nó don fhondúireacht pholaitiúil Eorpach lena mbaineann na bearta is gá a thabhairt isteach chun an cor a leigheas laistigh de tréimhse réasúnta ama, nach rachaidh de ghnáth thar aon mhí amháin. Go háirithe, déanfaidh an tÚdarás nó tOifigeach Údarúcháin Pharlaimint na hEorpa an deis a thabhairt earráidí cléireachais agus uimhríochta a cheartú, doiciméid nó faisnéis bhreise a sholáthar i gcás inar gá sin nó aon mhionbhotúin a cheartú.
2. I gcás ina mbeidh mainnithe ag páirtí polaitiúil Eorpach nó ag fondúireacht pholaitiúil Eorpach bearta ceartaitheacha a dhéanamh laistigh den tréimhse ama dá dtagraítear i mír 1, glacfar cinneadh maidir leis na smachtbhannaí iomchuí dá dtagraítear in Airteagal 27 a fhorchur.
3. Ní bheidh feidhm ag mír 1 agus mír 2 maidir leis na coinníollacha a leagtar amach i bpointe (b) go pointe (d) d'Airteagal 3(1) agus i bpointe (c) d'Airteagal 3(2).

*Airteagal 30***Aisghabháil**

1. Ar bhonn an chinnidh ón Údarás páirtí polaitiúil Eorpach nó fondúireacht pholaitiúil Eorpach a bhaint den Chlár, déanfaidh Oifigeach Údarúcháin Pharlaimint na hEorpa aon chinneadh nó comhaontú leanúnach maidir le cistiú Aontais a tharraingt siar nó a fhoirceannadh, ach amháin sna cásanna dá bhforáiltear i bpointe (c) d'Airteagal 16(2) agus i bpointe (b) agus pointe (d) d'Airteagal 3 (1). Déanfaidh sé nó sí aon chistiú Aontais a aisghabháil freisin, lena n-áirítear aon chistí ó bhlianta roimhe sin nár caitheadh.
2. Maidir le páirtí polaitiúil Eorpach nó fondúireacht pholaitiúil Eorpach ar forchuireadh smachtbhanna air nó uirthi as aon cheann de na sáruithe atá liostaithe in Airteagal 27(1) agus i bpointe (v) agus pointe (vi) d'Airteagal 27(2)(a), ní bheidh sé ar an gcúis sin ag comhlíonadh Airteagal 18(2) a thuilleadh. Dá thoradh sin, déanfaidh Oifigeach Údarúcháin Pharlaimint na hEorpa an comhaontú nó an cinneadh um ranníocaíocht nó deontas maidir le cistiú an Aontais arna fháil faoin Rialachán seo a fhoirceannadh, agus suimeanna arna n-íoc go míchuí faoin chomhaontú nó cinneadh um ranníocaíocht nó deontas a aisghabháil, lena n-áirítear cistí Aontais nár caitheadh óna blianta roimhe sin.

I gcás fhoirceannadh den sórt sin, déanfar íocaíochtaí ó Oifigeach Údarúcháin Pharlaimint na hEorpa a teorannú go dtí an caiteachas incháilithe a thabhaigh an páirtí polaitiúil Eorpach nó an fhondúireacht pholaitiúil Eorpach go hiarbhrí suas go dtí an dáta a dtiocfaidh an cinneadh um fhoirceannadh i bhfeidhm.

Beidh an mhír seo infheidhme freisin maidir leis na cásanna dá dtagraítear i bpointe (c) d'Airteagal 16(2) agus i bpointe (b) agus pointe (d) d'Airteagal 3(1).

CAIBIDIL VI

FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA*Airteagal 31***Faisnéis a sholáthar do shaoránaigh**

Faoi réir Airteagal 21 agus Airteagal 22 agus a reachtanna agus a bpróiseas inmheánach féin, féadfaidh páirtithe polaitiúla Eorpacha, i gcomhthéacs na dtoghchán do Pharlaimint na hEorpa, na bearta uile is iomchuí a dhéanamh chun saoránaigh an Aontais a chur ar an eolas faoi na cleamhnachtaí idir páirtithe agus iarrthóirí polaitiúla náisiúnta agus na páirtithe polaitiúla Eorpacha lena mbaineann.

*Airteagal 32***Trédhearcacht**

1. Déanfaidh Parlaimint na hEorpa, faoi údarás a Oifigigh Údarúcháin nó an Údaráis, na nithe seo a leanas a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin a chruthófar chun na críche sin:
 - (a) ainmneacha agus reachtanna na bpáirtithe polaitiúla Eorpacha agus na bhfondúireachtaí polaitiúla Eorpacha uile, mar aon leis na doiciméid arna gcur isteach mar chuid dena n-iarratais ar chlárú i gcomhréir le hAirteagal 8, ar a dhéanaí ceithre seachtaine tar éis don Údarás a chinneadh a ghlacadh agus, i ndiaidh sin, aon leasuithe arna gcur i bhfógra chuig an Údarás de bhun Airteagal 9(5) agus (6);
 - (b) liosta de na hiarratais nach bhfuil formheasta, mar aon leis na doiciméid arna gcur isteach mar chuid den iarratas, mar aon leis an iarratas ar chlárú i gcomhréir le hAirteagal 8 agus forais an diúltaithe, ar a dhéanaí ceithre seachtaine tar éis don Údarás a cinneadh a ghlacadh;

- (c) tuarascáil bhliantúil ina mbeidh tábla de na méideanna a íocadh le gach páirtí polaitiúil Eorpach agus fondúireacht pholaitiúil Eorpach, i n-aghaidh gach bliana airgeadais a bhfuarthas ranníocaíochtaí nó ar íocadh deontais ina leith ó bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh;
- (d) ráitis airgeadais bhliantúla agus tuarascálacha iniúchára sheachtraigh dá dtagraítear in Airteagal 23(1), agus, i gcás na bhfondúireachtaí polaitiúla Eorpacha, na tuarascálacha deiridh faoi chur chun feidhme na gclár oibre nó na ngníomhaíochtaí;
- (e) ainmneacha na ndeontóirí agus a ndeonacháin chomhfhreagracha arna dtuairisciú ag na páirtithe polaitiúla Eorpacha agus ag na fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha i gcomhréir le hAirteagal 20(2), (3) agus (4), cé is moite de dheonacháin ó dhaoine nádúrtha ar luach nach mó ná EUR 1 500 in aghaidh na bliana agus in aghaidh an deontóra a thuairisceofar mar “ranníocaíochtaí beaga”. Ní fhoilseofar deonacháin ó dhaoine nádúrtha, ar deonacháin iad ar mó a luach bliantúil ná EUR 1 500 agus atá faoi bhun nó cothrom le EUR 3 000 gan toiliú roimh ré an deontóra chomhfhreagraigh maidir lena bhfoilsíú. Mura bhfuil toiliú roimh ré den sórt sin tugtha, déanfar na deonacháin sin a thuairisciú mar “dheonacháin bheaga”. Déanfar méid iomlán na ndeonachán beag agus líon na ndeontóirí in aghaidh na bliana féilire a fhoilsíú freisin;
- (f) na ranníocaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 20(7) agus (8) agus a thuairiscigh na páirtithe polaitiúla Eorpacha agus na fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha i gcomhréir le hAirteagal 20(2), lena n-áirítear freisin aitheantas na mballpháirtithe nó na mballeagraíochtaí a thug na ranníocaíochtaí sin;
- (g) mionsonraí aon chinntí críochnaitheacha arna ndéanamh ag an Údarás de bhun Airteagal 27, agus na cúiseanna leo, lena n-áirítear, i gcás inarb ábhartha, aon tuairimí arna nglacadh ag an gcoiste de dhaoine neamhspleácha oirice i gcomhréir le hAirteagal 10 agus le hAirteagal 11, ag féachaint go cuí do Rialachán (CE) Uimh. 45/2001;
- (h) mionsonraí aon chinntí críochnaitheacha arna ndéanamh ag Oifigeach Údarúcháin Pharlaimint na hEorpa de bhun Airteagal 27, agus na cúiseanna leo;
- (i) tuairisc ar an tacaíocht theicniúil a tugadh do pháirtithe polaitiúla Eorpacha; agus
- (j) an tuarascáil mheastóireachta ó Pharlaimint na hEorpa maidir le cur chun feidhme an Rialacháin seo agus maidir leis na gníomhaíochtaí arna gcistiú dá dtagraítear in Airteagal 38.

2. Poibleoidh Parlaimint na hEorpa liosta de na daoine dlítheanacha ar comhaltaí iad de pháirtí polaitiúil Eorpach, liosta a bheidh i gceangal le reachtanna an pháirtí i gcomhréir le hAirteagal 4(2) agus arna thabhairt cothrom le dáta i gcomhréir le hAirteagal 9(6) chomh maith le líon iomlán na gcomhaltaí aonair.

3. Déanfar sonraí pearsanta a eisiamh ó fhoilsíú ar an suíomh gréasáin dá dtagraítear i mír 1 mura rud é go bhfoilseofar na sonraí pearsanta sin de bhun phointe (a), phointe (e), nó phointe (g) de mhír 1.

4. Déanfaidh páirtithe polaitiúla Eorpacha agus fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha, i ráiteas príobháideachais a bheidh ar fáil go poiblí, an fhaisnéis a cheanglaítear a thabhairt le hAirteagal 10 de Threoir 95/46/CE a chur ar fáil do chomhaltaí agus do dheontóirí ionchasacha agus cuirfidh siad i bhfios dóibh go ndéanfaidh Parlaimint na hEorpa, an tÚdarás, OLAF, an Chúirt Iniúcháirí, na Ballstáit, nó comhlachtaí nó saineolaithe seachtracha arna n-údarú acusan a sonraí pearsanta a phróiseáil chun críche iniúchta agus go bpoibleofar a sonraí pearsanta ar an suíomh gréasáin dá dtagraítear i mír 1 faoi na coinníollacha a leagtar amach san Airteagal seo. Agus Airteagal 11 de Rialachán (CE) 45/2001 á chur i bhfeidhm, áireoidh Oifigeach Údarúcháin Pharlaimint na hEorpa, an fhaisnéis cheanna sna glaonna ar ranníocaíochtaí nó tograí amhail dá dtagraítear in Airteagal 18(1) den Rialachán seo.

Airteagal 33

Sonraí pearsanta a chosaint

1. Agus sonraí pearsanta á bpróiseáil de bhun an Rialacháin seo, comhlíonfaidh an tÚdarás, Parlaimint na hEorpa agus coiste na ndaoine oirice neamhspleácha arna bhunú le hAirteagal 11 Rialachán (CE) Uimh. 45/2001. Chun críocha sonraí pearsanta a phróiseáil, measfar iad a bheith ina rialaitheoirí sonraí i gcomhréir le pointe (d) d'Airteagal 2 den Rialachán sin.

2. Agus sonraí pearsanta á bpróiseáil de bhun an Rialacháin sin, déanfaidh na páirtithe polaitiúla Eorpacha agus na fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha, na Ballstáit agus rialú a fheidhmiú acu ar ghnéithe a bhaineann le maoiniú páirtithe polaitiúla Eorpacha agus fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha i gcomhréir le hAirteagal 24 agus na comhlachtaí agus na saineolaithe neamhspleácha arna n-údarú chun cuntais a iniúchadh i gcomhréir le hAirteagal 23(1) Treoir 95/46/CE agus na forálacha náisiúnta arna nglacadh dá bun a chomhlíonadh. Chun críocha sonraí pearsanta a phróiseáil, measfar iad a bheith ina rialaitheoirí sonraí i gcomhréir le pointe (d) d'Airteagal 2 den Treoir sin.

3. Áiríteoidh an tÚdarás, Parlaimint na hEorpa agus coiste na ndaoine oirirce neamhspleácha arna bhunú le hAirteagal 11 nach n-úsáidfear sonraí pearsanta arna mbailiú acu de bhun an Rialacháin seo chun aon chríoche seachas dlíthiúlacht, rialacht agus trédhearcacht chistiú páirtithe polaitiúla Eorpacha agus fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha agus comhaltas páirtithe polaitiúla Eorpacha a áirithiú. Scríosfaidh siad na sonraí pearsanta sin go léir a bheidh bailithe chun na críche sin ar a dhéanaí 24 mhí tar éis na codanna ábhartha a fhoilsiú i gcomhréir le hAirteagal 32.

4. Ní úsáidfí na Ballstáit agus na comhlachtaí nó na saineolaithe neamhspleácha arna n-údarú chun cuntais a iniúchadh na sonraí pearsanta a fhaigheann siad ach amháin chun rialú a fheidhmiú ar mhaoiniú páirtithe polaitiúla Eorpacha agus ar fhondúireachtaí polaitiúla Eorpacha. Scríosfaidh siad na sonraí pearsanta sin i gcomhréir leis an dlí náisiúnta is infheidhme tar éis iad a tharchur de bhun Airteagal 28.

5. Féadfar sonraí pearsanta a choinneáil thar na teorainneacha ama a leagtar síos i mír 3 nó dá bhforáiltear sa dlí náisiúnta is infheidhme amháin dá dtagraítear i mír 4 más gá coinneáil den sórt sin chun críoche nósanna imeachta dlíthiúla nó riaracháin a bhaineann le cistiú páirtí pholaitiúil Eorpaigh nó fondúireachta polaitiúla Eorpaí nó le comhaltas páirtí pholaitiúil Eorpaigh. Scríosfar na sonraí pearsanta sin uile ar a dhéanaí seachtain amháin tar éis an dáta a dtabharfar na himreachtaí sin chun críche trí chinneadh críochnaitheach, nó tar éis aon iniúchtaí, achomhairc nó éilimh a chur de láimh.

6. Déanfaidh na rialaitheoirí sonraí dá dtagraítear i mír 1 agus mír 2 bearta teicniúla agus eagraíochtúla iomchuí a chur chun feidhme chun sonraí pearsanta a chosaint in aghaidh scriosadh tionóisceach nó neamhdhleathach, cailleadh, athrú nó nochtadh nó rochtain neamhúdraithe, go háirithe i gcás ina mbaineann próiseáil sonraí den sórt sin le hiad a tharchur thar líonra, agus in aghaidh aon fhoirmeacha neamhdhleathacha próiseála eile.

7. Beidh an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí freagrach as faireachán a dhéanamh agus as a áirithiú go ndéanfaidh an tÚdarás, Parlaimint na hEorpa agus coiste na ndaoine oirirce neamhspleácha arna bhunú le hAirteagal 11 cearta bunúsacha agus saoirsí daoine nádúrtha a urramú agus a chosaint agus sonraí pearsanta á bpróiseáil de bhun an Rialacháin seo. Gan dochar d'aon leigheas breithiúnach, féadfaidh aon duine is ábhar do shonraí gearán a thaisceadh leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí má mheasann sé nó sí go bhfuil an ceart maidir le cosaint a chuid nó a cuid sonraí pearsanta sáraithe de thoradh phróiseáil na sonraí sin ag an Údarás, ag Parlaimint na hEorpa nó ag an gcoiste.

8. Beidh na páirtithe polaitiúla Eorpacha agus na fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha, na Ballstáit agus na comhlachtaí nó na saineolaithe neamhspleácha arna n-údarú chun cuntais a iniúchadh faoin Rialachán seo faoi dhliteanas i gcomhréir leis an dlí náisiúnta is infheidhme i leith aon damáiste a dhéanann siad agus sonraí pearsanta á bpróiseáil acu de bhun an Rialacháin seo. Áiríteoidh na Ballstáit go ndéanfar smachtbhannaí éifeachtacha, comhréireacha agus athchomhairleacha a chur i bhfeidhm i gcás sárúithe ar an Rialachán seo, ar Threoir 95/46/CE agus ar na forálacha náisiúnta arna nglacadh dá mbun, agus go háirithe i gcás úsáide calaoisí sonraí pearsanta.

Airteagal 34

An ceart éisteacht a fháil

Sula nglacfaidh an tÚdarás nó Oifigeach Údarúcháin Pharlaimint na hEorpa cinneadh a bhféadfadh tionchar díobhálach a bheith aige ar chearta páirtí pholaitiúil Eorpaigh, fondúireachta polaitiúla Eorpaí nó iarratasóra amháin dá dtagraítear in Airteagal 8, tabharfaidh sé éisteacht d'ionadaithe an pháirtí pholaitiúil Eorpaigh, na fondúireachta polaitiúla Eorpaí nó an iarratasóra lena mbaineann. Déanfaidh an tÚdarás nó Parlaimint na hEorpa na cúiseanna dá chinneadh a lua go cuí.

Airteagal 35

Ceart achomhairc

Féadfaidh cinní arna ndéanamh de bhun an Rialacháin seo a bheith faoi réir imeachtaí cúirte os comhair Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, i gcomhréir le forálacha ábhartha CFAE.

Airteagal 36

An tarmligeán a fheidhmiú

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 7(2) agus in Airteagal 8(3) a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse cúig bliana amhail ón 24 Samhain 2014. Déanfaidh an Coimisiún, tráth nach déanaí ná naoi mí roimh dheireadh na tréimhse cúig bliana, tuarascáil a tharraingt suas maidir le tarmligeán na cumhachta. Déanfar tarmligeán na cumhachta a fhadú go hintuigthe go ceann tréimhsí comhfhaid, mura rud é go gcuireann Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle in aghaidh an fhadaithe sin tráth nach déanaí ná trí mhí roimh dheireadh gach tréimhse.

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligeán na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 7(2) agus in Airteagal 8(3) a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinnidh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligeán na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana féin.

4. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle ina leith an tráth céanna.

5. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 7(2) agus Airteagal 8(3) i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa nó ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dheireadh na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

Airteagal 37

An nós imeachta coiste

1. Tabharfaidh coiste cúnamh don Choimisiún. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

2. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

Airteagal 38

Meastóireacht

Déanfaidh Parlaimint na hEorpa, tar éis di dul i gcomhairle leis an Údarás, tuarascáil a fhoilsiú faoi lár 2018 maidir le cur i bhfeidhm an Rialacháin seo agus leis na gníomhaíochtaí arna gcistiú. Léireofar sa tuarascáil, i gcás inarb iomchuí, leasuithe féideartha atá le déanamh ar na córais reachta agus cistiúcháin.

Roimh dheireadh 2018, déanfaidh an Coimisiún tuarascáil a thíolacadh maidir le cur i bhfeidhm an Rialacháin seo a mbeidh ag gabháil leis, más iomchuí, togra reachtach chun an Rialachán seo a leasú.

Airteagal 39

Cur i bhfeidhm éifeachtach

Déanfaidh na Ballstáit cibé foráil is iomchuí chun cur i bhfeidhm éifeachtach an Rialacháin seo a áirithiú.

Airteagal 40

Aisghairm

Aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2004/2003 le héifeacht ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo. Leanfaidh sé d'fheidhm a bheith aige, áfach, maidir le gníomhartha agus gealltanais a bhaineann le cistiú páirtithe polaitiúla agus fondúireachtaí polaitiúla ar an leibhéal Eorpach do na blianta buiséid 2014, 2015, 2016 agus 2017.

Airteagal 41

Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe amhail dá dtagraítear in Airteagal 7(2) agus i bpointe (a) d'Airteagal 8(3) tráth nach déanaí ná an 1 Iúil 2015.

Beidh feidhm ag an Rialachán seo amhail ón 1 Eanáir 2017. Cuirfear ar bun an tÚdarás dá dtagraítear in Airteagal 6, áfach, faoin 1 Meán Fómhair 2016. Ní fhéadfaidh páirtithe polaitiúla Eorpacha agus fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha a bheidh cláraithe tar éis an 1 Eanáir 2017 ach cistiú faoin Rialachán seo a iarraidh le haghaidh gníomhaíochtaí a bheidh ag tosú sa bhliain bhuiséid 2018 nó ina dhiaidh sin.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh in Strasbourg an 22 Deireadh Fómhair 2014.

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa

An tUachtarán

M. SCHULZ

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

B. DELLA VEDOVA

IARSCRÍBHINN

Dearbhú caighdeánach atá le comhlánú ag gach iarratasóir

Déanann an duine a bhfuil a shíniú anseo thíos, a bhfuil sainordú iomlán aige ó [ainm an pháirtí pholaitiúil Eorpaigh nó na fondúireachta polaitiúla Eorpaí], a dheimhniú leis seo:

go bhfuil [ainm an pháirtí pholaitiúil Eorpaigh nó na fondúireacht polaitiúla Eorpaí] tiomanta na coinníollacha le haghaidh clárú a leagtar síos i bpointe (c) d'Airteagal 3(1) nó pointe (c) d'Airteagal 3(2) de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1141/2014 a chomhlíonadh, i.e. go ndéanfaidh sé a chomhall, ina chláir/cláir agus ina ghníomhaíochtaí/gníomhaíochtaí, na luachanna ar a bhfuil an tAontas Eorpach fothaithe, faoi mar a chuirtear in iúl in Airteagal 2 den Chonradh ar an Aontas Eorpach, eadhon meas ar dhínit an duine, ar an tsaoirse, ar an daonlathas, ar an gcothromas, ar an smacht reachta agus meas ar chearta an duine, lena n-áirítear na cearta atá ag daoine ar de ghrúpaí mionlaigh iad.

Sínitheoir údaráithe:

Teideal (Bn, an tUas., ...) sloinne agus céadainm:	
Feidhm san eagraíocht atá ag déanamh iarratais ar chlárú mar pháirtí polaitiúil Eorpach/fondúireacht pholaitiúil Eorpach:	
Áit/dáta:	
Síniú:	

RIALACHÁN (AE, EURATOM) Uimh. 1142/2014 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

an 22 Deireadh Fómhair 2014

lena leasaítear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 maidir le maoiniú páirtithe polaitiúla Eorpacha

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 322 de, i gcomhar leis an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach, agus go háirithe Airteagal 106a de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na Parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ón gCúirt Iniúchóirí⁽¹⁾,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach⁽²⁾,

De bharr an méid seo a leanas:

- (1) Tá tábhacht le páirtithe polaitiúla ar leibhéal Eorpach mar thoisc do lánpháirtiú laistigh den Aontas.
- (2) In Airteagal 10 den Chonradh ar an Aontas Eorpach agus in Airteagal 12(2) de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, dearbhaítear go rannchuidíonn páirtithe polaitiúla ar leibhéal Eorpach le feacht pholaitiúil Eorpach a fhoirmiú agus le toil pholaitiúil shaoránaigh an Aontais a chur in iúl.
- (3) An 4 Samhain 2003, ghlac Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle Rialachán (CE) Uimh. 2004/2003 maidir leis na rialacháin lena rialaítear páirtithe polaitiúla ar an leibhéal Eorpach agus na rialacha maidir lena gcistiú⁽³⁾.
- (4) I rún uaithi an 6 Aibreán 2011 maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (CE) Uimh. 2004/2003 maidir leis na rialacháin lena rialaítear páirtithe polaitiúla ar an leibhéal Eorpach agus maidir leis na rialacha a bhaineann lena gcistiú⁽⁴⁾, mhol Pharlaimint na hEorpa, i bhfianaise na taithí a bhí faighte, feabhsuithe áirithe maidir le maoiniú páirtithe polaitiúla Eorpacha agus fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha.
- (5) An 22 Deireadh Fómhair 2014 ghlac Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1141/2014⁽⁵⁾ lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2004/2003 agus lena leagtar síos rialacha nua maidir le, *inter alia*, cistiú páirtithe polaitiúla agus fondúireachtaí polaitiúla ar an leibhéal Eorpach, go háirithe maidir le coinníollacha cistiúcháin, dámhachtain agus leithdháileadh cistiúcháin, deonacháin agus ranníocaíochtaí, maoiniú feachtas le haghaidh thoghcháin Pharlaimint na hEorpa, caiteachas inaisíoctha, an toirmeasc chistiú, cuntais, tuairisciú agus iniúchóireacht, cur chun feidhme agus rialú, pionóis, comhar idir an tÚdarás um Páirtithe agus Fondúireachtaí Polaitiúla Eorpacha, Oifigeach Údarúcháin de chuid Parlaimint na hEorpa agus na Ballstáit, agus trédhearcacht.
- (6) Ba cheart le Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁽⁶⁾ (“an Rialachán Airgeadais” anseo feasta) go n-áireofaí rialacha maidir leis na ranníocaíochtaí ó bhuiséad ginearálta an Aontais chuig na páirtithe polaitiúla Eorpacha mar a fhoráiltear i Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1141/2014. Leis na rialacha sin, ba cheart a chur ar chumas páirtithe polaitiúla ar an leibhéal Eorpach tuilleadh solúbthachta a bheith acu maidir leis na teorainneacha ama chun na ranníocaíochtaí sin a úsáid, faoi mar a éilíonn na cineálacha sin gníomhaíochtaí.
- (7) Ní oireann an córas i dtaca le tacaíocht airgeadais a sholáthar do pháirtithe polaitiúla Eorpacha trí bhíthin deontais oibriúcháin dá bhforáiltear in Airteagal 125(6) den Rialachán Airgeadais do riachtanais na bpáirtithe sin, go háirithe i ndáil leis an oibleagáid clár oibre bliantúil a chur isteach, ceanglas nach ann dó i reachtaíocht na mBallstát. Dá bhrí sin, ba cheart don tacaíocht a thugtar do pháirtithe polaitiúla Eorpacha a bheith i bhfoirm ranníocaíochta sonraí, a fhreastalóidh ar riachtanais shonracha na bpáirtithe polaitiúla Eorpacha. Ós rud é, áfach, go leanann na fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha de bheith faoi réir fhorálacha deontais an Rialacháin Airgeadais, ba cheart go bhféadfadh an tabhairt anonn teoranta do thrí mhí dá bhforáiltear faoi láthair le hAirteagal 125(6) den Rialachán Airgeadais feidhm a bheith aici ina leith.

⁽¹⁾ IO C 4, 8.1.2014, lch. 1.

⁽²⁾ Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 16 Aibreán 2014 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil) agus cinneadh ón gComhairle an 29 Meán Fómhair 2014.

⁽³⁾ Rialachán (CE) Uimh. 2004/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Samhain 2003 maidir leis na rialacháin lena rialaítear páirtithe polaitiúla ar leibhéal Eorpach agus maidir leis na rialacha a bhaineann lena gcistiú (IO L 297, 15.11.2003, lch. 1).

⁽⁴⁾ IO C 296 E, 2.10.2012, lch. 46.

⁽⁵⁾ Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1141/2014 an 22 Deireadh Fómhair 2014 maidir le reacht agus cistiú páirtithe polaitiúla Eorpacha agus fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha (Féach leathanach 1 den Iris Oifigiúil seo).

⁽⁶⁾ Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (IO L 298, 26.10.2012, lch. 1).

- (8) Cé go ndeonaítear tacaíocht airgeadais gan gá a bheith ann le clár oibre bliantúil, ba cheart do pháirtithe polaitiúla Eorpacha údar cuí a léiriú *ex post* maidir le húsáid fhónta chistí an Aontais. Go háirithe, ba cheart don oifigeach údarúcháin freagrach a fhíorú ar úsáideadh na cistí chun caiteachas inaisíoctha a íoc, faoi mar a leagtar síos sa ghlaó ar ranníocaíochtaí, laistigh de na teorainneacha ama a leagtar síos sa Rialachán seo. Ba cheart ranníocaíochtaí a dhéantar le páirtithe polaitiúla Eorpacha a chaitheamh roimh dheireadh na bliana airgeadais tar éis bhliain a dhámhachtain agus ina dhiaidh sin ba cheart don oifigeach údarúcháin freagrach aon chistí nár caitheadh a ghnóthú.
- (9) Cistiú an Aontais a dámhadh chun costais oibriúcháin páirtithe polaitiúla Eorpacha a mhaoiniú, níor cheart iad a úsáid chun críocha eile seachas na críocha sin atá bunaithe i Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1141/2014, go háirithe chun eintitis eile amhail páirtithe polaitiúla náisiúnta a mhaoiniú go díreach nó go hindíreach. Ba cheart do pháirtithe polaitiúla Eorpacha na ranníocaíochtaí a úsáid chun céatadán den chaiteachas reatha agus de chaiteachas todhchaí a íoc seachas caiteachas nó fiacha arna dtabhú sular cuireadh isteach na hiarratais ar ranníocaíochtaí.
- (10) Ba cheart dámhachtain na ranníocaíochtaí a shimpliú freisin agus a chur in oiriúint do shainiúlachtaí na bpáirtithe polaitiúla Eorpacha, go háirithe trí gan critéir roghnúcháin a bheith ann, réamhíocaíocht iomlán aonair a bhunú mar riail ghinearálta, agus tríd an deis cnapshuimeanna, maoiniú ar ráta comhréidh agus maoiniú costais aonaid a úsáid.
- (11) Ba cheart na ranníocaíochtaí ó bhuiséad ginearálta an Aontais a fhionraí, a laghdú nó a fhoirceannadh má sháraíonn páirtithe polaitiúla Eorpacha na hoibleagáidí a leagtar síos i Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1141/2014.
- (12) Ba cheart pionóis atá bunaithe ar an Rialachán Airgeadais agus ar Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1141/2014 araon a fhorchur ar bhealach comhleanúnach agus prionsabal *ne bis in idem* á urramú. I gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1141/2014 ní fhorchuirfear pionóis riaracháin agus/nó airgeadais dá bhforáiltear sa Rialachán Airgeadais i gceann de na cásanna inar forchuireadh pionóis cheana féin ar bhonn Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1141/2014.
- (13) Ba cheart, dá bhrí sin, an Rialachán Airgeadais a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 mar a leanas:

- (1) I mír 2 d'Airteagal 121, cuirtear isteach an pointe seo a leanas:

“(j) ranníocaíochtaí leis na páirtithe polaitiúla Eorpacha dá dtagraítear i dTeideal VIII de Chuid a Dó.”

- (2) Leasaítear Airteagal 125 mar a leanas:

- (a) scriostar an dara fomhír de mhír 3;
- (b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 6:

“6. Má bhaineann fondúireacht pholaitiúil Eorpach de réir bhrí Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1141/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*) amach barrachas ioncaim a sháraíonn caiteachas i ndeireadh bliana airgeadais a raibh deontas oibriúcháin faighte aige lena linn, féadfar, de mhaolú ar phrionsabal an neamhbhrabúis a leagtar síos i mír 4 den Airteagal seo, an chuid den bharrachas a chomhfhreagraíonn do suas le 25 % d'ioncam iomlán na bliana sin a thabhairt anonn go dtí an bhliain ina dhiaidh sin ar choinníoll go n-úsáidfear roimh dheireadh na chéad ráithe den bhliain ina dhiaidh sin í.

(*) Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1141/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2014 maidir le reacht agus cistiú páirtithe polaitiúla Eorpacha agus fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha (IO L 317 4.11.2014, lch. 1).”

- (3) I gCuid a Dó, cuirtear isteach an Teideal seo a leanas:

“TEIDEAL VIII

RANNÍOCAÍOCHTAÍ LE PÁIRTITHE POLAITIÚLA EORPACHA

Airteagal 204a

Forálacha ginearálta

1. Chun críocha an Rialacháin seo, ciallaíonn páirtithe polaitiúla Eorpacha na heintitis atá cláraithe amhlaidh i gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1141/2014.

2. Féadfar ranníocaíochtaí airgeadais díreacha ón mbuiséad a dhámhachtain ar pháirtithe polaitiúla Eorpacha i bhfianaise a mhéid a rannchuidíonn siad le feachtas pholaitiúil Eorpach a fhoirmiú agus le toil pholaitiúil shaoránaigh an Aontais a chur in iúl i gcomhréir le forálacha Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1141/2014.

Airteagal 204b

Prionsabail

1. Ní úsáidfeadh ranníocaíochtaí ach chun an céatadán a leagtar amach in Airteagal 17(4) de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1141/2014 de chostais oibriúcháin páirtithe polaitiúla Eorpacha a aisíoc, ar costais iad atá nasctha go díreach le cuspóirí na bpáirtithe sin, mar a shonraítear in Airteagal 17(5) agus in Airteagal 21 den Rialachán sin.

2. Féadfar ranníocaíochtaí a úsáid chun caiteachas a bhaineann le conarthaí arna dtabhairt i gcrích ag páirtithe polaitiúla Eorpacha a aisíoc, ar choinníoll nach raibh aon choinbheachtaí leasa ann nuair a dámhadh iad.

3. Ní úsáidfeadh ranníocaíochtaí chun aon bhuntáiste pearsanta a thabhairt go díreach nó go hindíreach, in airgead tirim nó i gcomhchineál, d'aon duine aonair nó d'aon chomhalta d'fhoireann pháirtí polaitiúil Eorpach. Ní úsáidfeadh ranníocaíochtaí chun gníomhaíochtaí tríú páirtithe a mhaoiniú go díreach nó go hindíreach, go háirithe páirtithe polaitiúla náisiúnta nó fondúireachtaí polaitiúla ar an leibhéal Eorpach nó ar an leibhéal náisiúnta, bídis i bhfoirm deontas, deonacháin, iasachtaí nó aon chomhaontuithe cosúla. Ní úsáidfeadh ranníocaíochtaí chun aon chríoch a eisítear le hAirteagal 22 de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1141/2014.

4. Beidh ranníocaíochtaí faoi réir phrionsabail na trédhearcachta agus na córa comhionainne, i gcomhréir leis na critéir a leagtar síos i Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1141/2014.

5. Dámhfaidh Parlaimint na hEorpa ranníocaíochtaí ar bhonn bliantúil agus foilseofar iad i gcomhréir le hAirteagal 35(2) den Rialachán seo agus le hAirteagal 32(1) de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1141/2014.

6. Páirtithe polaitiúla Eorpacha a fhaigheann ranníocaíocht, ní bhfaighidh siad go díreach nó go hindíreach cistí eile ón mbuiséad. Go háirithe, déanfar deonacháin ó bhuiséid grúpaí polaitiúla i bParlaimint na hEorpa a thoirmeasc. Ní dhéanfar i gcás ar bith aon ítim caiteachais a mhaoiniú faoi dhó ón mbuiséad.

Airteagal 204c

Gnéithe buiséadacha

Íocfar ranníocaíochtaí ó chuid Pharlaimint na hEorpa den bhuiséad. Na leithreasaí a chuirtear i leataobh do na comhlachtaí iniúchóireachta seachtracha náisiúnta nó do na saineolaithe dá dtagraítear in Airteagal 23 de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1141/2014, déanfar iad a mhuireadú go díreach ar bhuiséad Pharlaimint na hEorpa.

Airteagal 204d

Glaó ar ranníocaíochtaí

1. Dámhfar ranníocaíochtaí trí bhíthin glaó ar ranníocaíochtaí a fhoilseofar gach bliain, ar shuíomh gréasáin Pharlaimint na hEorpa ar a laghad.

2. Ní fhéadfar ach ranníocaíocht amháin in aghaidh na bliana a dhámhachtain ar pháirtí polaitiúil Eorpach.

3. Ní fhéadfaidh páirtí polaitiúil Eorpach ranníocaíocht a fháil ach amháin má dhéanann sé iarratas ar chistiú ar na téarmaí agus na coinníollacha atá leagtha síos sa ghlaó ar ranníocaíochtaí.

4. Cinnfear sa ghlaó ar ranníocaíochtaí na critéir incháilitheachta atá le comhlíonadh ag an iarratasóir mar aon leis na critéir eisiaimh.

5. Cinnfear sa ghlaó ar ranníocaíochtaí, ar a laghad, an cineál caiteachais a fhéadfar a aisíoc leis an ranníocaíocht.

6. Éileofar buiséad measta sa ghlaó ar ranníocaíochtaí.

Airteagal 204e

Nós imeachta um dhámhachtain

1. Déanfar iarratais ar ranníocaíochtaí a chur isteach go cuí agus in am i scríbhinn, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, i bhformáid leictreonach shlán.

2. Ní dhámhfar ranníocaíochtaí ar iarratasóirí atá, tráth nós imeachta um dhámhachtain na ranníocaíochtaí, i gceann de na cásanna dá dtagraítear in Airteagal 106(1) agus Airteagal 107 agus pointe (a) d'Airteagal 109(1), ná ar iarratasóirí atá cláraithe sa bhunachar sonraí lárnach maidir le heisiamh dá dtagraítear in Airteagal 108.
3. Beidh sé de cheangal ar iarratasóirí a dheimhniú nach bhfuil siad i gceann de na cásanna dá dtagraítear i mír 2.
4. Dámhfar ranníocaíochtaí trí bhíthin comhaontú nó cinneadh ranníocaíochta mar atá sonraithe sa ghlaó ar ranníocaíochtaí.
5. Féadfaidh coiste a bheith de chúnamh ag an oifigeach údarúcháin freagrach chun meastóireacht a dhéanamh ar an gcinneadh dámhachtana agus chun an cinneadh sin a dhéanamh. Sonróidh an t-oifigeach údarúcháin freagrach, agus aird chuí á tabhairt aige ar phrionsabal na trédhearcachta agus ar phrionsabal na córa comhionainne, na rialacha maidir le comhdhéanamh, ceapadh agus feidhmiú an choiste sin, agus rialacha chun coinbhleacht leasa a sheachaint.

Airteagal 204f

An nós imeachta meastóireachta

1. Roghnófar iarratais ar bhonn na gcritéir dámhachtana a leagtar amach i Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1141/2014 as measc iarratas a chomhlíonann na critéir incháilitheachta agus eisiamh.
2. Is leis na critéir incháilitheachta a chinnfear na coinníollacha faoina mbeidh iarratasóir in ann ranníocaíocht a fháil i gcomhréir leis na rialacha a leagtar síos i Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1141/2014.
3. Luafar sa chinneadh maidir leis na hiarratais ón oifigeach údarúcháin atá freagrach an méid seo a leanas ar a laghad:
 - (a) ábhar agus méid foriomlán na ranníocaíochta;
 - (b) ainm na n-iarratasóirí arna roghnú agus na méideanna arna nglacadh;
 - (c) ainmneacha aon iarratasóirí arna ndiúltú agus na cúiseanna leis an diúltú sin.
4. Cuirfidh an t-oifigeach údarúcháin atá freagrach an cinneadh maidir lena n-iarratais in iúl do na hiarratasóirí i scríbhinn. Má dhiúltaítear an t-iarratas ar chistiú nó mura ndámhtar na méideanna arna n-iarraidh i bpáirt nó ina n-iomláine, tabharfaidh an t-oifigeach údarúcháin na cúiseanna le diúltú an iarratais nó le gan na méideanna arna n-iarraidh a dhámhachtain, ag tagairt go háirithe do na critéir incháilitheachta agus dámhachtana dá dtagraítear i mír 1 agus i mír 2. Má dhiúltaítear don iarratas, déanfaidh an t-oifigeach údarúcháin freagrach a chur in iúl don iarratasóir cad iad na modhanna sásaimh riaracháin agus/nó breithiúnaigh atá ar fáil amhail dá bhforáiltear le hAirteagal 97 den Rialachán seo.

Airteagal 204g

Foirm na ranníocaíochtaí

1. Féadfar ranníocaíochtaí a dhéanamh sna foirmeacha seo a leanas:
 - (a) aisíocaíocht ar chéatadán den chaiteachas inaisíochta arna thabhtú go hiarbhír;
 - (b) aisíocaíocht ar bhonn costas aonaid;
 - (c) cnapshuimeanna;
 - (d) maoiniú ar ráta comhréidh;
 - (e) meascán de na foirmeacha dá dtagraítear i bpointe (a) go pointe (d).
2. Ní féidir ach caiteachas a chomhlíonann na critéir arna mbunú sna glaonna ar ranníocaíochtaí agus nár tabhaíodh roimh an dáta ar a gcuirtear an t-iarratas isteach a aisíoc.

Airteagal 204h

Rialacha maidir le ranníocaíocht

1. Cumhdóidh maoiniú ar ráta comhréidh catagóirí sonracha de chaiteachas inaisíochta arna sainaitheint go soiléir roimh ré, trí chéatadán a chur i bhfeidhm.
2. Cumhdóidh cnapshuimeanna, i dtéarmaí uilíocha, caiteachais áirithe is gá chun gníomhaíocht shonrach de chuid an pháirtí pholaitiúil Eorpaigh a thabhairt i gcrích. Ní úsáidfear cnapshuimeanna ach in éineacht le cineálacha eile ranníocaíochtaí.

3. Cumhdóidh costas aonaid na catagóirí ar fad nó catagóirí sonracha den chaiteachas inaisíoctha arna sainaithint go soiléir roimh ré, trí thagairt a dhéanamh do mhéid in aghaidh an aonaid.

4. I gcás ina n-úsáidtear cnapshuimeanna, maoiniú ar ráta comhréidh nó costais aonaid, saineofar iad sa ghlaoh ar ranníocaíochtaí de réir a méideanna agus rátaí faoi seach, i gcás inarb infheidhme. Beidh sa ghlaoh ar ranníocaíochtaí freisin tuairisc ar na modhanna chun cnapshuimeanna, maoiniú ar ráta comhréidh nó costais aonaid a chinneadh, agus beidh sé sin bunaithe ar mhodhanna oibiachtúla amhail sonraí staidrimh, sonraí stairiúil deimhnithe nó iniúchta na bpáirtithe polaitiúla Eorpacha nó a ngnáthchleachtais cuntasáiochta costála. Áireofar sa chomhaontú nó sa chinneadh maidir le ranníocaíochtaí, forálacha lena bhfíorófar gur comhlíonadh na coinníollacha maidir le cnapshuimeanna, le maoiniú ar ráta comhréidh nó le costais aonaid a dhámhachtain.

Airteagal 204i

Réamh-mhaoiniú

Íocfar na ranníocaíochtaí ina n-iomláine trí íocaíocht réamh-mhaoinithe aonair amháin, ach amháin má chinneann an t-oifigeach údarúcháin freagrach, i gcásanna a bhfuil údar cuí leo, a mhalairt.

Airteagal 204j

Ráthaíochtaí

Féadfaidh an t-oifigeach údarúcháin freagrach, má mheasann sé nó sí é a bheith iomchuí agus comhréireach, ar bhonn cás ar chás agus faoi réir anailíse riosca, a cheangal ar an bpáirtí polaitiúil Eorpach ráthaíocht a thaisceadh roimh ré chun go dteorannófaí na rioscaí airgeadais a bhaineann le híocaíochta réamh-mhaoinithe a íoc i gcás, i bhfianaise na hanailíse riosca, go bhfuil gar-riosca ann go mbeidh an páirtí polaitiúil Eorpach i gceann amháin de na cásanna a bhfuil tuairisc orthu i bpointe (a) agus i bpointe (d) d'Airteagal 106(1) den Rialachán seo, agus sa chás sin amháin, nó nuair a bhíonn cinneadh ón Údarás um Páirtithe agus Fondúireachtaí Polaitiúla Eorpacha, arna bhunú faoi Airteagal 6 de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1141/2014 ("an tÚdarás") curtha in iúl do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle i gcomhréir le hAirteagal 10(4) den Rialachán sin.

Beidh feidhm *mutatis mutandis* ag na forálacha a leagtar síos in Airteagal 134 den Rialachán seo maidir leis an ráthaíocht réamh-mhaoinithe do dheontais i ndáil le ráthaíochtaí a d'fhéadfaí a éileamh sna cásanna dá bhforáiltear sa chéad mhír i gcás íocaíochtaí réamh-mhaoinithe a dhéantar le páirtithe polaitiúla Eorpacha.

Airteagal 204k

Úsáid ranníocaíochtaí

1. Déanfar ranníocaíochtaí a chaitheamh i gcomhréir le hAirteagal 204b.

2. Déanfar aon chuid den ranníocaíocht nach gcaitear laistigh den bhliain airgeadais arna cumhdach leis an ranníocaíocht sin (bliain n) a chaitheamh ar aon chaiteachas inaisíoctha arna thabhtú faoin 31 Nollaig de bhliain n+1. Gnóthófar aon chuid eile den ranníocaíocht nach gcaitear laistigh den teorainn ama sin i gcomhréir le Caibidil 5 de Theideal IV de Chuid a hAon.

3. Urramóidh páirtithe polaitiúla Eorpacha an t-uasráta cómhaoinithe a leagtar síos in Airteagal 17(4) de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1141/2014. Ní fhéadfar na méideanna atá fágtha de ranníocaíochtaí na bliana roimhe sin a úsáid chun maoiniú a dhéanamh ar an gcuid nach mór do pháirtithe polaitiúla Eorpacha a sholáthar óna n-acmhainní dílse. Ní dhéanfar ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe le himeachtaí comhpháirteacha a mheas mar chuid d'acmhainní dílse páirtí pholaitiúil Eorpaigh.

4. I dtús báire, úsáidfídh páirtithe polaitiúla Eorpacha an chuid den ranníocaíocht nár úsáideadh sa bhliain airgeadais arna cumhdach leis an ranníocaíocht sin sula n-úsáidfídh siad na ranníocaíochtaí arna ndámhachtain tar éis na bliana sin.

5. Measfar gur cuid den ranníocaíocht atá in aon ús a eascraíonn as na híocaíochtaí réamh-mhaoinithe.

Airteagal 204l

Tuarascáil maidir le húsáid na ranníocaíochtaí

1. Cuirfidh an páirtí polaitiúil Eorpach a thuarascáil bhliantúil maidir le húsáid na ranníocaíochta mar aon lena ráitis airgeadais bhliantúla i gcomhréir le hAirteagal 23 de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1141/2014 faoi bhráid an oifigigh údarúcháin freagrach lena bhformheas.

2. Dréachtóidh an t-oifigeach údarúcháin freagrach a thuarascáil gníomhaíochta bliantúla nó a thuarascáil gníomhaíochta bliantúla dá dtagraítear in Airteagal 66(9) den Rialachán seo ar bhonn na tuarascála bliantúla agus na ráiteas airgeadais bliantúil dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo. Féadfaidh sé nó sí aon doiciméid tacaíochta eile a úsáid chun críocha a thuarascáil nó a thuarascáil a dhréachtadh.

*Airteagal 204m***An t-iarmhéid a íoc**

1. Ní dhéanfar méid na ranníocaíochta a chinneadh go críochnaitheach go dtí go mbeidh an tuarascáil bhliantúil agus na ráiteas airgeadais bliantúil dá dtagraítear in Airteagal 204l(1) formheasta ag an oifigeach údarúcháin freagrach. Beidh formheas na tuarascála bliantúla agus na ráiteas airgeadais bliantúla gan dochar do sheiceálacha a dhéanfaidh an tÚdarás ina dhiaidh sin.
2. Ní dhéanfar an méid den réamh-mhaoiniú nach bhfuil caite a chinneadh go críochnaitheach go dtí go mbeidh an réamh-mhaoiniú úsáidte ag an bpáirtí polaitiúil Eorpach chun caiteachas inaisíochta a chomhlíonann na critéir arna sainiú sa ghlaio ar ranníocaíochtaí a íoc.
3. I gcás ina mainníonn an páirtí polaitiúil Eorpach na hoibleagáidí a bhaineann le húsáid na ranníocaíochta a chomhlíonadh, déanfar na ranníocaíochtaí a fhionraí, a laghdú nó fhoirceannadh tar éis deis a thabhairt don pháirtí polaitiúil Eorpach a bharúlacha a chur i láthair.
4. Sula ndéanfar an t-iarmhéid a íoc, fíoróidh an t-oifigeach údarúcháin freagrach go bhfuil an páirtí polaitiúil Eorpach cláraithe fós sa Chlár dá dtagraítear in Airteagal 7 de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1141/2014 agus nach raibh sé faoi réir aon cheann de na pionóis dá bhforáiltear in Airteagal 27 den Rialachán sin idir dáta a chur i bhfeidhm agus deireadh na bliana airgeadais arna cumhdach leis an ranníocaíocht.
5. I gcás nach bhfuil an páirtí polaitiúil Eorpach cláraithe a thuilleadh sa Chlár dá dtagraítear in Airteagal 7 de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1141/2014 nó i gcás ina raibh sé faoi réir aon cheann de na pionóis dá bhforáiltear in Airteagal 27 den Rialachán sin, féadfaidh an t-oifigeach údarúcháin atá freagrach an ranníocaíocht a fhionraí, a laghdú nó a fhoirceannadh agus méideanna a íocadh go míchuí faoin gcomhaontú nó cinneadh ranníocaíochta a ghnóthú, i gcomhréir le tromchúis na n-earráidí, na mírialtachtaí, na calaoise, nó sárú ar bith eile ar na hoibleagáidí a bhaineann le húsáid na ranníocaíochta, tar éis deis a thabhairt don pháirtí polaitiúil Eorpach a bharúlacha a chur i láthair.

*Airteagal 204n***Rialú agus pionóis**

1. I ngach comhaontú nó cinneadh ranníocaíochta, forálfar go sainráite d'fheidhmiú a gcumhachtaí rialaithe ag Parlaimint na hEorpa, ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise agus ag an gCúirt Iniúcháirí, ar bhonn doiciméad agus ar an láthair, maidir leis na páirtithe polaitiúla Eorpacha agus na conraitheoirí agus fochonraitheoirí ar fad a fuair cistiú ón Aontas.
2. Féadfaidh an t-oifigeach údarúcháin freagrach pionóis riaracháin agus airgeadais atá éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach a fhorchur ar iarratasóirí, i gcomhréir le hAirteagal 109 den Rialachán seo agus le hAirteagal 27 de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1141/2014.
3. Féadfar na pionóis dá dtagraítear i mír 2 a fhorchur freisin ar pháirtithe polaitiúla Eorpacha a rinne, tráth a cuireadh isteach an t-iarratas ar ranníocaíocht nó tar éis an ranníocaíocht a fháil, dearbhuithe bréagacha agus an fhaisnéis a d'iarr an t-oifigeach údarúcháin freagrach á soláthar nó ar pháirtithe polaitiúla Eorpacha a mhainnigh an fhaisnéis sin a sholáthar.

*Airteagal 204o***Taifid a choimeád**

1. Déanfaidh páirtithe polaitiúla Eorpach na taifid agus doiciméid tacaíochta uile, agus taifid eile is ábhartha a bhaineann leis an ranníocaíocht a choimeád ar feadh cúig bliana tar éis an tuarascáil bhliantúil agus ráitis airgeadais bhliantúla dá dtagraítear in Airteagal 204l(1) a thiúlacadh.
2. Déanfar taifid a bhaineann le hiniúcháireachtaí, achomhairc, dlíthíocht nó réiteach éileamh a eascraíonn as úsáid na ranníocaíochta a choimeád go dtí go dtiocfaidh deireadh leis na hiniúcháireachtaí, na hachomhairc, an dlíthíocht nó réiteach na n-éileamh sin.

*Airteagal 204p***Comhlachtaí nó saineolaithe iniúcháireachta seachtracha a roghnú**

Déanfar na comhlachtaí nó saineolaithe iniúcháireachta seachtracha neamhspleácha dá dtagraítear in Airteagal 23 de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1141/2014 a roghnú trí nós imeachta soláthair phoiblí. Ní bheidh téarma a gconartha níos faide ná cúig bliana. Tar éis dhá théarma as fad a chéile, measfar go bhfuil a gcuid leasanna i gcoinbhleacht ar shlí a d'fhéadfadh difear diúltach a dhéanamh d'fheidhmiú na hiniúcháireachta.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige amhail ón 1 Eanáir 2017. Leanfaidh an dara fomhír d'Airteagal 125(3) de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012, agus Airteagal 125(6) de, sa leagan ina rabhadar roimh na leasuithe a rinneadh le hAirteagal 1 den Rialachán seo, d'fheidhm a bheith acu maidir le gníomhartha agus gealltanais i ndáil le cistiú páirtithe polaitiúla ar an leibhéal Eorpach arna ndéanamh go dtí an 31 Nollaig 2017.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh in Strasbourg an 22 Deireadh Fómhair 2014.

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa

An tUachtarán

M. SCHULZ

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

B. DELLA VEDOVA

RIALACHÁN (AE) Uimh. 1143/2014 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE
an 22 Deireadh Fómhair 2014
maidir le tabhairt isteach agus leathadh speiceas coimhthíoch ionrach a chosc agus a bhainistiú

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 192(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa ⁽¹⁾

Tar éis dóibh dul i gcomhairle le Coiste na Réigiún,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach ⁽²⁾,

De bharr an méid seo a leanas:

- (1) Ní hábhar imní i gcónaí go dtagann speicis choimhthíocha, cibé acu ainmhithe, plandaí, fungais nó miocrorgánaigh, go háiteanna nua. Mar sin féin, is féidir le fo-thacar sonrach de speicis choimhthíocha éirí ionrach agus tionchar díobhálach tromchúiseach a bheith aige ar an mbithéagsúlacht agus ar na seirbhísí gaolmhara éiceachórais, chomh maith le tionchar sóisialta agus eacnamaíoch eile a bheith acu, ar tionchar é ba cheart a chosc. Tá thart ar 12 000 speiceas sa timpeallacht san Aontas agus i dtíortha eile na hEorpa ar speicis iad atá coimhthíoch, agus meastar thart ar 10 go 15 % acu a bheith ionrach.
- (2) Tá speicis choimhthíocha ionracha ar cheann de na príomhbhagairtí ar an mbithéagsúlacht agus ar na seirbhísí gaolmhara éiceachórais, go háirithe in éiceachórais atá iargúlta go geografach agus ó thaobh éabhlóide, amhail oileáin bheaga. Is féidir gur mó na rioscaí a bhaineann le speicis den sórt sin i ngeall ar an méadú mór atá tagtha ar an trádáil domhanda, ar an iompar, ar an turasóireacht agus ar an athrú aeráide.
- (3) Is féidir leis an mbagairt ar an mbithéagsúlacht agus ar na seirbhísí gaolmhara éiceachórais a thagann ó speicis choimhthíocha ionracha a bheith i bhfoirmeacha éagsúla, lena n-áirítear tionchair mhóra ar speicis dhúchasacha agus struchtúr agus feidhm éiceachóras trí athrú gnáthóg, creachóireacht, iomaíocht, tarchur galar, ionadú na speiceas dúchasach ar fud céatadáin shuntasaigh raoin agus trí éifeachtaí géiniteacha trí hibridiú. Ina theannta sin, is féidir le speicis choimhthíocha ionracha drochthionchar suntasach a imirt ar shláinte an duine agus ar an ngeilleagar freisin. Is eiseamail bheo agus codanna intáirgthe díobh, agus iad sin amháin, atá ina mbagairt don bhithéagsúlacht agus do sheirbhísí gaolmhara éiceachórais, do shláinte an duine nó don gheilleagar, agus ba cheart, mar sin, go mbeadh siadsan, agus siadsan amháin, faoi réir shrianta an Rialacháin seo.
- (4) Tá an tAontas, mar pháirtí sa Choinbhinsiún maidir leis an Éagsúlacht Bhitheolaíoch, a fhormheastar le Cinneadh 93/626/CEE ⁽³⁾, ón gComhairle faoi cheangal Airteagal 8(h) den Choinbhinsiún sin, faoina ndéanfaidh na Páirtithe, chomh fada agus is féidir agus de réir mar is iomchuí, “cosc a chur ar thabhairt isteach na speiceas coimhthíoch a bhagaíonn ar éiceachórais, gnáthóga nó speicis nó iad a rialú nó a dhíothú”.
- (5) Tá an tAontas, mar Pháirtí sa Choinbhinsiún maidir le Caomhnú Fhiadhúlra agus Ghnáthóga Nádúrtha na hEorpa, a fhormheastar le Cinneadh 82/72/CEE ón gComhairle ⁽⁴⁾, tar éis geallúint a thabhairt go ndéanfaidh sé gach beart iomchuí chun caomhnú ghnáthóga na speiceas fauna agus flora fiáine a áirithiú.

⁽¹⁾ IO C 177, 11.6.2014, lch. 84

⁽²⁾ Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 16 Aibreán 2014 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil) agus cinneadh ón gComhairle 29 Meán Fómhair 2014.

⁽³⁾ Cinneadh 93/626/CEE ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 1993 i ndáil le tabhairt i gcrích an Choinbhinsiúin maidir leis an Éagsúlacht Bhitheolaíoch (IO L 309, 13.12.1993, lch. 1).

⁽⁴⁾ Cinneadh 82/72/CEE ón gComhairle an 3 Nollaig 1981 i ndáil le tabhairt i gcrích an Choinbhinsiúin maidir le Caomhnú Fhiadhúlra agus Ghnáthóga Nádúrtha na hEorpa (IO L 38, 10.2.1982, lch. 1).

- (6) Chun tacú le gnóthú chuspóirí Threoracha 2000/60/CE ⁽¹⁾, 2008/56/CE ⁽²⁾ agus 2009/147/CE ⁽³⁾ ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Threoir 92/43/CEE ón gComhairle ⁽⁴⁾, ba cheart gurbh é a dhéanfaí leis an Rialachán seo iarmhairtí diúltacha speiceas coimhthíoch ionrach ar an mbithéagsúlacht agus arna seirbhísí gaolmhara bithéagsúlachta, agus ar shláinte agus sábháilteacht an duine a chosc, a íoslaghdú agus a mhaolú agus a dtionchar sóisialta agus eacnamaíoch a laghdú.
- (7) Téann roinnt speiceas ar imirce go nádúrtha mar fhreagra ar athruithe comhshaoil. Níor cheart iad a mheas mar speicis choimhthíocha ina dtimpeallacht nua agus ba cheart iad a eisiamh dá bhrí sin ó raon feidhme an Rialacháin seo. Ba cheart go ndíreofaí leis an Rialachán seo ar speicis a thugtar isteach san Aontas mar thoradh ar idirghabháil dhaonna, agus ar na speicis sin amháin.
- (8) Ar leibhéal an Aontais, faoi láthair tá níos mó ná 40 ceann de ghníomhartha maidir le sláinte ainmhithe ann, lena n-áirítear forálacha maidir le galair ainmhithe. Fairis sin, áirítear i dTreoir 2000/29/CE ⁽⁵⁾ ón gComhairle forálacha maidir le horgánaigh atá díobhálach do phlandaí nó do tháirgí plandaí, agus leagtar amach le Treoir 2001/18/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁶⁾ an córas is infheidhme maidir le horgánaigh ghéinmhodhnaithe. Dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh aon rialacha nua maidir le speicis choimhthíocha ionracha i gcomhréir leis na gníomhartha reachtacha sin de chuid an Aontais agus nach mbeadh siad ag forluí orthu agus níor cheart go mbeadh feidhm acu maidir le horgánaigh ar a ndíríonn na gníomhartha reachtacha sin.
- (9) Foráiltear le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ⁽⁷⁾ agus le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ⁽⁸⁾ ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus le Rialachán (CE) Uimh. 708/2007 ⁽⁹⁾ ón gComhairle do rialacha maidir le húsáid speiceas coimhthíoch áirithe a údarú chun críocha ar leith. Údaraíodh úsáid speiceas áirithe cheana faoi na córais sin tráth ar tháinig an Rialachán seo i bhfeidhm. D'fhonn creat dlíthiúil comhleanúnach a áirithiú, ba cheart na speicis a úsáidtear chun na gcríoch sin a eisiamh ó raon feidhme an Rialacháin seo.
- (10) Toisc go bhfuil speicis choimhthíocha ionracha líonmhar, tá sé tábhachtach a áirithiú go dtabharfar tosaíocht d'aghaidh a thabhairt ar an bhfo-thacar de speicis choimhthíocha ionracha a mheastar a bheith ina ábhar imní don Aontas. Ba cheart, dá bhrí sin, liosta na speiceas coimhthíoch ionrach sin a mheastar a bheith ina n-ábhar imní don Aontas ("liosta an Aontais") a bhunú agus a nuashonrú go rialta. Ba cheart a mheas gur ábhar imní don Aontas speiceas coimhthíoch ionrach má tá an damáiste arb é is cúis leis sna Ballstáit atá buailte chomh suntasach sin go dtugann sé bonn cirt le bearta tiomnaithe a ghlacadh ar bearta iad a bheith infheidhme ar fud an Aontais, lena n-áirítear sna Ballstáit nach bhfuil buailte nó nach dócha go mbuailfear iad fiú. Chun a áirithiú go bhfanfaidh sainnithint na speiceas coimhthíoch ionrach is ábhar imní don Aontas comhréireach, ba cheart liosta an Aontais a bhunú agus a nuashonrú go céimnitheach, de réir a chéile agus a bheith dírithe ar speicis a dhéanfaidh iad a áirithiú ar liosta an Aontais tionchar diúltach na speiceas sin a chosc, a laghdú nó a mhaolú ar bhealach costéifeachtach. Toisc gur minic a bhíonn na riachtanais chéanna éiceolaíocha ag speicis laistigh den ghrúpa tacsanomaíoch céanna agus toisc go bhféadfadh sé go mbeadh an riosca céanna ag baint leo, ba cheart, i gcás inarb iomchuí, go gceadófaí go n-áiríteofaí grúpaí tacsanomaíocha speiceas ar liosta an Aontais.
- (11) Is iad na critéir le speicis choimhthíocha ionracha a a chur ar liosta an Aontais an phríomhionstraim chun an Rialachán seo a chur i bhfeidhm. Lena áirithiú go mbainfí leas éifeachtach as na hacmhainní, ba cheart go gcinnteofaí leis na critéir gurb iad na speicis choimhthíocha ionracha is mó a bhfuil tionchar diúltach acu as measc na speiceas ionchasach coimhthíoch ionrach a bhfuiltear ar an eolas fúthu faoi láthair na cinn a chuirfear ar an liosta. Ba cheart go gcuirfidh an Coimisiún togra isteach le haghaidh liosta de chuid an Aontais a bhunófar ar na critéir sin a chur faoi bhráid an Choiste arna bhunú leis an Rialachán seo laistigh de bhliain amháin ó theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo. Agus liosta an Aontais á mholadh aige, ba cheart don Choimisiún a chur in iúl don

⁽¹⁾ Treoir 2000/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2000 lena mbunaítear creat do ghníomhaíocht Chomhphobail i réimse an bheartais uisce (IO L 327, 22.12.2000, lch. 1).

⁽²⁾ Treoir 2008/56/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Meitheamh 2008 lena mbunaítear creat do ghníomhaíochtaí Chomhphobail i réimse an bheartais chomhshaoil mhuirí (An Treoir Réime um Straitéis Mhuirí) (IO L 164, 25.6.2008, lch. 19).

⁽³⁾ Treoir 2009/147/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Samhain 2009 maidir le héin fhiáine a chaomhnú (IO L 20, 26.1.2010, lch. 7).

⁽⁴⁾ Treoir 92/43/CEE ón gComhairle an 21 Bealtaine 1992 maidir le gnáthóga nádúrtha agus fauna agus flora fiáine a chaomhnú (IO L 206, 22.7.1992, lch. 7).

⁽⁵⁾ Treoir 2000/29/CE ón gComhairle an 8 Bealtaine 2000 maidir le bearta cosanta i gcoinne orgánaigh atá dochrach do phlandaí nó táirgí plandaí a thabhairt isteach sa Chomhphobal agus i gcoinne a leathadh laistigh den Chomhphobal (IO L 169, 10.7.2000, lch. 1).

⁽⁶⁾ Treoir 2001/18/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Márta 2001 maidir le horgánaigh ghéinmhodhnaithe a scaoileadh d'aonghnó sa chomhshaoil agus lena n-aisghairtear Treoir 90/220/CEE ón gComhairle (IO L 106, 17.4.2001, lch. 1).

⁽⁷⁾ Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh agus lena n-aisghairtear Treoir 79/117/CEE agus Treoir 91/414/CEE ón gComhairle (IO L 309, 24.11.2009, lch.1).

⁽⁸⁾ Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2012 maidir le táirgí bithicéideacha a chur ar fáil ar an margadh agus a úsáid (IO L 167, 27.6.2012, lch. 1).

⁽⁹⁾ Rialachán (CE) Uimh. 708/2007 an 11 Meitheamh 2007 maidir le húsáid speiceas coimhthíoch agus speiceas atá in easnamh go háitiúil sa doibharshaothrú (IO L 168, 28.6.2007, lch.1).

Choiste conas a chuir sé na critéir sin san áireamh. Ba cheart a áireamh sna critéir measúnú riosca de bhun na bhforálacha is infheidhme faoi Chomhaontuithe ábhartha na hEagraíochta Domhanda Trádála (EDT) maidir le srianta a chur le trádáil ar speicis.

- (12) Chun nach gcuirfear costais dhíreireacha nó iomarcacha ar aon Bhallstát agus chun go gcosnófar breisluach ghníomhaíocht an Aontais tríd an Rialachán seo, ba cheart don Choimisiún, agus liosta an Aontais agus na bearta iarmhartacha á moladh aige, an costas cur chun feidhme do na Ballstáit, an chost-éifeachtacht, na gnéithe socheacnamaíocha agus an costas a bhaineann le neamhghníomhaíocht a chur san áireamh. Sa chomhthéacs seo, agus na speicis choimhthíocha ionracha á roghnú le háireamh ar liosta an Aontais, ba cheart aird ar leith a thabhairt ar speicis a úsáidtear go forleathan agus a mbaintear leasanna sóisialta agus eacnamaíocha suntasacha astu i mBallstát, gan spriocanna an Rialacháin seo a chur i gcontúirt.
- (13) D'fhonn comhlíonadh na rialacha faoi na Comhaontuithe ábhartha ETD agus cur i bhfeidhm comhleanúnach an Rialacháin seo a áirithiú, ba cheart critéir chomhchoiteanna a bhunú chun an measúnú riosca a dhéanamh. I gcás inarb iomchuí, ba cheart na critéir sin a bhunú ar na caighdeáin náisiúnta agus idirnáisiúnta atá ann cheana agus ba cheart go gcuimseoidís gnéithe éagsúla de shaintréithe na speiceas, an riosca agus na modhanna tabhartha isteach san Aontas, tionchar diúltach sóisialta, eacnamaíoch, agus bithéagsúlachta na speiceas, tairbhí féideartha na n-úsáidí agus na costais a bhaineann le maolú chun iad a chur i gcomparáid leis na tionchair dhiúltacha, chomh maith le measúnú ar na costais a d'fhéadfadh a bheith i gceist le damáiste don chomhshaoil, agus an damáiste sóisialta agus eacnamaíoch agus an tábhacht don Aontas á léiriú, le go ndéanfar bonn cirt a thabhairt le gníomhaíocht anuas air sin. D'fhonn an córas a fhorbairt de réir a chéile agus tógáil ar an taithí a fuarthas, ba cheart an cur chuige foriomlán a mheasúnú faoin 1 Meitheamh 2021.
- (14) Tá roinnt speiceas coimhthíoch ionrach san áireamh in Iarscríbhinn B a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 338/97 ón gComhairle ⁽¹⁾, agus tá cosc ar a n-allmhairiú isteach san Aontas i ngeall ar a gcarachtar ionrach aitheanta agus toisc go bhfuil drochthionchar ag a dtabhairt isteach san Aontas ar speicis dhúchasacha. Seo iad na speicis sin: *Callosciurus erythraeus*, *Sciurus carolinensis*, *Oxyura jamaicensis*, *Lithobates* (*Rana*) *catesbeianus*, *Sciurus niger*, *Chrysemys picta* agus *Trachemys scripta elegans*. Chun creat dlíthiúil comhleanúnach agus rialacha aonfhoirmeacha maidir le speicis choimhthíocha ionracha a áirithiú ar leibhéal an Aontais, ba cheart liostú na speiceas coimhthíoch ionrach sin mar speicis choimhthíocha ionracha a bhreithniú mar ábhar tosaíochta.
- (15) Is fearr an cosc ó thaobh an chomhshaoil de i gcoitinne agus is éifeachtaí é ó thaobh costais de ná frithghníomh tar éis an ionraidh, agus ba cheart tosaíocht a thabhairt dó. Mar sin, ba cheart tosaíocht a thabhairt do na speicis nach bhfuil fós san Aontas nó atá ag céim luath den ionradh a liostú agus tosaíocht a thabhairt do na speicis ar dóigh a mbeidh an tionchar diúltach is mó acu. Toisc gur féidir speicis choimhthíocha ionracha nua a thabhairt isteach san Aontas go leanúnach agus toisc go bhfuil speicis choimhthíocha atá ann ag leathadh agus ag leathnú a raoin, ní mór a áirithiú go ndéanfar athbhreithniú leanúnach ar liosta an Aontais agus go gcoimeádfar cothrom le dáta é.
- (16) Ba cheart scrúdú a dhéanamh ar an gcomhar réigiúnach idir Ballstáit ar ábhar inní dóibh na speicis chéanna, ar speicis iad nach bhfuil in ann líon inmharthanach a bhunú i gcuid mhór den Aontas. I gcás gur fearr a bhainfí amach cuspóirí an Rialacháin seo trí bhearta ar leibhéal an Aontais, d'fhéadfaí na speicis sin a áireamh ar liosta an Aontais freisin.
- (17) Le linn cuspóirí an Rialacháin seo a shaothrú, tá sé oiriúnach staid shonrach na réigiún is forimeallaí a chur san áireamh, agus go háirithe cé chomh iargúlta nó chomh scoite amach is atá siad agus uathúlacht a mbithéagsúlachta faoi seach. Dá bhrí sin, ba cheart na riachtanais faoin Rialachán seo maidir le bearta sriantacha agus coisctheacha a dhéanamh a bhaineann le speicis choimhthíocha ionracha is ábhar inní don Aontas a oiriúntú do shainiúlachtaí na réigiún forimeallach, mar a shainítear iad sa Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), agus Cinntí 2010/718/AE ⁽²⁾ agus 2012/419/AE ⁽³⁾ ón gComhairle Eorpach á gcur san áireamh.
- (18) Dúshlán trasteorann don Aontas ar fad is ea na rioscaí agus na hábhair inní a bhaineann le speicis choimhthíocha ionracha. Ní mór, dá bhrí sin, toirmeasc a ghlacadh, ar leibhéal an Aontais, ar speiceas coimhthíoch ionrach is ábhar inní don Aontas a thabhairt isteach san Aontas, a atáirgeadh, a chur ag fás, a iompar, a cheannach, a dhíol, a úsáid, a mhalartú, a choimeád agus a scaoileadh, d'aonghnó nó go faillitheach, chun a áirithiú go ndéanfar beart comhsheasmhach go luath ar fud an Aontais ionas go ndéanfar saobhadh ar an margadh inmheánach a sheachaint agus d'fhonn easpa birt i mBallstát amháin a bhainfeadh an bonn de na bearta a ghlacadh i mBallstát eile a sheachaint.

⁽¹⁾ Rialachán (CE) Uimh. 338/97 ón gComhairle an 9 Nollaig 1996 maidir le speicis fauna agus flora fiáine a chosaint trí thrádáil iontu a rialáil (IO L 61, 3.3.1997, lch. 1).

⁽²⁾ Cinneadh 2010/718/AE ón gComhairle Eorpach an 29 Deireadh Fómhair 2010 lena leasaítear stádas Oileán Saint-Barthélemy i leith an Aontais Eorpaigh (IO L 325, 9.12.2010, lch. 4).

⁽³⁾ Cinneadh 2012/419/AE ón gComhairle Eorpach an 11 Iúil 2012 lena leasaítear stádas Mayotte i leith an Aontais Eorpaigh (IO L 204, 31.7.2012, lch. 131).

- (19) D'fhonn taighde eolaíoch agus gníomhaíochtaí caomhnaithe *ex-situ* a chumasú, ní foláir rialacha sonracha maidir le speicis choimhthíocha ionracha is ábhar inní don Aontas a chur ar fáil faoi réir na ngníomhaíochtaí sin. Ba cheart na gníomhaíochtaí sin a chur i gcrích i mbunáidíochtaí iata ina bhfuil na horgánaigh faoi choimeád imshrianta agus na bearta uile is gá á nglacadh chun éalú nó scaoileadh neamhdhleathach speicis choimhthíocha ionracha is ábhar inní don Aontas a sheachaint. Má údaraíonn an Coimisiún é i gcásanna eisceachtúla cuí-réasúnaithe lena ngabhann leas mór poiblí, ba cheart go bhféadfaí feidhm a bheith ag na rialacha sin maidir le gníomhaíochtaí áirithe eile, lena n-áirítear gníomhaíochtaí tráchtála. Agus na rialacha sin á gcur chun feidhme, ba cheart aird ar leith a thabhairt ar dhrochthionchair ar speicis chosanta agus gnáthóga cosanta a sheachaint, i gcomhréir le dlí ábhartha an Aontais.
- (20) D'fhéadfadh sé tarlú go dtiocfadh speicis choimhthíocha nár aithníodh go fóill mar speicis choimhthíocha ionracha is ábhar inní don Aontas chun cinn ag teorainneacha an Aontais nó go dtiocfaí orthu i gcríoch an Aontais. Ba cheart an fhéidearthacht a thabhairt do na Ballstáit, dá bhrí sin, bearta áirithe éigeandála a ghlacadh ar bhonn na fianaise eolaíche atá ar fáil. Chumasófaí le bearta éigeandála den sórt sin foráil frithghníomhú láithreach i gcoinne speiceas coimhthíoch ionrach a bhféadfadh rioscaí a bheith lena dtabhairt isteach, a mbunú agus a sna tíortha sin, fad is a bheadh na Ballstáit ag déanamh measúnaithe ar na rioscaí a bhaineann leo iarbhrí, ag teacht leis na forálacha is infheidhme de Chomhaontuithe ábhartha EDT, go háirithe d'fhonn go n-aithneofaí na speicis sin mar speicis choimhthíocha ionracha is ábhar inní don Aontas. Is gá bearta éigeandála náisiúnta a cheangal leis an bhféidearthacht bearta éigeandála a ghlacadh ar leibhéal an Aontais d'fhonn forálacha Chomhaontuithe ábhartha EDT a chomhlíonadh. Thairis sin, le bearta éigeandála ar leibhéal an Aontais, thabharfaí sásra don Aontas gníomhú go tapa i gcás ina mbeadh speiceas nua coimhthíoch ionrach ann, nó an baol go dtiocfadh sé isteach, i gcomhréir le prionsabal an réamhchúraim.
- (21) Tá cuid mhór speiceas coimhthíoch ionrach a thugtar isteach go neamhbheartaithe san Aontas. Is rithábachtach, dá bhrí sin, na conairí trína dtugtar isteach iad go neamhbheartaithe a bhainistiú ar bhealach níos éifeachtaí. Ba cheart gníomhaíocht sa réimse seo a dhéanamh de réir a chéile, mar gheall ar an taithí measartha teoranta sa réimse seo. Ba cheart go gcuimseodh an ghníomhaíocht sin bearta deonacha, ar nós na ngníomhaíochtaí atá molta i dTreoirlínte na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta um Rialú agus Bainistiú Bithsmálaithe ar Long, agus bearta sainordaitheacha. Ba cheart leis an ngníomhaíocht tógáil ar an taithí a fuarthas san Aontas agus sna Ballstáit i mbainistiú conairí áirithe, lena n-áirítear bearta a bunaíodh tríd an gCoinbhinsiún Idirnáisiúnta um Rialú agus Bainistiú Uisce Ballasta agus Dríodar Long a glacadh in 2004. Dá réir sin, ba cheart don Choimisiún na bearta iomchuí uile a ghlacadh chun na Ballstáit a ghríosú an Coinbhinsiún sin a dhaingniú.
- (22) D'fhonn bonn eolais leordhóthanach a fhorbairt chun aghaidh a thabhairt ar na fadhbanna a tharraingíonn speicis choimhthíocha ionracha, tá sé tábhachtach go dtabharfaidh na Ballstáit faoi thaighde, faireachán agus faireachas ar na speicis sin. Toisc gurb iad córais faireachais an tslí is oiriúnaí le speicis choimhthíocha ionracha nua a luathbhrath agus chun dáileadh speiceas atá bunaithe cheana féin a chinneadh, ba cheart suirbhéanna spriocdhírthe agus suirbhéanna ginearálta araon a áireamh sna córais sin agus tairbhe a bhaint as rannpháirtíocht na n-earnálacha agus na bpáirtithe leasmhara éagsúla, lena n-áirítear pobail réigiúnacha agus pobail áitiúla. Ba cheart aird a thabhairt ar bhonn leanúnach ar aon speiceas ionrach nua in áit ar bith san Aontas mar chuid de na córais faireachais agus ba cheart dóibh díriú ar léargas éifeachtach, iomlán a thabhairt ar leibhéal an Aontais. Ar mhaithe le héifeachtúlacht agus éifeachtacht ó thaobh costais de, ba cheart na córais atá ann maidir le rialú custam, faireachán agus faireachas a bunaíodh cheana féin i ndlí an Aontais a chur i bhfeidhm, go háirithe na córais sin a leagtar amach i dTeoracha 92/43/CEE, 2000/60/CE, 2008/56/CE agus 2009/147/CE.
- (23) Ba cheart rialuithe oifigiúla a dhéanamh ar ainmhithe agus ar phlandaí d'fhonn cosc a chur le speicis choimhthíocha ionracha a thabhairt isteach d'aoghnó. Ba cheart gur trí eintitis rialaithe, agus trí na heintitis sin amháin, a thiocthadh ainmhithe beo agus plandaí isteach san Aontas, i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 882/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁽¹⁾, Treoir 91/496/CEE ón gComhairle⁽²⁾ agus Treoir 97/78/CE ón gComhairle⁽³⁾ nó trí phointí teacht isteach i gcomhréir le Treoir 2000/29/CE. D'fhonn gnóthúcháin éifeachtachta a áirithiú agus chun cruthú córas rialaithe comhthreomhair custaim a sheachaint, ba cheart do na húdaráis inniúla a fhíorú ag céad eintiteas rialaithe teorann nó pointe teachta isteach an speicis choimhthíocha ionracha is ábhar inní don Aontas iad na speicis sin.

(1) Rialachán (CE) Uimh 882/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le rialuithe oifigiúla a fheidhmítear chun a áirithiú go ndéantar comhlíonadh dlí beatha agus bia, rialacha sláinte ainmhithe agus rialacha leasa ainmhithe a (IO L 165, 30.4.2004, lch. 1).

(2) Treoir 91/496/CEE ón gComhairle an 15 Iúil 1991 lena leagtar síos lena n-eagraítear seiceálacha tréidliachta ainmhithe atá ag teacht isteach sa Chomhphobal ó thríú tíortha agus lena leasaítear Teoracha 89/662/CEE, 90/425/CEE agus 90/675/CEE (IO L 268, 24.9.1991, lch. 56).

(3) Treoir 97/78/CE ón gComhairle an 18 Nollaig 1997 lena leagtar síos na prionsabail lena rialaítear eagrúcháin seiceálacha tréidliachta ar tháirgí ag teacht isteach sa Chomhphobal ó thríú tíortha (IO L 24, 30.1.1998, lch. 9).

- (24) Tar éis speiceas coimhthíoch ionrach a thabhairt isteach, tá géarghá le luathbhrath agus bearta díothaithe tapa le cosc a chur lena mbunú agus lena leathadh. Go minic, is é an fhreagairt is éifeachtaí agus is éifeachtaí ó thaobh costais an líon iomlán a dhíothú, a luaithis is féidir fad a bhíonn líon na n-eiseamal teoranta go fóill. I gcás nach bhfuil díothú indéanta nó gur mó na costais a bhaineann le díothú ná na tairbhí don chomhshaol agus na tairbhí sóisialta agus eacnamaíocha san fhadtárma, ba cheart bearta imshrianta agus rialaithe a chur i bhfeidhm. Ba cheart go mbeadh bearta bainistíochta comhréireach leis an éifeacht a bheadh ar an gcomhshaol agus go dtabharfaidís aird chuig ar dhálaí bithgheografacha agus aeráide an Bhallstáit lena mbaineann.
- (25) Ba cheart leis na bearta bainistíochta aon drochthionchar ó thaobh an chomhshaoil de agus ó thaobh shláinte an duine de a sheachaint. Cé gur gá roinnt speiceas coimhthíoch ionrach ainmhiúch a dhíothú agus a bhainistiú i roinnt cásanna, d'fhéadfaí pian, anacair, eagla nó cineálacha eile fulaingthe a spreagadh sna hainmhithe, fiú nuair a úsáidtear na modhanna teicniúla is fearr atá ar fáil. Ar an gcúis sin, ba cheart do na Ballstáit agus d'aon oibreoir a tá rannpháirteach i ndíothú, rialú nó imshrianadh speiceas coimhthíoch ionrach na bearta uile is gá a dhéanamh le pian inseachanta, anacair inseachanta agus fulaingt inseachanta a ghabhann d'ainmhithe le linn an phróisis a spáráil, ag cur san áireamh, a mhéid is féidir, an dea-chleachtas sa réimse, mar shampla mar atá sna Treoirphrionsabail ar Leas Ainmhithe a d'fhorbair an Eagraíocht Dhomhanda um Shláinte Ainmhithe. Ba cheart modhanna neamhmfharfacha a chíoradh agus ba cheart an éifeacht ar speicis nach bhfuiltear ag díriú orthu a íoslaghdú in aon ghníomhaíochtaí a dhéanfar.
- (26) Is gnách go ndéanann speicis choimhthíocha ionracha damáiste d'éiceachórais agus go laghdaíonn siad athléimneacht na n-éiceachóras sin. Dá bhrí sin, ba cheart bearta comhréireacha athchóirithe a dhéanamh chun athléimneacht na n-éiceachóras ar ionraí a neartú, chun an damáiste a rinneadh a dheisiú agus chun feabhas a chur ar stádas caomhnaithe na speiceas agus a ngnáthóg i gcomhréir le Treoir 92/43/CEE agus Treoir 2009/147/CE, stádas éiceolaíoch uiscí dromchla intíre, uiscí trasdultacha, uiscí cósta agus screamhuisce i gcomhréir le Treoir 2000/60/CE, agus ar stádas comhshaoil na n-uisce mara i gcomhréir le Treoir 2008/56/CE. Ba cheart na costais a bhaineann le bearta athchóirithe mar sin a aisghabháil i gcomhréir leis an bprionsabal gurb é údar an truaillithe a íocfaidh as.
- (27) Ba cheart comhar trasteorann a chothú, go háirithe le tíortha comharsanachta, agus ba cheart comhordú idir na Ballstáit, go háirithe laistigh den réigiún bithgheografach céanna san Aontas, a chothú freisin chun cabhrú leis an Rialachán seo a chur i bhfeidhm ar bhealach éifeachtach.
- (28) Ba cheart go dtacódh córas faisnéise lártaite le córas chun aghaidh a thabhairt ar speicis choimhthíocha ionracha, córas a thiomsódh an fhaisnéis atá ann cheana maidir le speicis choimhthíocha san Aontas agus a cheadódh rochtain ar fhaisnéis maidir le láithreachtaí speiceas, a leathadh, a n-éiceolaíocht, stair ionraidh agus gach eolas eile is gá le tacú le cinntí beartais agus bainistithe agus le malartú dea-chleachtais a cheadú freisin.
- (29) Le Treoir 2003/35/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁽¹⁾, bunaíodh creat le haghaidh comhairliúcháin leis an bpobal i gcinntí a bhaineann leis an gcomhshaol. I sainmhíniú gníomhaíochta i réimse na speiceas coimhthíoch ionrach, ba cheart go gcuirfeadh rannpháirtíocht éifeachtach phoiblí ar chumas an phobail tuairimí agus ábhair inní a chur in iúl, agus ar chumas an chinnteora iad sin a chur san áireamh, ar tuairimí agus ábhair iad inní iad a d'fhéadfadh a bheith ábhartha do na cinntí sin. Leis an méid sin, ba cheart cuntasacht agus trédhearcacht an phróisis chinnteoireachta a mhéadú agus rannchuidiú le feachtas an phobail faoi shaincheisteanna comhshaoil agus le tacaíocht an phobail leis na cinntí a glacadh.
- (30) Tá rannpháirtíocht an phobail eolaíochta tábhachtach chun go soláthrófar bunús leordhóthanach eolais chun aghaidh a thabhairt ar na fadhbanna a bhaineann le speicis choimhthíocha ionracha. Ba cheart Fóram um an Eolaíocht a chur ar bun chun comhairle a chur ar fáil maidir leis na gnéithe eolaíoch a bhaineann le cur i bhfeidhm an Rialacháin seo, go háirithe maidir le liosta an Aontais de mheasúnaithe riosca, de bhearta éigeandála agus de bhearta díothaithe tapa a bhunú agus a nuashonrú.
- (31) Chun go n-áiritheofar coinníollacha aonfhoirmeacha do chur chun feidhme an Rialacháin seo, ba cheart go dtabharfaí cumhachtaí cur chun feidhme don Choimisiún maidir le glacadh agus nuashonrú liosta an Aontais, maidir le formáid na ndoiciméad ar fianaise iad i dtaca le ceadanna, maidir le glacadh beart éigeandála ar leibhéal an Aontais, maidir le maolú a thabhairt ón oibleagáid díothaithe tapa agus, maidir leis na ceanglais i dtaca le forálacha áirithe a chur i bhfeidhm sna Ballstáit lena mbaineann i gcás an chomhair réigiúnaigh fheabhsaithe, maidir le diúltú cinntí na mBallstát gan bearta díothaithe a ghlacadh agus maidir leis na formáidí teicniúla le haghaidh tuairisciú don Choimisiún. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁽²⁾.

⁽¹⁾ Treoir 2003/35/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Bealtaine 2003 lena bhforáiltear do rannpháirtíocht an phobail i leith pleananna agus clár áirithe a bhaineann leis an gcomhshaol a tharraingt suas agus lena leasaítear, maidir le rannpháirtíocht phoiblí agus rochtain ar cheartas, Treoir 85/337/CEE ón gComhairle agus Treoir 96/61/CE ón gComhairle (IO L 156, 25.6.2003, lch. 17).

⁽²⁾ Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).

- (32) D'fhonn na forbairtí eolaíocha is déanaí i réimse an chomhshaoil a chur san áireamh, ba cheart an chumhacht gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 CFAE a tharmligean chuig an gCoimisiún i ndáil le cinneadh a dhéanamh faoin gcaoi a bhféadfadh teacht ar an tátal go bhfuil speicis choimhthíocha ionracha in ann líon inmharthana a bhunú agus go bhfuil siad in ann leathadh, chomh maith leis an gcumhacht chun na gnéithe coiteanna d'fhorbairt na measúnuithe riosca a leagan amach. Tá sé rithabhachtach go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe. Ba cheart don Choimisiún a áirithiú, agus gníomhartha tarmligthe á n-ullmhú agus á dtarraingt suas aige, go ndéanfar doiciméid ábhartha a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle ar bhealach comhuaineach, tráthúil agus iomchuí.
- (33) D'fhonn a ráthú go gcomhlíonfar an Rialachán seo, tá sé tábhachtach go bhforchuirfidh na Ballstáit smachtbhannaí, éifeachtacha, comhréireacha agus athchomhairleacha maidir le sáruithe, agus cineál agus tromchúis an tsáraithe, agus an prionsabal maidir le haisghabháil na gcostas agus an prionsabal gurb é údar an truaillithe a íocfaidh as á gcur san áireamh.
- (34) Trí bhearta a dhéanfar faoin Rialachán seo, féadfaidh na Ballstáit oibleagáidí a fhorchur ar shealbhóirí nó ar úsáideoirí speiceas ionrach agus ar úinéirí agus tionóntaí na talún lena mbaineann chomh maith.
- (35) D'fhonn a chur ar chumas úinéirí neamhthrachtála a gcuid ainmhithe coimhdeachta a bhaineann le speicis a áirítear ar liosta an Aontais a choimeád go dtí go bhfaighidh an t-ainmhí bás go nádúrtha, ní mór foráil a dhéanamh do bhearta idirthréimhseacha, ar an gcoinníoll go gcuirfear na bearta go léir i bhfeidhm chun atáirgeadh nó éalú nó a sheachaint.
- (36) D'fhonn a chur ar chumas oibreoirí tráchtála, a bhféadfadh ionchas dlisteanach a bheith acu, mar shampla iad siúd a bhfuil údarú faighte acu i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 708/2007, a stoc speiceas coimhthíoch ionrach is ábhar inní don Aontas a dhísciú tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, tá bonn cirt ann le dhá bhliain a cheadú dóibh chun na heiseamail a mharú, a dhealú ar bhealach daonnachtúil, a dhíol nó, i gcás inarb ábhartha, a thabhairt do bhunaíochtaí taighde nó caomhnaithe *ex-situ*.
- (37) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóirí an Rialacháin seo, i.e. an drochthionchar atá ag tabhairt isteach agus leathadh speiceas coimhthíoch ionrach san Aontas ar an mbithéagsúlacht a chosc, a íoslaghdú agus a mhaolú, a bhaint amach go leordhóthanach ach gur féidir, mar gheall ar a fhairsinge agus ar a éifeachtaí, na cuspóirí sin a bhaint amach níos fearr ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a bhaint amach.
- (38) Ba cheart go bhféadfadh na Ballstáit rialacha a choimeád ar bun nó a ghlacadh maidir le speicis choimhthíocha ionracha is ábhar inní don Aontas, ar rialacha iad atá níos déine ná iad siúd a leagtar síos sa Rialachán seo agus forálacha a chur i bhfeidhm ar speicis choimhthíocha ionracha is ábhar inní do Bhallstát amháin iad siúd a leagtar amach sa Rialachán seo le haghaidh speicis choimhthíocha ionracha is ábhar inní don Aontas. Ba cheart go mbeadh aon bheart den sórt sin comhoiriúnach le CFAE agus ba cheart fógra a thabhairt don Choimisiún ina leith i gcomhréir le dlí an Aontais,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

CAIBIDIL I

FORÁLACHA GINEARÁLTA

Airteagal 1

Ábhar

Leagtar amach sa Rialachán seo rialacha chun an drochthionchar atá ag tabhairt isteach agus leathadh speiceas coimhthíoch ionrach san Aontas, d'aonghnó agus go neamhbheartaithe araon, ar an mbithéagsúlacht a chosc, a íoslaghdú agus a mhaolú.

Airteagal 2

Raon Feidhme

1. Baineann an Rialachán seo leis na speicis choimhthíocha ionracha uile.
2. Ní bheidh feidhm ag an Rialachán seo maidir leis an méid seo a leanas:
 - (a) speicis a dtagann athrú ar a raon nádúrtha gan idirghabháil ón duine, mar fhreagairt ar dhálaí athraitheacha éiceolaíocha agus athrú aeráide;
 - (b) orgánaigh ghéinmhodhnaithe mar a shainmhínítear i bpointe 2 d'Airteagal 2 de Threoir 2001/18/CE;

- (c) pataiginí is cúis le galair ainmhithe; chun críche an Rialacháin seo, ciallaíonn galar ainmhithe tarlú galruithe agus inmhiolaithe in ainmhithe, a bhíonn mar thoradh ar phaitigin amháin nó níos mó is in-tarchurtha chuig ainmhithe nó chuig daoine;
- (d) orgánaigh dhíobhálacha a liostaítear in Iarscríbhinn I nó Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir 2000/29/CE, agus orgánaigh dhíobhálacha ar glacadh bearta ina leith i gcomhréir le hAirteagal 16(3) den Treoir sin;
- (e) speicis a liostaítear in Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 708/2007 nuair a úsáidtear iad sa dobharshaothrú;
- (f) micrea-orgánaigh a mhonaraítear nó a allmhairítear lena n-úsáid i dtáirgí cosanta plandaí a údaráidh cheana féin nó a bhfuil measúnú ar bun ina leith faoi Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009; nó
- (g) micrea-orgánaigh a mhonaraítear nó a allmhairítear lena n-úsáid i dtáirgí bithicéideacha a údaráidh cheana féin nó a bhfuil measúnú ar bun ina leith faoi Rialachán (CE) Uimh. 528/2012.

Airteagal 3

Sainmhínithe

Chun críocha an Rialacháin seo, tá feidhm leis na sainmhínithe seo a leanas:

- (1) ciallaíonn “speiceas coimhthíoch” aon eiseamal beo de speiceas, fospeiceas nó tacsón is ísle ainmhithe, plandaí, fungus nó micrea-orgánach a tugadh isteach lasmuigh dá réimse nádúrtha; áirítear ann aon chuid, aon ghaiméirí, aon síolta, aon uibheacha nó aon iomadúlaithe den speiceas sin, mar aon le haon hibridí, aon chineálacha nó aon phórtha a d’fhéadfadh fanacht beo agus atáirgeadh ina dhiaidh sin;
- (2) ciallaíonn “speiceas coimhthíoch ionrach” speiceas coimhthíoch a bhfacthas go gcuirtear an bhitheagsúlacht agus na seirbhísí gaolmhara éiceachórais i mbaol má thugtar isteach é nó má leatar é nó go bhfuil drochthionchar aige ar an mbhitheagsúlacht agus ar na seirbhísí gaolmhara éiceachórais sin;
- (3) ciallaíonn “speiceas coimhthíoch ionrach is ábhar inní don Aontas” speiceas coimhthíoch ionrach a meastar go n-éilíonn a dhrochthionchar gníomhaíocht chomhbheartaithe ar leibhéal an Aontais de bhun Airteagal 4(3);
- (4) ciallaíonn “speiceas coimhthíoch ionrach is ábhar inní do Bhallstát” speiceas coimhthíoch ionrach seachas speiceas coimhthíoch ionrach is ábhar inní don Aontas, a mheasann Ballstát, ar bhonn fianaise eolaíche, gur suntasach dá chríoch nó do chuid di, an drochthionchar a d’imreofaí uirthi dá scaoilfí agus dá leathfaí é, agus gur gá gníomhaíocht a dhéanamh ar leibhéal an Bhallstáit sin, fiú mura bhfuil an éifeacht sin fionnta go hiomlán;
- (5) ciallaíonn “bithéagsúlacht” athraitheacht i measc orgánaigh beo ó gach foinse, lena n-áirítear éiceachórais talún agus mhuirí agus éiceachórais uisceacha eile agus na coimpléisc éiceolaíocha ar cuid díobh iad; áirítear éagsúlacht i measc speiceas, idir speicis agus éiceachórais leis sin;
- (6) ciallaíonn “seirbhísí éiceachórais” a mhéid a chuireann éiceachórais go díreach agus go hindíreach le folláine an duine;
- (7) ciallaíonn “tabhairt isteach” gluaiseacht speicis lasmuigh dá réimse nádúrtha, mar thoradh ar idirghabháil an duine;
- (8) ciallaíonn “taighde” obair thuairiscithe nó thurgnamhach, a dhéantar faoi dhálaí rialaithe chun faisnéis eolaíoch nua a fháil nó chun táirgí nua a fhorbairt, lena n-áirítear na chéad chéimeanna i ndáil le gnéithe géiniteacha speiceas coimhthíoch ionrach a shainaithint, a thréithriú agus a leithlisiú, cé is moite de na gnéithe sin lena dtugtar cumas ionraidh do speiceas, sa mhéid is gá chun póru na ngnéithe sin isteach i speicis neamhionracha a chumasú, agus a mhéid sin amháin;
- (9) ciallaíonn “faoi choimeád imshrianta” orgánach a choimeád i saoráidí iata nach féidir éalú astu ná leathadh uathu;
- (10) ciallaíonn “caomhnú *ex situ*” comhpháirteanna d’éagsúlacht bhitheolaíoch a chaomhnú lasmuigh dá ngnáthóg nádúrtha;
- (11) ciallaíonn “conairí” bealaí agus sásraí maidir le tabhairt isteach agus leathadh speiceas coimhthíoch ionrach;
- (12) ciallaíonn “luathbhrath” láithreach eiseamal nó eiseamail speicis choimhthígh ionraigh a dhearbhu sa timpeallacht sula leathann sé;
- (13) ciallaíonn “díothú” fáil réidh le líon de speiceas coimhthíoch ionrach ina iomláine agus ar bhonn buan trí mheáin mharfacha nó neamh-mharfacha;

- (14) ciallaíonn “an líon a rialú” aon ghníomaíocht mharfach nó neamh-mharfach a chuirtear i bhfeidhm ar líon speicis choimhthígh ionraigh, agus an tionchar ar speicis nach bhfuiltear ag díriú orthu agus a ngnáthóga a íoslaghdú ag an am céanna, agus é mar aidhm leo líon na n-aonán a choimeád chomh íseal agus is féidir ionas go maolófar a chumas ionraidh agus an drochthionchar atá aige ar bhithéagsúlacht, ar na seirbhísí gaolmhara éiceachórais, ar shláinte an duine nó ar an ngeilleagar, fiú murar féidir na speicis a dhíothú;
- (15) ciallaíonn “imshrianadh” aon ghníomhaíocht lena ndírítear ar bhacainní a chruthú lena maolófar an riosca go scaipfidh agus go leathfaidh líon speicis choimhthígh ionraigh lasmuigh den limistéar ionraithe;
- (16) ciallaíonn “leata go fairsing” speiceas coimhthíoch ionrach a bhfuil a líon imithe níos faide ná céim an nádúraithe, céim ag a bhfuil líon féinchothaitheach, agus go bhfuil sé leata chun cuid mhór den raon ionchasach inar féidir leis maireachtáil agus atáirgeadh a choilíniú;
- (17) ciallaíonn “bainistiú” aon ghníomhaíocht mharfach nó neamh-mharfach atá dírithe ar líon speicis choimhthígh ionraigh a dhíothú, a rialú nó a imshrianadh, agus an éifeacht ar speicis nach bhfuiltear ag díriú orthu agus ar a ngnáthóga á híoslaghdú ag an am céanna freisin.

Airteagal 4

Liosta na speiceas coimhthíoch ionrach is ábhar inní don Aontas

1. Glacfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, liosta de na speicis choimhthíocha ionracha is ábhar inní don Aontas (“liosta an Aontais”) ar bhonn na gcritéir a leagtar síos i mír 3 den Airteagal seo. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 27(2). Cuirfear na dréachtghníomhartha cur chun feidhme faoi bhráid an Choiste dá dtagraítear in Airteagal 27(1) faoin 2 Eanáir 2016.
2. Déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú cuimsitheach ar liosta an Aontais gach sé bliana ar a laghad agus, idir an dá linn, déanfaidh sé an liosta nuashonrú i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear i mír 1 tríd an méid seo a leanas:
 - (a) speicis choimhthíocha ionracha nua a chur leis an liosta;
 - (b) speicis atá liostaithe a bhaint mura gcomhlíonann siad a thuilleadh ceann amháin nó níos mó de na critéir a leagtar síos i mír 3.
3. Ní áireofar speicis choimhthíocha ionracha ar liosta an Aontais ach amháin má chomhlíonann siad na critéir seo ar fad a leanas:
 - (a) fionntar go bhfuil siad, bunaithe ar an bhfianaise eolaíoch atá ar fáil, ionrach i gcríoch an Aontais, cé is moite de na réigiúin is forimeallaí;
 - (b) fionntar go bhfuil siad, bunaithe ar an bhfianaise eolaíoch atá ar fáil, in ann líon inmharthana a bhunú agus leathadh sa timpeallacht faoi na dálaí athraithe aeráide atá ann faoi láthair agus is dócha a bheidh ann i réigiún bithgheografach amháin a roinntear idir dhá Bhallstát nó níos mó nó i bhforéigiún muirí amháin cé is moite de na réigiúin is forimeallaí a bhaineann leo;
 - (c) bunaithe ar an bhfianaise eolaíoch atá ar fáil, is dóigh go mbeidh drochthionchair shuntasacha acu ar an mbithéagsúlacht nó ar na seirbhísí gaolmhara éiceachórais, agus féadfaidh siad drochthionchar a bheith acu ar shláinte an duine nó ar an ngeilleagar freisin;
 - (d) léirítear leis an measúnú riosca a dhéantar de bhun Airteagal 5(1) go bhfuil gníomhaíocht ar leibhéal an Aontais de dhíth chun cosc a chur lena dtabhairt isteach, lena mbunú nó lena leathadh;
 - (e) is dóigh go ndéanfar drochthionchair na speiceas a chosc, a íoslaghdú nó a mhaolú go héifeachtach má chuirtear ar liosta an Aontais iad.
4. Féadfaidh na Ballstáit iarrataí a chur faoi bhráid an Choimisiúin maidir le speicis choimhthíocha ionracha a chur ar liosta an Aontais. Áireofar sna hiarrataí sin an méid seo a leanas ar fad:
 - (a) ainm an speicis;
 - (b) measúnú riosca a dhéantar i gcomhréir le hAirteagal 5(1);
 - (c) fianaise go gcomhlíontar na critéir a leagtar amach i mír 3 den Airteagal seo.

5. Déanfar le liosta an Aontais tagairt, i gcás inarb ábhartha, do na hearraí lena mbaineann na speicis choimhthíocha ionracha i gcoitinne agus dá gcóid Ainmníochta Comhcheangailte dá bhforáiltear le Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ⁽¹⁾ ón gComhairle, lena léirítear catagóirí na n-earraí a bheidh faoi réir rialuithe oifigiúla de bhun Airteagal 15 den Rialachán seo.

6. Agus liosta an Aontais á ghlacadh nó á thabhairt chun dáta aige, cuirfidh an Coimisiún na critéir a leagtar amach i mír 3 i bhfeidhm agus an aird chuí á tabhairt ar an gcostas cur chun feidhme a bheidh i gceist do na Ballstáit, ar an gcostas a bhainfidh le neamhghníomhaíocht, ar chostéifeachtacht agus ar na gnéithe socheacnamaíocha. Tabharfar tús áite ar liosta an Aontais do na speicis choimhthíocha ionracha seo a leanas:

(a) na cinn nach bhfuil fós san Aontas nó atá ag céim luath den ionradh agus arb iad is dóichí a bheidh drochthionchair shuntasacha acu;

(b) na cinn atá bunaithe san Aontas cheana agus a bhfuil na drochthionchair is suntasaí acu.

7. Agus liosta an Aontais á mholadh aige, déanfaidh an Coimisiún bonn cirt a thabhairt lena rá gur fearr a bhainfear cuspóirí an Rialacháin seo amach le bearta ar leibhéal an Aontais.

Airteagal 5

Measúnú riosca

1. Chun críocha Airteagal 4, déanfar measúnú riosca i ndáil le réimse na speiceas coimhthíoch ionrach atá ann faoi láthair agus a d'fhéadfadh a bheith ann, ag féachaint do na gnéithe seo a leanas:

(a) tuairisc ar an speiceas agus a aitheantas tacsanomaíoch, a stair, agus a raon nádúrtha agus ionchasach;

(b) tuairisc ar a phatrúin agus a dhinimicí atáirgthe agus leata, lena n-áirítear measúnú an ann do na dálaí comhshaoil is gá dá atáirgeadh agus dá leathadh;

(c) tuairisc ar chonairí ionchasacha teachta isteach agus leata an speicis, idir beartaithe agus neamhbheartaithe, an speicis, lena n-áirítear, nuair is ábhartha, na tráchtearraí lena mbaineann an speiceas go ginearálta;

(d) measúnú críochnaitheach ar an riosca maidir le tabhairt isteach, bunú agus leathadh sna réigiúin ábhartha bhithgeografaíoch faoi na dálaí reatha agus faoi dhálaí athraithe aeráide atá intuartha;

(e) tuairisc ar dháileadh reatha an speicis, lena n-áirítear tuairisc á rá ar cibé an bhfuil láithreach cheana ag an speiceas san Aontas nó i dtíortha comharsanachta, agus réamh-mheastachán maidir leis an dáileadh is dócháil a bheidh aige sa todhchaí;

(f) tuairisc ar an drochthionchar ar an mbithéagsúlacht agus ar na seirbhísí gaolmhara éiceachórais, lena n-áirítear ar speicis dúchasacha, láithreacha cosanta, gnáthóga i mbaol, agus ar shláinte an duine, ar an tsábháilteacht, agus ar an ngeilleagar lena n-áirítear measúnú ar na tionchair a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo ag féachaint don fhaisnéis eolaíoch atá ar fáil;

(g) measúnú ar na costais a d'fhéadfadh a bheith ag gabháil le damáiste;

(h) tuairisc ar na húsáidí a bhfuiltear ar an eolas fúthu maidir leis an speiceas agus ar na sochair shóisialta agus eacnamaíocha a thig as na húsáidí sin.

2. Le linn dó a mholadh go gcuirfí speicis ar an liosta mar speicis choimhthíocha ionracha is ábhar inní don Aontas, déanfaidh an Coimisiún an measúnú riosca dá dtagraítear i mír 1.

Aon uair a iarrann Ballstát go gcuirfí speiceas ar liosta an Aontais, beidh an Ballstát sin freagrach as an measúnú riosca a dhéanamh dá dtagraítear i mír 1. I gcás inar gá, féadfaidh an Coimisiún cabhrú leis na Ballstáit agus measúnuithe riosca den sórt sin a bhforbairt acu a mhéid agus a bhaineann na measúnuithe sin lena ngné Eorpach.

3. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmilgthe a ghlacadh, i gcomhréir le hAirteagal 29, chun an cineál fianaise atá inghlactha chun críocha phointe (b) d'Airteagal 4(3) a shonrú tuilleadh agus chun tuairisc mhionsonraithe a sholáthar ar chur i bhfeidhm phointí (a) go (h) de mhír 1 den Airteagal seo. Áireofar sa tuairisc mhionsonraithe sin an mhodheolaíocht atá le cur i bhfeidhm sna measúnaithe riosca, agus caighdeán ábhartha náisiúnta agus idirnáisiúnta á gcur san áireamh agus an gá atá le tús áite a thabhairt don ghníomhaíocht i gcoitinne speiceas coimhthíoch ionrach a bhaineann le drochthionchar suntasach ar an mbithéagsúlacht nó ar sheirbhísí gaolmhara an éiceachórais, nó arbh fhéidir leo drochthionchar a chur faoi deara, mar aon le drochthionchar ar shláinte an duine nó ar an ngeilleagar agus é á mheas mar imthosc géaraitheach. Tá sé an-tábhachtach go leanfaidh an Coimisiún leis an ngnáthchleachtas atá aige agus go rachaidh sé i gcomhairle le saineolaithe, lena n-áirítear saineolaithe na mBallstát, sula nglacfaidh sé na gníomhartha tarmilgthe sin.

⁽¹⁾ Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle an 23 Iúil 1987 maidir leis an ainmníocht taraife agus staidrimh agus leis an gComhtharfaí Chustaim (IO L 256, 7.9.1987, lch. 1).

*Airteagal 6***Forálacha maidir leis na réigiúin is forimeallaí**

1. Ní bheidh na speicis choimhthíocha ionracha is ábhar imní don Aontas faoi réir Airteagal 7, ná Airteagal 13 go 20 sna réigiúin is forimeallaí.
2. Faoi 2 Eanáir 2017, glacfaidh gach Ballstát a mbaineann réigiúin is forimeallaí leis, liosta de na speicis choimhthíocha ionracha is ábhar imní, do gach ceann de na réigiúin sin, i gcomhairle leis na réigiúin sin.
3. I gcás na speiceas coimhthíoch ionrach a áirítear ar na liostaí dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo, féadfaidh na Ballstáit, sna réigiúin is forimeallaí faoi seach, na bearta a chur i bhfeidhm dá bhforáiltear in Airteagail 7 go 9, 13 go 17, 19 agus 20, de réir mar is iomchuí. Beidh na bearta sin comhoiriúnach le CFAE agus tabharfar fógra chuig an gCoimisiún ar an eolas fúthu i gcomhréir le dlí an Aontais.
4. Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún agus do na Ballstáit eile láithreach maidir leis na liostaí dá dtagraítear i mír 2 agus faoi aon nuashonrú a dhéanfar ar na liostaí sin.

CAIBIDIL II

COSC*Airteagal 7***Srianta**

1. Ní dhéanfar na nithe seo a leanas d'aon ghnó maidir le speicis choimhthíocha ionracha is ábhar imní don Aontas:
 - (a) iad a thabhairt isteach i gcríoch an Aontais, lena n-áirítear idirthuras faoi mhaoirseacht chustaim;
 - (b) iad a choimeád, lena n-áirítear faoi choimeád imshrianta;
 - (c) iad a phóru, lena n-áirítear faoi choimeád imshrianta;
 - (d) iad a iompar chuig an Aontas, amach as nó laistigh de, ach amháin i gcás speicis a iompar chuig saoráidí lena ndíothú;
 - (e) iad a chur ar an margadh;
 - (f) iad a úsáid ná a mhalartú;
 - (g) ní bheidh cead iad a atáirgeadh, a fhás ná a shaothrú, lena n-áirítear faoi choimeád imshrianta; nó
 - (h) iad a scaoileadh isteach sa timpeallacht.

2. Glacfaidh na Ballstáit gach beart is gá chun cosc a chur ar speicis choimhthíocha ionracha is ábhar imní don Aontas a thabhairt isteach nó a leathadh go neamhbheartaithe san Aontas, lena n-áirítear trí mhórfhaillí, i gcás inarb infheidhme.

*Airteagal 8***Ceadanna**

1. De mhaolú ar na srianta a leagtar amach i bpointí (a), (b), (c), (d), (f) agus (g) d'Airteagal 7(1), agus faoi réir mhír 2 den Airteagal seo, cuirfidh na Ballstáit córas ceadanna ar bun lena bhféadfaidh bunaíochtaí taighde, nó caomhnú *ex-situ* a dhéanamh ar speicis choimhthíocha ionracha is ábhar imní don Aontas. I gcás ina bhfuil úsáid na dtáirgí a eascraíonn ó speicis choimhthíocha ionracha is ábhar imní don Aontas dosheachanta le sláinte an duine a chur ar aghaidh, féadfaidh na Ballstáit freisin an táirgeadh eolaíoch agus an leas íocshláinte ina dhiaidh sin a áireamh laistigh dá córas ceadanna.
2. Tabharfaidh na Ballstáit de chumhacht do na húdaráis inniúla na ceadanna dá dtagraítear i mír 1 a eisiúint le haghaidh gníomhaíochtaí a dhéantar faoi choimeád imshrianta a chomhlíonann gach ceann de na coinníollacha seo a leanas:
 - (a) coimeádtar agus láimhseáiltear an speiceas coimhthíoch ionrach is ábhar imní don Aontas faoi choimeád imshrianta i gcomhréir le mír 3;
 - (b) beidh an ghníomhaíocht le cur i gcrích ag pearsanra a bheidh cáilithe go hiomchuí faoi mar leagann na húdaráis inniúla iomchuí síos;
 - (c) beidh iompar chuig ionad coimeádta imshrianta agus uaidh faoi dhálaí a eisiann éalú na speiceas coimhthíoch ionrach faoi mar a bhunaítear iad leis an gcead;

- (d) i gcás gur ainmhithe iad na speicis choimhthíocha ionracha is ábhar inní don Aontas, marcáiltear iad nuair is iomchuí nó sainaithnítear ar shlí éifeachtach eile iad agus úsáidfeair modhanna nach gcuireann pian, anacair nó fulaingt inseachanta faoi deara;
- (e) déanfar an riosca éalaithe nó leata a bhainistiú go héifeachtach, agus cuirfeair san áireamh céannacht, bitheolaíocht agus modhanna scaipthe an speicis, an ghníomhaíocht agus an coimeád imshrianta atá beartaithe, an t-idirghníomhú leis an timpeallacht agus tosca ábhartha eile;
- (f) tarraingeofar suas córas faireachais leanúnaigh agus plean teagmhasach chun go gcumhdófaí éalú nó leathadh a d'fhéadfadh a tharlú, lena n-áirítear plean don díothú. Déanfaidh an t-údarás inniúil an plean teagmhais a fhormheas. I gcás ina dtarlaíonn éalú nó leathadh, cuirfeair chun feidhme an phlean teagmhais láithreach agus féadfar an cead a tharraingt siar, ar bhonn sealadach nó buan.

Teorannófar an cead dá dtagraítear i mír 1 do líon ar leith speiceas agus eiseamal ionrach nach mó ná cumas an ionaid coimeáda imshrianta. Áireofar ann na srianta is gá chun riosca éalaithe nó leata an speicis lena mbaineann a mhaolú. Coimeádfar i gcónaí é leis na speicis choimhthíocha ionracha dá dtagraíonn sé nuair a bhíonn na speicis sin á gcoimeád, agus á dtabhairt isteach san Aontas agus á n-iompar laistigh den Aontas.

3. Measfar go bhfuil eiseamail á gcoimeád faoi choimeád imshrianta má chomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:

- (a) tá eiseamail scartha amach go fisiceach agus ní féidir leo éalú ná leathadh ná ní féidir le daoine neamhúdaraithé iad a thógáil as na saoráidí ina bhfuil siad á gcoimeád;
- (b) áiríteoidh prótacail um ghlanadh, um láimhseáil dramhaíola agus um chothabháil nach bhféadfaidh aon eiseamail ná codanna inatáirgthe éalú, leathadh nó nach féidir le daoine neamhúdaraithé iad a thógáil as na saoráidí;
- (c) déantar na heiseamail a thógáil as na saoráidí nó a dhiúscairt nó a dhíothú nó a dhealú go daonnachtúil ar bhealach chun iomadú nó atáirgeadh lasmuigh de na saoráidí a eisiamh.

4. Nuair a dhéanfaidh an t-iarratasóir iarratas ar chead, déanfaidh sé gach fianaise is gá a sholáthar chun go bhféadfaidh an t-údarás inniúil measúnú a dhéanamh an bhfuil na coinníollacha dá dtagraítear i mír 2 agus i mír 3 á gcomhlíonadh.

5. Tabharfaidh na Ballstáit de chumhacht dá n-údarás inniúla an cead a tharraingt siar tráth ar bith, go sealadach nó go buan, má tharlaíonn imeachtaí gan choinne a bhfuil drochthionchar acu ar an mbithéagsúlacht nó ar sheirbhísí gaolmhara éiceachórais. Déanfar bonn cirt a thabhairt maidir le haon chead a aistarraingt ar bhonn eolaíoch agus, i gcás nach leor an fhaisnéis eolaíoch, ar bhonn phrionsabal an réamhchúraim agus aird chuí á tabhairt ar rialacha náisiúnta riaracháin.

6. Glacfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha chur chun feidhme, formáid an doiciméid atá mar fhianaise ar an gcead a d'eisigh údarás inniúla Ballstáit. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 27(2). Úsáidfí na Ballstáit an fhormáid sin do dhóiciméad a bheidh ag gabháil leis an gcead.

7. I gcás gach cead a eisíodh i gcomhréir le mír 1 den Airteagal seo, cuirfidh na Ballstáit ar fáil go poiblí ar an idirlíon, gan mhoill, na nithe seo a leanas ar a laghad:

- (a) ainmneacha eolaíocha agus coitianta an speicis choimhthígh ionraigh is ábhar inní don Aontas ar eisíodh an cead ina leith;
- (b) líon nó méid na n-eiseamal lena mbaineann;
- (c) an cuspóir dár eisíodh an cead; agus
- (d) na cóid den Ainmníocht Chomhcheangailte chuirtear ar fáil le Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87.

8. Áiríteoidh na Ballstáit go ndéanfaidh a n-údarás inniúla cigireachtaí chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh na bunaíochtaí na coinníollacha a leagadh amach sna ceadanna sin a eisíodh.

Airteagal 9

Údaruithe

1. I gcásanna eisceachtúla, ar chúiseanna lena ngabhann leas mór poiblí, lena n-áirítear iad sin de chineál sóisialta nó eacnamaíoch, féadfaidh na Ballstáit ceadanna a eisíúint lena ligtear do bhunaíochtaí gníomhaíochtaí a chur i gcrích, seachas na gníomhaíochtaí a leagtar amach in Airteagal 8(1), faoi réir údarú a fháil ón gCoimisiún, i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar síos san Airteagal seo agus faoi réir na gcoinníollacha a leagtar amach in Airteagal 8(2) agus (3).

2. Cuirfidh an Coimisiún ar bun córas údaraithe leictreonach agus oibreoidh sé é agus déanfaidh sé cinneadh maidir le hiarratais ar údarú laistigh de 60 lá tar éis iarratas a fháil.

3. Cuirfidh na Ballstáit iarratais isteach ar údarú agus an córas dá dtagraítear i mír 2 á úsáid acu.

4. Luafar an méid seo a leanas in aon iarratas ar údarú:
- (a) mionsonraí na bunaíochta nó na ngrúpaí bunaíochtaí lena n-áirítear a n-ainm agus a seoladh;
 - (b) ainmneacha eolaíocha agus coitianta na speiceas coimhthíoch ionrach is ábhar inní don Aontas a bhfuil an t-údarú á iarraidh maidir leis;
 - (c) na cóid den Ainmníocht Chomhcheangailte a chuirtear ar fáil le Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87;
 - (d) líon nó méid na n-eisemal lena mbaineann;
 - (e) na cúiseanna don údarú iarrtha;
 - (f) tuairisc mhionsonraithe ar na bearta atá beartaithe chun a áirithiú nach bhféadfaidh éalú nó leathadh ó shaoráidí coimeáda imshrianta ina bhfuil an speiceas coimhthíoch ionrach is ábhar inní don Aontas le coimeád agus láimhseáil tarlú, agus ar na bearta chun a áirithiú go ndéanfar aon iompar maidir leis an speiceas, i gcás ina mbeidh gá leis, faoi choinníollacha a eisiann éalú;
 - (g) an riosca a mheas maidir le h-éalú an speicis coimhthíoch ionraigh is ábhar inní don Aontas, a n-iarrtar údarú ina leith, in éineacht le tuairisc ar na bearta maolaithe riosca atá le cur ar bun;
 - (h) tuairisc ar an gcóras faireachais atá beartaithe agus ar an bplean teagmhasach chun déileáil le h-éalú nó le leathadh a d'fhéadfadh a tharlú, lena n-áirítear plan díothúcháin más gá;
 - (i) cur síos ar an dlí náisiúnta ábhartha is infheidhme maidir leis na bunaíochtaí sin.
5. Tabharfar fógra chuig údarás inniúil an Bhallstáit lena mbaineann i leith údaraithe arna ndeonú ag an gCoimisiún. Beidh údarú sonrach do bhunaíocht aonair, beag beann ar an nós imeachta iarratais dá dtagraítear i mír 4, beag beann ar an nós imeachta iarratais a leantar i gcomhréir le pointe (a) de mhír 4, áireofar ann an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 4 agus ré an údaraithe. Áireofar in údarú freisin forálacha i ndáil le heiseamail bhreise nó eiseamail athsholáthair a sholáthar don bhunaíocht a n-iarrtar an t-údarú sin ina leith.
6. Tar éis údarú a fháil ón gCoimisiún, féadfaidh an t-údarás inniúil an cead a eisiúint dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo i gcomhréir le hAirteagal 8(4) go (8). Déanfar na forálacha uile a shonraítear san údarú a eiseoidh an Coimisiún a áireamh sa chead.
7. Diúltóidh an Coimisiún d'iarratas ar údarú más amhlaidh nach gcomhlíontar aon oibleagáidí ábhartha a leagtar amach sa Rialachán seo.
8. Déanfaidh an Coimisiún, a luaithe is féidir, an t-iarratasóir agus an Ballstát lena mbaineann a chur ar an eolas maidir le haon iarratas ar údarú a diúltaíodh de bhun mhír 7, agus sonróidh sé an chúis leis an diúltú.

Airteagal 10

Bearta éigeandála

1. I gcás ina bhfuil fianaise ag Ballstát go bhfuil speiceas coimhthíoch ionrach ar a chríoch, nó go bhfuil gar-riosca ann go dtabharfar isteach é, ar fianaise í nach bhfuil san áireamh ar liosta an Aontais ach a mheasann na húdaráis inniúla a bheith ábhartha, ar bhonn réamh-fhianaise eolaíche, toisc gur dócha go gcomhlíonfaidh sé na critéir atá leagtha amach in Airteagal 4(3), féadfaidh sé bearta éigeandála a dhéanamh láithreach, ar a mbeidh aon cheann de na srianta atá leagtha amach in Airteagal 7 (1).
2. An Ballstát a thugann isteach bearta éigeandála ar a chríoch náisiúnta, lena n-áirítear pointí (a), (d) nó (e) d'Airteagal 7(1) a chur i bhfeidhm, cuirfidh sé fógra chuig an gCoimisiún agus chuig na Ballstáit eile uile láithreach faoi na bearta a rinneadh agus an fhianaise atá mar bhonn cirt leis na bearta sin.
3. Déanfaidh an Ballstát lena mbaineann, gan mhoill, measúnú riosca de bhun Airteagal 5 ar don speiceas coimhthíoch ionrach atá faoi réir na mbearta éigeandála, i bhfianaise na faisnéise teicniúla agus eolaíche atá ar fáil, agus in aon chás laistigh de 24 mhí ón ndáta a glacadh an cinneadh bearta éigeandála a thabhairt isteach, d'fhonn an speiceas sin a chur ar liosta an Aontais.
4. I gcás ina bhfaighidh an Coimisiún an fógra dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo nó má tá fianaise eile aige go bhfuil speiceas coimhthíoch ionrach san Aontas, nó go bhfuil gar-riosca ann go dtabharfar isteach é, ar speiceas é nach bhfuil ar liosta an Aontais, ach gur dócha go gcomhlíonfaidh sé na critéir atá leagtha amach in Airteagal 4(3), tiocfaidh sé ar an tátal, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, ar bhonn réamhfhianaise eolaíche, an dócha go gcomhlíonfaidh an speiceas na critéir sin agus glacfaidh sé, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, bearta éigeandála don Aontas arb éard a bheidh iontu aon cheann de na srianta atá leagtha amach in Airteagal 7(1) ar feadh tréimhse teoranta a mhéid a bhaineann leis na rioscaí a bhaineann leis an speiceas sin, i gcás ina dtiocfaidh an Coimisiún ar an tátal gur dócha go gcomhlíonfar na critéir a leagtar amach in Airteagal 4(3). Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 27(2).

5. I gcás ina nglacfaidh an Coimisiún gníomh cur chun feidhme dá dtagraítear i mír 4, déanfaidh na Ballstáit aon bhearta éigeandála a ghlac siad a aisghairm nó a leasú, de réir mar is iomchuí.
6. I gcás ina n-áireoidh an Coimisiún an speiceas coimhthíoch ionrach i liosta an Aontais, déanfaidh na Ballstáit a mbearta éigeandála a aisghairm nó a leasú freisin.
7. Nuair is amhlaidh, tar éis dó an measúnú riosca a chur i gcrích de bhun mhír 3 den Airteagal seo, nach n-áiríonn an Coimisiún an speiceas coimhthíoch ionrach ar liosta an Aontais, déanfaidh na Ballstáit na bearta éigeandála a ghlac siad de bhun mhír 1 den Airteagal seo a aisghairm agus féadfaidh siad an speiceas sin a áireamh ar liosta náisiúnta de speicis choimhthíocha ionracha is ábhar inní do Bhallstát, de bhun Airteagal 12(1), agus comhar feabhsaithe réigiúnach a bhreithniú i gcomhréir le hAirteagal 11.

Airteagal 11

Speicis choimhthíocha ionracha is ábhar inní réigiúnach agus speicis dhúchasacha de chuid an Aontais

1. Féadfaidh na Ballstáit a aithint óna liosta náisiúnta de speicis choimhthíocha ionracha is ábhar inní do Bhallstát arna bhunú i gcomhréir le hAirteagal 12, speicis dhúchasacha nó neamhdhúchasacha san Aontas a bhfuil comhar feabhsaithe réigiúnach ag teastáil ina leith.
2. Arna iarraidh sin do na Ballstáit rannpháirteacha, gníomhóidh an Coimisiún chun an comhar agus an comhordú idir na Ballstáit rannpháirteacha sin a éascú, i gcomhréir le hAirteagal 22(1). I gcás inar gá, bunaithe ar an tionchar atá ag speicis áirithe choimhthíocha ionracha ar an mbithéagsúlacht agus ar na seirbhísí gaolmhara éiceachórais agus ar shláinte an duine agus ar an ngeilleagar agus ar choinníoll gur fíoraíodh go hiomlán é trí anailís chuimsitheach ar an mbonn cirt le comhar feabhsaithe réigiúnach arna déanamh ag na Ballstáit is iarrthóirí, féadfaidh an Coimisiún a chur de cheangal, trí bhíthin gníomhartha chur chun feidhme, go ndéanfaidh na Ballstáit lena mbaineann forálacha Airteagal 13, 14 agus 16, Airteagal 17 d'ainneoin Airteagal 18, chomh maith le hAirteagal 19 agus Airteagal 20 a chur i bhfeidhm, mutatis mutandis, ar a gcríoch nó ar chuid dá gcríoch, de réir mar is iomchuí. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 27(2).
3. Maidir le speicis choimhthíocha ionracha is ábhar inní réigiúnach, ar speicis dhúchasacha iad i mBallstát, ní bheidh siad faoi réir fhorálacha Airteagail 13, 14, 16, 17, 19, 20 agus 24 ar chríoch an Bhallstáit sin. Comhoibreoidh na Ballstáit ina bhfuil na speicis sin dúchasach leis na Ballstáit lena mbaineann chun measúnú a dhéanamh ar na conairí de réir Airteagal 13 agus, i gcomhairle leis na Ballstáit eile, féadfaidh siad bearta ábhartha a ghlacadh chun leathadh tuilleadh na speiceas sin a sheachaint i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 22(1).

Airteagal 12

Speicis choimhthíocha ionracha is ábhar inní do Bhallstát

1. Féadfaidh na Ballstáit liosta náisiúnta a bhunú de speicis choimhthíocha ionracha is ábhar inní do Bhallstát. Do na speicis choimhthíocha ionracha sin, féadfaidh na Ballstáit bearta, amhail na bearta dá bhforáiltear in Airteagail 7, 8, 13 go 17, 19 agus 20, a chur i bhfeidhm ar a gcríoch, de réir mar is iomchuí. Beidh na bearta sin comhoiriúnach le CFAE agus cuirfear fógra chuig an gCoimisiún fúthu i gcomhréir le dlí an Aontais.
2. Cuirfidh na Ballstáit an Coimisiún agus na Ballstáit eile ar an eolas faoi na speicis a measann siad gur speicis choimhthíocha ionracha is ábhar inní do Bhallstát iad agus faoi na bearta arna gcur i bhfeidhm i gcomhréir le mír 1.

Airteagal 13

Pleananna gníomhaíochta maidir le conairí speiceas coimhthíoch ionrach

1. Déanfaidh na Ballstáit, taobh istigh de 18 mí ón dáta a nglacfar liosta an Aontais anailís chuimsitheach ar na conairí trína dtugtar isteach agus trína leatar speicis choimhthíocha ionracha is ábhar inní don Aontas go neamhbheartaithe ar a gcríoch agus ina n-uiscí mara, ar a laghad, mar a shainítear iad i bpointe (1) d'Airteagal 3 de Threoir 2008/56/CE, agus sainaitheoidh siad na conairí inar gá gníomhaíocht tosaíochta ("conairí tosaíochta"), mar gheall ar líon na speiceas nó ar an damáiste ionchasach a dhéantar de dheasca na speiceas a thagann isteach san Aontas Eorpach trí na conairí sin.
2. Laistigh de thrí bliana ón dáta a nglacfar liosta an Aontais, déanfaidh gach Ballstát aon phlean gníomhaíochta amháin nó tacar de phleananna gníomhaíochta a bhunú agus a chur chun feidhme chun aghaidh a thabhairt ar na conairí tosaíochta a shainaitheoidh sé de bhun mhír 1. Áireofar sna pleananna gníomhaíochta cláir ama le haghaidh gníomhaíochta agus tabharfar tuairisc iontu ar na bearta a bheidh le glacadh agus, de réir mar is iomchuí, ar na gníomhaíochtaí deonacha agus na cóid dea-chleachtais, chun aghaidh a thabhairt ar na conairí tosaíochta agus chun cosc a chur ar speicis choimhthíocha ionracha a thabhairt isteach san Aontas go neamhbheartaithe agus a leathadh go neamhbheartaithe taobh istigh den Aontas.
3. Áiritheoidh na Ballstáit comhordú a mbeidh sé d'aidhm aige plean gníomhaíochta amháin nó tacar de phleananna gníomhaíochta a bhunú a bheidh comhordaithe ar an leibhéal réigiúnach iomchuí i gcomhréir le hAirteagal 22(1). I gcás nach mbunófar pleananna gníomhaíochta réigiúnacha den chineál sin, bunóidh na Ballstáit pleananna gníomhaíochta dá gcríoch, agus cuirfidh siad chun feidhme iad, agus déanfar iad a chomhordú a mhéid is féidir ar an leibhéal réigiúnach iomchuí.

4. Áireofar go háirithe sna pleananna gníomhaíochta dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo, bearta atá bunaithe ar anailís ar na costais agus ar na sochair, d'fhonn an méid seo a leanas a dhéanamh:

- (a) feasacht a mhúscailt;
- (b) íoslaghódú a dhéanamh ar éilliú earraí, tráchtearraí, feithiclí agus trealaimh, arb é eiseamail de speicis choimhthíocha ionracha is cúis leis, lena n-áirítear bearta le dul i ngleic le speicis choimhthíocha ionracha a iompar ó thríú tíortha;
- (c) seiceálacha cuí ag teorainneacha an Aontais a áirithiú, seachas na rialuithe oifigiúla de bhun Airteagal 15;

5. Déanfar na pleananna gníomhaíochta a bunaíodh i gcomhréir le mír 2 a sheoladh chuig an gCoimisiún gan mhoill. Déanfaidh na Ballstáit athbhreithniú ar a bpleananna gníomhaíochta agus déanfaidh siad iad a sheoladh chuig an gCoimisiún gach sé bliana ar a laghad.

CAIBIDIL III

LUATHBHRATH AGUS DÍOTHÚ TAPA

Airteagal 14

Córas faireachais

1. Laistigh de 18 mí ón dáta a nglacfar liosta an Aontais, bunóidh na Ballstáit córas faireachais ar speicis choimhthíocha ionracha is ábhar imní don Aontas, nó cuimseofar é sa chóras atá acu cheana féin, ar chóras é lena mbailítear agus lena dtaifeadtar sonraí maidir le speicis choimhthíocha ionracha a bheith sa timpeallacht trí bhithin suirbhé, faireacháin nó nósanna imeachta eile chun cosc a chur le leathadh speicis choimhthíocha ionracha chuig san Aontas nó laistigh den Aontas.

2. Maidir leis an gcóras faireachais dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo:

- (a) cumhdóidh sé críoch na mBallstát, lena n-áirítear uiscí mara na gcríoch, chun a chinneadh an ann do speicis choimhthíocha ionracha nua, chomh maith le cinn atá bunaithe cheana, is ábhar imní don Aontas, agus chun a ndáileadh a chinneadh;
- (b) beidh sé dinimiciúil go leor le haon speiceas coimhthíoch ionrach is ábhar imní don Aontas a bhrath go tapa i dtimpeallacht críoch Ballstáit nó in aon chuid de chríoch Ballstáit, nárbh eol a bheith ann cheana féin;
- (c) maidir le forálacha ábhartha le haghaidh measúnú agus faireacháin a leagtar síos i ndlí an Aontais nó faoi chomhaontuithe idirnáisiúnta, déanfaidh sé forbairt orthu, beidh sé comhoiriúnach leo agus seachnóidh sé dúbláil a dhéanamh orthu agus úsáidfídh sé an fhaisnéis arna cur ar fáil ag na córais faireachais agus faireacháin atá ann cheana a leagtar amach in Airteagal 11 de Threoir 92/43/CEE, in Airteagal 8 de Threoir 2000/60/CE agus in Airteagal 11 de Threoir 2008/56/CE;
- (d) déanfaidh sé na tionchair thrasteorann agus na gnéithe trasteorann ábhartha a chur san áireamh, a mhéid is féidir.

Airteagal 15

Rialuithe oifigiúla

1. Faoi 2 Eanáir 2016, beidh struchtúir bunaithe ag na Ballstáit, ar struchtúir iad a bheidh ag feidhmiú go hiomlán, chun na rialuithe oifigiúla is gá a chur i gcrích chun cosc a chur ar speicis choimhthíocha ionracha is ábhar imní don Aontas a thabhairt isteach san Aontas d'aonghnó. Beidh feidhm ag na rialuithe oifigiúla sin maidir le catagóirí na n-earraí atá faoi chuimsiú chóid na hAinmníochta Comhcheangailte a ndéantar tagairt dóibh i liosta an Aontais, de bhun Airteagal 4(5).

2. Déanfaidh na húdaráis inniúla na rialuithe iomchuí rioscabhunaithe a chur i gcrích ar na hearraí a luaitear i mír 1 den Airteagal seo, ag fíorú an méid seo a leanas dóibh:

- (a) níl siad ar liosta an Aontais; nó
- (b) cumhdaítear iad le cead bailí mar a dtagraítear dó in Airteagal 8.

3. Déanfar na rialuithe dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo, lena n-áirítear seiceálacha ar dhoiciméid, ar chéannacht agus nuair is gá, seiceálacha fisiceacha, nuair a thabharfar na hearraí dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo isteach san Aontas. I gcás ina ndéantar foráil cheana, le dlí an Aontais maidir le rialuithe oifigiúla ar leith ag eintitis teorann, i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 882/2004 agus Treoir 91/496/CEE agus Treoir 97/78/CE nó ag pointí teacht isteach i gcomhréir le Treoir 2000/29/CE, i gcomhair catagóirí na n-earraí sin dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, cuirfidh na Ballstáit an fhreagracht as na rialuithe dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo a dhéanamh ar na húdaráis inniúla a bhfuil na rialuithe sin de chúram orthu i gcomhréir le hAirteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 882/2004 nó le pointe (g) d'Airteagal 2(1) de Threoir 2000/29/CE.

4. Maidir le láimhseáil na n-earraí i saorchriosanna nó i stórais shaora agus na hearraí dá dtagraítear i mír 1 a chur faoi nósanna imeachta custaim maidir le scaoileadh le haghaidh saorchúrsaíocht, iompar, stóráil custaim, próiseáil inmheánach, próiseáil faoi rialú na gcustam agus cead isteach sealadach, beidh siad faoi réir na nithe seo a leanas a dhearbhu chuig na húdaráis custaim:

- (a) an doiciméad teacht isteach ábhartha atá comhlánaithe go cuí ag na húdaráis inniúla dá dtagraítear i mír 3 den Airteagal seo lena bhfianaítear go gcomhlíontar na coinníollacha dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo, i gcásanna ina ndearnadh na rialuithe ag eintitis teorann, i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 882/2004 agus Treoir 91/496/CEE agus Treoir 97/78/CE nó ag pointí teacht isteach i gcomhréir le pointe (j) d'Airteagal 2(1) de Threoir 2000/29/CE. Caithfear an nós imeachta custaim a luaitear ann a leanúint; nó
- (b) i gcás nach bhfuil earraí faoi réir rialuithe oifigiúla de réir dhlí an Aontais, fianaise dhoiciméadach eile go ndearnadh na rialuithe a raibh torthaí sásúla orthu agus an doiciméad teacht isteach ina dhiaidh sin.

Féadtar na doiciméid sin a chur isteach go leictreonach freisin.

5. Más rud é, leis na rialuithe, go suitear nach bhfuil an Rialachán seo á chomhlíonadh:

- (a) déanfaidh na húdaráis custaim cur faoi nós imeachta custaim na n-earraí a chur ar fionraí nó coinneoidh siad na hearraí;
- (b) coinneoidh na húdaráis inniúla dá dtagraítear i mír 3 na hearraí.

I gcás ina gcoinneofar earraí, cuirfear iad faoi chúram an údaráis inniúil a bheidh i gceannas an Rialachán seo a chur chun feidhme. Gníomhóidh an t-údarás sin i gcomhréir leis an reachtaíocht náisiúnta atá i bhfeidhm. Féadfaidh na Ballstáit feidhmeanna sonracha a tharmligean chuig údaráis eile.

6. Na costais arna dtabhu fad le linn an fíorú a dhéanamh agus na costais a eascraíonn as neamh-chomhlíonadh, beidh siad ar chostas an duine nádúrtha nó an duine dlítheanaigh laistigh den Aontas a thug na hearraí isteach san Aontas, seachas i gcás ina gcinneann an Ballstát lena mbaineann a mhalaírt.

7. Cuirfidh na Ballstáit nósanna imeachta ar bun chun malartú faisnéise ábhartha a áirithiú agus comhordú agus comhar éifeachtúil, éifeachtach idir na húdaráis rannpháirteacha uile atá bainteach leis an bhfíorú dá dtagraítear i mír 2.

8. Bunaithe ar dhea-chleachtais, déanfaidh an Coimisiún, in éineacht leis na Ballstáit uile, treoirlínte agus clár oiliúna a fhorbairt chun aithint agus brath na speiceas coimhthíoch ionrach is ábhar inní don Aontas agus feidhmíocht rialuithe éifeachtúla, éifeachtacha a éascú.

9. I gcás inar eisíodh ceadanna i gcomhréir le hAirteagal 8, déanfar tagairt sa dearbhú custaim nó sna fógraí ábhartha chuig an eintiteas teorann do cheadúnas bailí lena gcumhdaítear na hearraí atá dearbhaithe.

Airteagal 16

Fógraí luathbhraith

1. Bainfidh na Ballstáit úsáid as an gcóras faireachais a bunaíodh i gcomhréir le hAirteagal 14 agus as an bhfaisnéis a bhailítear ag rialuithe oifigiúla dá bhforáiltear in Airteagal 15 chun luathbhraith thabhairt isteach nó láithreach speiceas coimhthíoch ionrach is ábhar inní don Aontas don Aontas a dheimhniú.

2. Tabharfaidh na Ballstáit fógra, i scríbhinn, don Choimisiún gan mhoill faoi luathbhraith láithreach speiceas coimhthíoch ionrach is ábhar inní don Aontas agus cuirfidh sé na Ballstáit eile ar an eolas, go háirithe maidir leis an méid seo:

- (a) láithreach, ar a gcríoch nó ar chuid dá gcríoch, aon speicis atá ar liosta an Aontais, nárbh eol é a bheith ann roimhe sin ina gcríoch nó i gcuid dá gcríoch;
- (b) teacht ar ais ar a gcríoch nó ar chuid dá gcríoch aon speicis atá ar liosta an Aontais, tar éis gur tuairiscíodh é a bheith díothaithe.

Airteagal 17

Díothú mear ag céim luath den ionradh

1. Tar éis an luathbhraith agus laistigh de thrí mhí tar éis an fógra luathbhraith dá dtagraítear in Airteagal 16 a tharchur, cuirfidh na Ballstáit bearta um dhíothú i bhfeidhm agus tabharfaidh siad fógra faoi na bearta sin don Choimisiún agus cuirfidh siad na Ballstáit eile ar an eolas fúthu.

2. Agus bearta um dhíothú á gcur i bhfeidhm acu, áiritheoidh na Ballstáit go bhfuil na modhanna atá in úsáid éifeachtúil le díothú iomlán líon na speiceas coimhthíoch ionrach lena mbaineann a bhaint amach, ag féachaint go cuí do shláinte an duine agus don chomhshaol, go háirithe do speicis nach bhfuiltear ag díriú orthu agus na gnáthóga atá acu, agus chun a áirithiú go spáráiltear na hainmhithe ar aon phian, anacra nó fulaingt atá inseachanta.

3. Déanfaidh na Ballstáit faireachán ar éifeachtacht an díothaithe. Féadfaidh na Ballstáit úsáid a bhaint as an gcóras faireachais dá bhforáiltear in Airteagal 14 chuige seo. Leis an bhfaireachán, déanfar measúnú ar an tionchar ar na speicis nach bhfuiltear ag díriú orthu, de réir mar is iomchuí.

4. Cuirfidh na Ballstáit an Coimisiún ar an eolas faoi éifeachtacht na mbeart a rinneadh agus tabharfaidh siad fógra don Choimisiún nuair a bheidh díothú déanta ar líon de speicis choimhthíocha ionracha is ábhar inní don Aontas. Cuirfidh siad an fhaisnéis sin ar fáil freisin do Bhallstáit eile.

Airteagal 18

Maoluithe ó oibleagáid an díothaithe mhear

1. Féadfaidh Ballstát a chinneadh, bunaithe ar fhianaise dhaingean eolaíoch, agus laistigh de dhá mhí tar éis speiceas coimhthíoch ionrach dá dtagraítear in Airteagal 16 a bhrath, gan bearta um dhíothú a chur i bhfeidhm má chomhlíontar ar a laghad ceann amháin de na coinníollacha seo a leanas:

- (a) taispeántar nach bhfuil díothú indéanta go teicniúil ós rud é nach féidir na modhanna díothaithe atá ar fáil a chur i bhfeidhm sa timpeallacht ina bhfuil an speiceas coimhthíoch ionrach bunaithe;
- (b) léiríonn anailís costais agus sochair ar bhonn na sonraí atá ar fáil le cinnteacht réasúnach go mbeidh na costais, san fhadtéarma, go heisceachtúil ard agus díréireach i ndáil le sochair an díothaithe;
- (c) níl modhanna díothaithe ar fáil nó tá siad ar fáil ach tá tionchar diúltach an-tromchúiseach acu ar shláinte an duine nó ar an gcomhshaol nó ar speicis eile.

Tabharfaidh an Ballstát lena mbaineann fógra i scríbhinn don Choimisiún, gan mhoill, faoina chinneadh. Beidh an fhianaise ar fad dá dtagraítear i bpointe (a), i bpointe (b) agus i bpointe (c) den chéad fhomhír ag gabháil leis an bhfógra.

2. Féadfaidh an Coimisiún a chinneadh, trí bhithin gníomhartha cur chun feidhme, an cinneadh ar tugadh fógra ina leith i gcomhréir leis an dara fhomhír de mhír 1 a dhiúltú, i gcás nach gcomhlíontar na coinníollacha a leagtar amach ansin.

3. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 27(2). Cuirfear na dréachtghníomhartha cur chun feidhme faoi bhráid an Choiste dá dtagraítear in Airteagal 27(1) laistigh de dhá mhí ó fhógra an Bhallstáit a fháil.

4. Áiríteoidh na Ballstáit go mbeidh bearta imshrianta i bhfeidhm chun leathadh breise an speicis choimhthíoch ionraigh go dtí Ballstáit eile a sheachaint, nuair nach gcuirfear bearta um dhíothú i bhfeidhm, de bhun mhír 1.

5. I gcás ina ndiúltóidh an Coimisiún do chinneadh ar tugadh fógra ina leith i gcomhréir leis an dara fhomhír de mhír 1 den Airteagal seo, déanfaidh an Ballstát lena mbaineann na bearta díothaithe dá dtagraítear in Airteagal 17 a chur i bhfeidhm gan mhoill.

6. I gcás nach ndiúltóidh an Coimisiún do chinneadh ar tugadh fógra ina leith i gcomhréir leis an dara fhomhír de mhír 1 den Airteagal seo, beidh an speiceas coimhthíoch ionrach faoi réir na mbeart bainistíochta dá dtagraítear in Airteagal 19.

CAIBIDIL IV

BAINISTIÚ NA SPEICEAS COIMHTHÍOCH IONRACH ATÁ LEATA GO FAIRSING

Airteagal 19

Bearta bainistíochta

1. Faoi 18 mí ar a dhéanaí ón uair a chuirtear speiceas coimhthíoch ionrach ar liosta an Aontais, beidh bearta bainistíochta éifeachtacha i bhfeidhm ag na Ballstáit do na speicis choimhthíocha ionracha sin is ábhar inní don Aontas a fuair na Ballstáit a bheith leata go fairsing ar a gcríoch, ionas go ndéanfar a dtionchar ar bhitheagsúlacht, ar na seirbhísí gaolmhara éiceachórais lena mbaineann agus, i gcás inarb iomchuí, ar shláinte an duine nó ar an ngeilleagar a íoslaghdú.

Beidh na bearta bainistíochta sin comhréireach leis an tionchar ar an gcomhshaol agus oiriúnach do chúinsí sonracha na mBallstát, bunófar iad ar anailís ar chostais agus ar shochair agus cuimseofar iontu freisin na bearta um athchóiriú dá dtagraítear in Airteagal 20, a mhéid is féidir. Cuirfear in ord tosaíochta iad bunaithe ar an measúnú riosca agus ar a n-éifeachtúlacht costais.

2. Ar na bearta bainistíochta beidh gníomhaíochtaí marfacha nó neamh-marfacha, fisiceacha, ceimiceacha nó bitheolaíochta atá dírithe ar líon speiceas coimhthíoch ionrach a dhíothú, a rialú nó a imshrianadh. Nuair is iomchuí, ar na bearta bainistíochta beidh gníomhaíochtaí a chuirfear i bhfeidhm ar an éiceachóras agus a bheidh dírithe ar a athléimneacht in aghaidh ionraí reatha agus ionraí amach anseo a mhéadú. Féadfar úsáid tráchtála na speiceas coimhthíoch ionrach atá bunaithe cheana a cheadú go sealadach mar chuid de na bearta bainistíochta atá dírithe ar líon speiceas coimhthíoch ionrach a dhíothú, a rialú nó a imshrianadh, faoi bhonn cirt dian agus ar an gcoinníoll go bhfuil na rialuithe iomchuí uile i bhfeidhm chun leathadh breise a sheachaint.

3. Agus bearta bainistíochta á gcur i bhfeidhm acu agus le linn modhanna a bheidh le húsáid á roghnú acu, tabharfaidh Ballstáit aird chuí ar shláinte an duine agus ar an gcomhshaoil go háirithe i ndáil le speicis nach bhfuiltear ag díriú orthu agus a ngnáthóga, agus áiríteadh siad, nuair a dhírítear ar ainmhithe, go ndéanfar iad a spáráil ar aon phian, anacra nó fulaingt, gan éifeachtacht na mbearta bainistíochta a mhaolú.

4. Ceapfar agus úsáidfear an córas faireachais dá bhforáiltear in Airteagal 14 chun faireachán a dhéanamh ar éifeachtacht díothaithe, rialaithe ar líon nó bhearta imshrianta chun an tionchar ar bhitheagsúlacht agus ar na seirbhísí gaolmhara éiceachórais, agus i gcás inarb infheidhme, ar shláinte an duine nó ar an ngeilleagar a íoslaghdú. Leis an bhfaireachán, déanfar measúnú freisin ar an tionchar ar na speicis nach bhfuiltear ag díriú orthu, de réir mar is iomchuí.

5. I gcás ina bhfuil riosca suntasach ann go leathfaidh speiceas coimhthíoch ionrach is ábhar inní don Aontas chuig Ballstát eile, tabharfaidh na Ballstáit a bhfuil an speiceas sin iontu fógra láithreach do na Ballstáit eile agus don Choimisiún. I gcás inarb iomchuí, déanfaidh na Ballstáit lena mbaineann bearta bainistíochta atá aontaithe go comhpháirteach a bhunú. I gcás ina bhféadfadh tríú tíortha dul faoi thionchar an leata, déanfaidh an Ballstát lena mbaineann a dhícheall na tríú tíortha lena mbaineann a chur ar an eolas.

Airteagal 20

Athchóiriú na n-éiceachórais damáistithe

1. Déanfaidh na Ballstáit bearta iomchuí um athchóiriú chun cabhrú le téarnamh éiceachórais a bhí díghrádaithe, damáistithe nó scriosta ag speiceas coimhthíoch ionrach is ábhar inní don Aontas, mura léiríonn anailís costais agus sochair ar bhonn na sonraí atá ar fáil le cinnteacht réasúnach, go mbeidh costais na mbearta sin ard agus díréireach i ndáil le sochair an athchóirithe.

2. Ar na bearta um athchóiriú dá dtagraítear i mír 1, beidh ar a laghad an méid seo a leanas:

- (a) bearta chun cur le cumas éiceachórais atá ar a ris do shuaitheadh, mar thoradh ar speicis choimhthíocha ionracha is ábhar inní don Aontas a bheith ann, seasamh in aghaidh thionchar an tsuaite, é a ionsú, dul in oiriúint dó agus téarnamh uaidh;
- (b) bearta a chuideoidh le hathionradh tar éis feachtais um dhíothú a chosc.

CAIBIDIL V

FORÁLACHA COTHROMÁNACHA

Airteagal 21

Gnóthú costas

I gcomhréir leis an bprionsabal gurb é údar an truaillithe a íocfaidh as agus gan dochar do Threoir 2004/35/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁾, beidh sé mar aidhm ag na Ballstáit díriú ar ghnóthú chostais na mbearta is gá chun tionchar diúltach na speiceas coimhthíoch ionrach a chosc, a íoslaghdú nó a mhaolú, lena n-áirítear costais chomhshaoil agus acmhainní mar aon leis an gcostas athchóirithe.

Airteagal 22

Comhar agus comhordú

1. Déanfaidh na Ballstáit, agus a n-oibleagáidí faoin Rialachán seo i ndáil le speicis choimhthíocha ionracha á gcomhlíonadh acu, a seacht ndícheall dlúth-chomhordú a áirithiú leis na Ballstáit uile lena mbaineann agus, i gcás inar praiticiúil agus inarb iomchuí, struchtúir atá ann cheana féin a thig as comhaontuithe réigiúnacha nó idirnáisiúnta a úsáid. Go háirithe, déanfaidh na Ballstáit lena mbaineann iarracht comhordú a áirithiú leis na Ballstáit eile a bhfuil na nithe seo a leanas acu freisin:

- (a) na fo-réigiúin mhuirí chéanna i gcomhréir le hAirteagal 4(2) de Threoir 2008/56/CE, maidir le speicis mhuirí;
- (b) an réigiún bithgheografach céanna i gcomhréir le pointe (iii) de phointe (c) d'Airteagal 1 de Threoir 92/43/CEE, maidir le speicis neamh-mhuirí;
- (c) na teorainneacha céanna;
- (d) an abhantrach chéanna i gcomhréir le pointe (13) d'Airteagal 2 de Threoir 2000/60/CE, maidir le speicis fhionnuisce; nó
- (e) aon ábhar inní eile is coiteann.

⁽¹⁾ Treoir 2004/35/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Aibreán 2004 maidir le dliteanas comhshaoil i ndáil le damáiste comhshaoil a chosc agus a leigheas (IO L 143, 30.4.2004, lch. 56).

Arna iarraidh sin do na Ballstáit atá rannpháirteach, gníomhóidh an Coimisiún chun an comhordú a éascú.

2. Déanfaidh na Ballstáit, agus a n-oibleagáidí faoin Rialachán seo á gcomhlíonadh acu, a seacht ndícheall oibriú i gcomhar le tríú tíortha, de réir mar is iomchuí, lena n-áirítear struchtúir atá ann cheana féin a thig as comhaontuithe réigiúnacha nó idirnáisiúnta a úsáid, chun cuspóirí an Rialacháin seo a chomhlíonadh.

3. Féadfaidh na Ballstáit forálacha, amhail na cinn sin dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, a chur i bhfeidhm freisin d'fhonn comhordú agus comhar le Ballstáit ábhartha eile a áirithiú maidir le speicis choimhthíocha ionracha is ábhar imní do Bhallstát agus a shainathnítear i liostaí náisiúnta a ghlacfar i gcomhréir le hAirteagal 12(1). Féadfaidh na Ballstáit sásraí comhair a bhunú freisin ar an leibhéal iomchuí i dtaca leis na speicis choimhthíocha ionracha sin. Féadfár a áireamh i sásraí den sórt sin faisnéis agus sonraí a mhalartú, pleananna gníomhaíochta maidir le conairí agus dea-chleachtais a mhalartú i ndáil le speicis choimhthíocha ionracha a bhainistiú, a rialú agus a dhíothú, córais agus luathrabhaidh agus cláir a bhaineann le feachtas phoiblí nó le hoideachas.

Airteagal 23

Rialacha náisiúnta níos déine

Féadfaidh na Ballstáit rialacha náisiúnta níos déine a choimeád ar bun nó a leagan síos agus é mar aidhm acu tabhairt isteach, bunú agus leathadh speiceas coimhthíoch ionrach a chosc. Beidh na bearta sin comhoiriúnach le CFAE agus cuirfear an Coimisiún ar an eolas fúthu i gcomhréir le dlí an Aontais.

CAIBIDL VI

FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA

Airteagal 24

Tuairisciú agus athbhreithniú

1. Faoin 1 Meitheamh 2019, agus gach sé bliana ina dhiaidh sin, déanfaidh na Ballstáit an méid seo a leanas a nuashonrú agus a sheoladh chuig an gCoimisiún:

- (a) tuairisc ar an gcóras faireachais de bhun Airteagal 14 agus ar an gcóras um rialú oifigiúil ar speicis choimhthíocha a thagann isteach san Aontas de bhun Airteagal 15, nó leagan nuashonraithe di;
- (b) dáileadh an speicis choimhthígh ionraigh is ábhar imní don Aontas, nó is ábhar imní ar bhonn réigiúnach, agus atá ina gcríoch, i gcomhréir le hAirteagal 11(2), lena n-áirítear faisnéis faoi phatrúin imirce nó atáirgthe;
- (c) faisnéis faoi na speicis a mheastar mar speicis choimhthíocha ionracha is ábhar imní do Bhallstát de bhun Airteagal 12 (2);
- (d) na pleananna gníomhaíochta dá dtagraítear in Airteagal 13(2);
- (e) faisnéis chomhiomlán a chumhdaíonn an chríoch náisiúnta iomlán maidir leis na bearta um dhíothú a glacadh i gcomhréir le hAirteagal 17, na bearta bainistíochta a rinneadh i gcomhréir le hAirteagal 19, agus a n-éifeachtacht, chomh maith lena dtionchar ar speicis nach speicis a dhírítear orthu iad;
- (f) líon na gceadanna dá dtagraítear in Airteagal 8 agus an chúis ar eisíodh iad;
- (g) bearta a glacadh chun an pobal a chur ar an eolas i dtaca le speiceas coimhthíoch ionrach a bheith i láthair agus aon ghníomhaíochtaí a iarradh ar shaoránaigh a ghlacadh;
- (h) na cigireachtaí a cheanglaítear faoi Airteagal 8(8); agus
- (i) faisnéis faoi chostas na gníomhaíochta a dhéantar chun an Rialachán seo a chomhlíonadh, má bhíonn sí ar fáil.

2. Faoin 5 Samhain 2015, tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún agus cuirfidh siad na Ballstáit eile ar an eolas faoi na húdaráis inniúla atá i gceannas ar an Rialachán seo a chur chun feidhme.

3. Faoin 1 Meitheamh 2021, déanfaidh an Coimisiún measúnú ar chur i bhfeidhm an Rialacháin seo lena n-áirítear liosta an Aontais, na pleananna gníomhaíochta dá dtagraítear in Airteagal 13(2), an córas faireachais, rialuithe custaim, an oibleagáid um dhíothú agus na hoibleagáidí bainistithe, agus cuirfidh sé tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle a bhféadfaidh tograí reachtacha chun an Rialachán seo a leasú a bheith ag gabháil léi, lena n-áirítear athruithe ar liosta an Aontais. Leis an athbhreithniú sin, scrúdófar freisin éifeachtacht na bhforálacha cur chun feidhme maidir le speicis choimhthíocha is ábhar imní ar bhonn réigiúnach, an gá atá leis an speiceas atá dúchasach don Aontas a áireamh i liosta an Aontais agus a indéanta atá sé déanamh amhlaidh agus an bhfuil gá le comhchuibhiú breise chun éifeachtacht na bpleananna gníomhaíochta agus na mbearta arna ndéanamh ag na Ballstáit a mhéadú.

4. Sonróidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, na formáidí teicniúla le haghaidh tuairisciú d'fhonn oibleagáidí tuairiscithe a shimpliú agus a shruthlíniú do na Ballstáit i ndáil leis an bhfaisnéis de bhun mhír 1 den Airteagal seo. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 27(2).

Airteagal 25

Córas tacaíochta faisnéise

1. Bunóidh an Coimisiún de réir a chéile córas tacaíochta faisnéise is gá chun cur i bhfeidhm an Rialacháin seo a éascú.
2. Faoi 2 Eanáir 2016 áireofar sa chóras sin sásra tacaíochta sonraí a idirnascaidh na córais sonraí atá ann cheana maidir le speicis choimhthíocha ionracha, agus tabharfar aird ar leith ar fhaisnéis ar na speicis choimhthíocha ionracha is ábhar inní don Aontas chun an tuairisciú de bhun Airteagal 24 a éascú.

An sásra tacaíochta sonraí dá dtagraítear sa chéad fohmír, tiocfaidh sé chun bheith ina uirlís a chuideoidh leis an gCoimisiún agus leis na Ballstáit na fógraí ábhartha a cheanglaítear le hAirteagal 16(2) a láimhseáil.

3. Faoi 2 Eanáir 2019, tiocfaidh an sásra tacaíochta sonraí dá dtagraítear i mír 2 chun bheith ina shásra chun faisnéis maidir le gnéithe eile den Rialachán seo a mhalartú.

Féadfaidh sé freisin go n-áireofar faisnéis ann i ndáil le speicis choimhthíocha ionracha is ábhar inní do Bhallstát, agus i ndáil le conairí, le measúnú riosca agus le bearta bainistíochta agus le bearta um dhíothú, nuair a bhíonn sí ar fáil.

Airteagal 26

Rannpháirtíocht an phobail

I gcás ina mbíonn pleananna gníomhaíochta á mbunú de bhun Airteagal 13 den Rialachán seo agus ina mbíonn bearta bainistíochta i bhfeidhm de bhun Airteagal 19 den Rialachán seo, áiríteoidh na Ballstáit go dtabharfar deiseanna luatha, éifeachtacha don phobal a bheith rannpháirteach in ullmhú, i modhnú nó in athbhreithniú na mbearta sin, ag baint úsáide as na socruithe a chinn na Ballstáit cheana féin, i gcomhréir leis an dara fohmír d'Airteagal 2(3) de Threoir 2003/35/CE.

Airteagal 27

An Coiste

1. Beidh coiste de chúnamh ag an gCoimisiún. Coiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 a bheidh sa choiste sin agus féadfaidh sé cúnamh a fháil agus é i mbun a chúraimí ón bhfóram um an eolaíocht dá dtagraítear in Airteagal 28.
2. I gcás ina ndéanfar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.
3. I gcás nach dtugann an coiste tuairim, ní ghlacfaidh an Coimisiún an dréachtghníomh cur chun feidhme agus beidh feidhm ag an tríú fohmír d'Airteagal 5(4) de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

Airteagal 28

An fóram um an eolaíocht

Áiríteoidh an Coimisiún rannpháirtíocht ionadaithe ó phobal na heolaíochta a cheap na Ballstáit i gcomhairle a sholáthar maidir le haon cheist eolaíoch a bhaineann le cur i bhfeidhm an Rialacháin seo, go háirithe i ndáil le hAirteagal 4, Airteagal 5, Airteagal 10 agus Airteagal 18. Tiocfaidh na hionadaithe le chéile i bhfóram um an eolaíocht. Bunóidh an Coimisiún rialacha nós imeachta an fhórait sin.

Airteagal 29

An tarmligean a fheidhmiú

1. Is faoi réir na gcoinníollacha atá leagtha síos san Airteagal seo a thugtar na cumhachtaí chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh don Choimisiún.
2. Tabharfar an chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 5(3) go ceann tréimhse cúig bliana ón 1 Eanáir 2015. Dréachtóidh an Coimisiún tuarascáil maidir le tarmligean na cumhachta tráth nach déanaí ná naoi mí roimh dheireadh na tréimhse cúig bliana. Déanfar tarmligean na cumhachta a fhadú go hintuigthe go ceann tréimhsí comhfhaid, mura rud é go gcuireann Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle in aghaidh an fhadaithe sin tráth nach déanaí ná trí mhí roimh dheireadh gach tréimhse.

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligeán na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 5(3) a chúlghairm aon tráth. I gcás cinnidh maidir le cúlghairm, cuirfear deireadh le tarmligeán na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar ann. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghnímh tharmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra ina leith do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle go comhuaineach.

5. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun an dara fómhír d'Airteagal 5(3) i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí ó fhógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh an tréimhse éaga, go mbeidh curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa agus ag an gComhairle araon don Choimisiún nach ndéanfaidh siad agóid ina choinne. Cuirfear dhá mhí leis an tréimhse sin ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

Airteagal 30

Pionóis

1. Leagfaidh na Ballstáit na forálacha síos maidir le pionóis a bheidh infheidhme i ndáil le sáruithe ar an Rialachán seo. Déanfaidh na Ballstáit gach beart is gá chun a áirithiú go ndéanfar iad a chur i bhfeidhm.

2. Beidh na pionóis dá bhforáiltear éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach.

3. Féadfar a áireamh ar na pionóis dá bhforáiltear, *inter alia*:

(a) fineálacha;

(b) urghabháil na speiceas coimhthíoch ionrach neamh-chomhlíontach is ábhar imní don Aontas;

(c) cead a eisítear i gcomhréir le hAirteagal 8 a fhionraí nó a aistarraingt láithreach.

4. Faoi 2 Eanáir 2016, cuirfidh na Ballstáit na forálacha dá dtagraítear i mír 1 in iúl don Choimisiún agus déanfaidh siad amhlaidh, gan mhoill, maidir le haon leasuithe a dhéanfar ina dhiaidh sin.

Airteagal 31

Forálacha idirthréimhseacha le haghaidh úinéirí neamh-thráchtála

1. De mhaolú ar phointí (b) agus (d) d'Airteagal 7(1), úinéirí na n-ainmhithe coimhdeachta nach mbíonn á gcoimeád chun críocha tráchtála agus a bhaineann leis na speicis coimhthíocha ionracha atá ar liosta an Aontais, ba cheart go gceadófaí dóibh iad a choimeád go dtí deireadh shaol nádúrtha na n-ainmhithe, ar choinníoll go gcomhlíonfar na coinníollacha seo a leanas:

(a) gur coimeádadh na hainmhithe roimh iad a chur ar liosta an Aontais;

(b) go gcoimeádtar na hainmhithe faoi choimeád imshrianta agus go gcuirtear gach beart iomchuí i bhfeidhm chun a áirithiú nach bhfuil atáirgeadh ná éalú indéanta.

2. Glacfaidh na húdaráis inniúla gach beart réasúnta chun úinéirí neamhthráchtála a chur ar an eolas faoi na rioscaí a bhaineann leis na hainmhithe dá dtagraítear i mír 1 a choimeád agus faoi na bearta a bheidh le déanamh chun riosca an atáirgthe agus an éalaithe a íoslaghdú trí bhithin clár oideachais agus clár um ardú feasachta a eagróidh na Ballstáit.

3. Maidir le húinéirí neamhthráchtála nach féidir leo a áirithiú go gcomhlíonfar na coinníollacha a leagtar amach i mír 1, ní bheidh cead acu na hainmhithe lena mbaineann a choimeád. Féadfaidh na Ballstáit deis a thabhairt dóibh go dtógfaí a n-ainmhithe uathu. I gcás ina dtarlaíonn sé sin, tabharfar aird chuí ar leas na n-ainmhithe.

4. Féadfaidh na bunaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 8 na hainmhithe dá dtagraítear i mír 3 den Airteagal seo a choimeád nó féadfar iad a choimeád i saoráidí arna mbunú ag Ballstáit chun na críche sin.

Airteagal 32

Forálacha idirthréimhseacha maidir le stoic tráchtála

1. Maidir le coimeádaithe stoic tráchtála d'eisemáil de speicis choimhthíocha ionracha a fuarthas sular cuireadh ar liosta an Aontais iad, ceadófar a fhad le dhá bhliain dóibh, tar éis na speicis a chur ar an liosta sin, eisemáil bheo nó codanna inatáirgthe de na speicis sin a choimeád agus a iompar d'fhonn iad a dhíol nó a aistriú chuig na bunaíochtaí taighde nó caomhnaithe *ex-situ* agus chun críocha na ngníomhaíochtaí íocshláinte dá dtagraítear in Airteagal 8, ar choinníoll go gcoinnítear agus go n-iompraítear na heisemáil faoi choimeád imshrianta agus go gcuirtear gach beart iomchuí i bhfeidhm chun a áirithiú nach bhfuil atáirgeadh ná éalú indéanta; nó chun na heisemáil a mharú nó iad a dhealú ar bhealach daonnachtúil chun a stoc a dhísciú.

2. Ceadófar eiseamail bheo a dhíol nó a aistriú chuig úsáideoirí neamhthráchtála go ceann bliana amháin tar éis na speicis a chur ar liosta an Aontais, ar choinníoll go gcoimeádtar agus go n-íompraítear na heiseamail faoi choimeád imshrianta agus go gcuirtear gach beart iomchuí i bhfeidhm chun a áirithiú nach bhfuil atáirgeadh ná éalú indéanta.

3. I gcás inar eisíodh cead i gcomhréir le hAirteagal 6 de Rialachán (CE) 708/2007 le haghaidh speicis dhobharshaothraithe a chuirtear ina dhiaidh sin ar liosta an Aontais, agus go dtéann ré an cheada thar an tréimhse dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, tarraingeoidh an Ballstát an cead siar i gcomhréir le hAirteagal 12 de Rialachán (CE) 708/2007 faoi dheireadh an tréimhse dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo.

Airteagal 33

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an 1 Eanáir 2015.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh in Strasbourg an 22 Deireadh Fómhair 2014.

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa

An tUachtarán

M. SCHULZ

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

B. DELLA VEDOVA

RIALACHÁN (AE) Uimh. 1144/2014 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE
an 22 Deireadh Fómhair 2014

maidir le bearta um sholáthar faisnéise agus bearta cur chun cinn a bhaineann le táirgí talmhaíochta a chuirtear chun feidhme sa mhargadh inmheánach agus i dtríú tíortha agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 3/2008 ón gComhairle

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 42 agus Airteagal 43(2) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa ⁽¹⁾,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún ⁽²⁾,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach ⁽³⁾,

De bharr an méid seo a leanas:

- (1) I gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 3/2008 ón gComhairle ⁽⁴⁾, féadfaidh an tAontas bearta um sholáthar faisnéise agus bearta cur chun cinn a chur chun feidhme sa mhargadh inmheánach agus i dtríú tíortha le haghaidh táirgí talmhaíochta agus a modhanna táirgthe agus le haghaidh táirgí bia áirithe atá déanta ar bhonn táirgí talmhaíochta.
- (2) I bhfianaise na taithí a fuarthas mar aon leis na forbairtí dóchúlú san earnáil talmhaíochta agus sna margaí laistigh agus lasmuigh den Aontas, ba cheart an scéim a bunaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 3/2008 a athbhreithniú agus é a dhéanamh níos comhleánúnaí agus níos éifeachtaí. Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (CE) Uimh. 3/2008 a aisghairm agus rialachán nua a chur ina ionad.
- (3) Is é cuspóir beart um sholáthar faisnéise agus beart cur chun cinn den sórt sin iomaíochas earnáil talmhaíochta an Aontais a fheabhsú, agus ar an mbealach sin cothromas iomaíochta níos mó a chothú, sa mhargadh inmheánach agus i dtríú tíortha araon. Ar bhonn níos sonraí, ba cheart go mbeadh sé mar aidhm ag bearta um sholáthar faisnéise agus bearta cur chun cinn go méadófaí feachtas na dtomhaltóirí maidir le fiúntais tháirgí talmhaíochta agus mhodhanna táirgthe an Aontais agus go méadófaí an fheachtas agus an t-aitheantas ar scéimeanna cáilíochta Aontais. Thairis sin, ba cheart go méadódh siad iomaíochas agus tomhaltas tháirgí talmhaíochta Aontais, go n-ardóidís a bpróifíl laistigh agus lasmuigh den Aontas agus go méadóidís sciar an mhargaidh do na táirgí sin, agus fócas speisialta ar na margaí sin i dtríú tíortha ag a bhfuil an acmhainn fáis is airde. I gcás ina mbeidh suaitheadh mór sa mhargadh, go gcaillfear muinín an tomhaltóra nó go mbeidh fadhbanna sonracha eile ann, ba cheart go gcabhródh na bearta sin le gnáthdhálaí an mhargaidh a athshuíomh. Maidir le bearta um sholáthar faisnéise agus bearta cur chun cinn den sórt sin, ba cheart go mbeidís, ar mhodh úsáideach, ina gcomhlánú agus ina dtreisiú ar na bearta cur chun feidhme ag na Ballstáit. Chun a gcuid cuspóirí a ghnóthú, ba cheart go leanfaí de bhearta um sholáthar faisnéise agus bearta cur chun cinn a chur chun feidhme laistigh den Aontas agus lasmuigh de.
- (4) Ba cheart go mbeadh sé mar aidhm freisin ag bearta barántúlacht tháirgí an Aontais a mhéadú ionas go bhfeabhsófaí feachtas na dtomhaltóirí ar cháilíochtaí táirgí barántúla i gcomparáid le táirgí cosúlachta agus góchumtha; rannchuideodh sé sin go mór leis an bhfeachtas laistigh den Aontas agus i dtríú tíortha ar na siombailí, na tásca agus na giorrúcháin lena léirítear go bhfuiltear rannpháirteach sna scéimeanna cáilíochta Eorpacha a bhunaítear le Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁵⁾.
- (5) Ar cheann de láidreachtaí an Aontais i dtáirgeadh bia tá éagsúlacht na dtáirgí agus na saintréithe suntasacha atá acu agus atá nasctha le limistéir gheografacha éagsúla agus le modhanna traidisiúnta éagsúla agus a sholáthraíonn blasanna uathúla a thugann an éagsúlacht agus an bharántúlacht atá á lorg ag tomhaltóirí níos minice anois laistigh den Aontas agus lasmuigh de.

⁽¹⁾ Tuairim an 30 Aibreán 2014 (nár foilsíodh go fóill san Iris Oifigiúil).

⁽²⁾ Tuairim an 2 Aibreán 2014 (nár foilsíodh go fóill san Iris Oifigiúil).

⁽³⁾ Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 15 Aibreán 2014 (nár foilsíodh go fóill san Iris Oifigiúil), cinneadh ón gComhairle an 13 Deireadh Fómhair 2014.

⁽⁴⁾ Rialachán (CE) Uimh. 3/2008 ón gComhairle an 17 Nollaig 2007 maidir le bearta um sholáthar faisnéise agus bearta cur chun cinn le haghaidh táirgí talmhaíochta ar an margadh inmheánach agus i dtríú tíortha (IO L 3, 5.1.2008, lch. 1).

⁽⁵⁾ Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Samhain 2012 maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí (IO L 343, 14.12.2012, lch. 1).

- (6) Sa bhreis ar an bhfaisnéis maidir le gnéithe intreacha de tháirgí talmhaíochta agus bia an Aontais, d'fhéadfadh na bearta incháilithe freisin teachtaireachtaí atá áisiúil don tomhaltóir a chur in iúl, ag díriú isteach, *inter alia*, ar chothú, ar bhlas, ar thraidisiún, ar éagsúlacht agus ar chultúr.
- (7) Níor cheart go mbeadh na bearta um sholáthar faisnéise agus na bearta cur chun cinn dírithe ar bhrandaí nó ar thionscnamh. Mar sin féin, chun cáilíocht agus éifeachtúlacht taispeántais, blaisí agus ábhar faisnéise agus cur chun cinn a fheabhsú, ba cheart go mbeadh sé indéanta brandaí tráchtála agus tionscnamh na dtáirgí a lua, ar choinníoll go n-urramaítear prionsabal an neamh-idirdhealaithe agus nach bhfuil na bearta dírithe ar thomhailt aon táirge ar leith a spreagadh ar fhoras a thionscnaimh, agus air sin amháin. Thairis sin, ba cheart go n-urramódh na bearta sin prionsabail ghinearálta dhlí an Aontais agus níor cheart go mbeadh srianadh ar shaorghluaiseacht táirgí talmhaíochta agus bia, de shárú ar Airteagal 34 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), i gceist leo. Ba cheart rialacha sonracha a leagan síos maidir le hinfheictheacht brandaí agus tionscnaimh a mhéid a bhaineann leis an bpríomhtheachtairacht Aontais atá i bhfeachtas.
- (8) Is táirgí talmhaíochta deiridh go príomha atá á n-onnmhairiú ag an Aontas, lena n-áirítear táirgí talmhaíochta nach bhfuil ar áireamh in Iarscríbhinn I a ghabhann le CFAE. Dá bhrí sin, ba cheart na bearta um sholáthar faisnéise agus na bearta cur chun cinn a oscailt suas chun go mbeadh ar áireamh orthu táirgí áirithe atá lasmuigh de raon feidhme Iarscríbhinn I a ghabhann le CFAE. Bheadh sé sin ag luí le scéimeanna eile den Chomhbheartas Talmhaíochta (CBT), amháin na scéimeanna cáilíochta Eorpacha, atá oscailte suas cheana do tháirgí den sórt sin.
- (9) Tá na bearta um sholáthar faisnéise agus na bearta cur chun cinn den chuid an Aontais maidir le fíon ar cheann d'eochairbhearta na gclár cabhrach atá ar fáil d'earnáil an fhíona faoi CBT. Maidir le fíon, níor cheart go mbeadh faoi réir na mbearta um sholáthar faisnéise agus na mbearta cur chun cinn ach fíon ag a bhfuil ainmníocht tionscnaimh nó ag a bhfuil stádas de thásc geografach faoi chosaint agus fíon ar a léirítear tásc den chineál fíonchaoire. I gcás clár simplí, ba cheart go gcumhdódh an clár atá i gceist táirge talmhaíochta nó bia eile freisin. Ar an gcaoi chéanna, forálann Rialachán (AE) Uimh. 508/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁾ do tháirgí iascaigh agus do bharshaothraithe atá liostaithe in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 1379/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽²⁾ a chur chun cinn. Dá thoradh sin, ba cheart incháilitheacht na dtáirgí iascaigh agus do bharshaothraithe atá liostaithe sa Rialachán (AE) sin, le haghaidh na mbearta um sholáthar faisnéise agus na mbearta cur chun cinn dá bhforáiltear faoin scéim sin a theorannú go huile agus go hiomlán do tháirgí iascaigh agus do bharshaothraithe a bhaineann le táirge talmhaíochta nó bia eile.
- (10) Táirgí atá cumhdaithe ag scéimeanna cáilíochta Aontais agus ag scéimeanna cáilíochta a aithnítear sna Ballstáit, ba cheart go mbeidís incháilithe le haghaidh beart um sholáthar faisnéise agus beart cur chun cinn mar go dtugann scéimeanna den sórt sin dearbhuithe do thomhaltóirí maidir le cáilíocht agus saintréithe an táirge nó an phróisis táirgthe a bhíonn in úsáid, go ngnóthaíonn siad breisluach do na táirgí i dtrácht agus go bhfeabhsaíonn siad deiseanna sa mhargadh. Ar an gcaoi chéanna, ba cheart go mbeadh an modh orgánach táirgthe, mar aon leis an lógó do tháirgí sonracha talmhaíochta ar cháilíocht mhaith ó na réigiúin is forimeallaí incháilithe le haghaidh beart um sholáthar faisnéise agus beart cur chun cinn.
- (11) Le linn na tréimhse 2001-11, ní dhearnadh ach 30 % ar éigean den bhuiséad a bhí leagtha amach do bhearta um sholáthar faisnéise agus do bhearta cur chun cinn faoi Rialachán (CE) Uimh. 3/2008 a chaitheamh ar bhearta a bhí dírithe ar mhargáí tríú tíortha, cé go bhfuil acmhainn mhór fáis sna margaí sin. Tá gá dá bhrí sin le socruithe chun líon níos mó beart um sholáthar faisnéise agus beart cur chun cinn le haghaidh táirgí talmhaíochta Aontais i dtríú tíortha a spreagadh, go háirithe trí thacaíocht airgeadais mhéadaithe achur ar fáil.
- (12) Chun éifeachtúlacht na mbearta um sholáthar faisnéise agus na mbearta cur chun cinn a chuirtear cur chun feidhme a ráthú, ba cheart iad a fhorbairt i gcomhthéacs clár faisnéise agus cur chun feidhme. Go dtí seo, is eagraíochtaí trádála agus/nó eagraíochtaí idirthrádála a rinne cláir den sórt sin a thíolacadh. Chun líon na mbearta a mholtar a mhéadú agus chun cáilíocht na mbearta sin a fheabhsú, ba cheart raon na dtairbhíthe a leathnú amach ionas go mbeadh ar áireamh ann eagraíochtaí táirgeoirí agus a gcuid comhlachas, grúpaí agus comhlachtaí de chuid na hearnála agraibhia arb é a gcuspóir agus a ngníomhaíocht é faisnéis a sholáthar maidir le táirgí talmhaíochta agus táirgeadh na dtáirgí talmhaíochta a chur chun cinn.
- (13) Ba cheart go léireofaí gné shonrach Aontais leis na bearta um sholáthar faisnéise agus na bearta cur chun cinn a bhíonn á gcómhaoiniú ag an Aontas. Chuige sin, agus chun scaipeadh acmhainní a sheachaint agus chun infheictheacht na hEorpa a mhéadú trí na bearta um sholáthar faisnéise agus na bearta cur chun cinn sin le haghaidh táirgí talmhaíochta agus táirgí bia áirithe, is gá clár oibre a bhunú lena saineofar tosaíochtaí straitéiseacha do na

⁽¹⁾ Rialachán (AE) Uimh. 508/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir leis an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) 2328/2003 ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 861/2006 ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 1198/2006 ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 791/2007 ón gComhairle agus Rialachán (AE) Uimh. 1255/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 149, 20.5.2014, lch. 1).

⁽²⁾ Rialachán (AE) Uimh. 1379/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir le comheagrú na margaí i dtáirgí iascaigh agus do bharshaothraithe, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1184/2006 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 104/2000 ón gComhairle (IO L 354, 28.12.2013, lch. 1).

bearta sin maidir le pobail, táirgí, scéimeanna nó margaí a bhfuiltear le díriú orthu, agus le cineál na dteachtair-reachtaí faisnéise agus cur chun cinn atá le craobhscaoileadh. Ba cheart an clár a fhorbairt ar bhonn na gcuspóirí ginearálta agus na gcuspóirí sonracha a bhunaítear faoin Rialachán seo agus ba cheart go gcuirfeadh sé san áireamh na féidearthachtaí atá sna margaí agus an gá atá le gníomhaíochtaí arna gcur chun feidhme ag Ballstáit agus ag oibreoirí, ar an margadh inmheánach agus i dtríú tíortha araon, a chomhlánú agus a threisiú chun beartas comhchuí cur chun cinn agus faisnéise a áirithiú. Chuige sin, nuair a bheidh an clár sin á cheapadh, ba cheart don Choimisiún dul i gcomhairle leis na Ballstáit agus le geallsealbhóirí ábhartha.

- (14) Ba cheart go bhforálfadh an clár oibre, i measc nithe eile, do shocrúithe sonracha chun freagairt i gcás ina dtarlódh suaithheadh mór ar an margadh, i gcás ina gcaillfear muinín an tomhaltóra nó i gcás fadhbanna sonracha eile. Sa bheis air sin, ba cheart don Choimisiún aird ar leith a thabhairt ar an bhfíoras gur fiontair bheaga agus mheánmhéide iad formhór na bhfiontar san earnáil agraibhia, ar earnáil í a thairbhíonn de bhearta eisceachtúla dá bhforáiltear in Airteagal 219, Airteagal 220 agus Airteagal 221 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁾ agus, maidir le bearta atá dírithe ar thríú tíortha, de chomhaontuithe saothrádála a thagann faoi raon feidhme chomhbheartas thráchtála an Aontais. Nuair a bheidh an clár sin á cheapadh, ba cheart don Choimisiún aird a thabhairt ar na míbhuntáistí atá ag ceantair sléibhtiúla, ag na hoileáin agus ag na réigiúin is forimeallaí den Aontas.
- (15) Chun a áirithiú go ndéanfar bearta um sholáthar faisnéise agus bearta cur chun cinn a chur chun feidhme go héifeachtach, ba cheart iad a chur ar iontaobh comhlachtaí feidhmiúcháin a roghnaítear trí nós imeachta iomaíoch. Mar sin féin, i gcásanna cuí-réasúnaithe ba cheart go mbeadh an deis ag eagraíochtaí tairisceana codanna áirithe dá gclár a chur chun feidhme go díreach.
- (16) Ba cheart go mbeadh an Coimisiún in ann bearta faisnéise agus cur chun cinn a dhéanamh ar a thionscnamh féin, lena n-áirítear misin ardleibhéil, go háirithe d'fhonn rannchuidiú le margaí nua a oscailt suas. Ba cheart freisin go mbeadh an Coimisiún in ann a chuid feachtais féin a sheoladh chun freagairt phras agus éifeachtach a thabhairt sa chás go dtarlódh suaithheadh mór sa mhargadh nó go gcaillfear muinín an tomhaltóra. Más gá, ba cheart go ndéanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar a chuid tionscnamh féin lena mbeartaítear feachtais den sórt sin a chur chun feidhme. Leithreasáí a leithdháiltear chuig cláir shimplí nó ilchláir maidir le faisnéis agus cur chun cinn, ar cláir iad atá ann cheana, níor cheart iad a laghdú sa chás go ndéanfaidh an Coimisiún gníomhaíocht faoi na himthosca sin.
- (17) Chomh maith leis na bearta um sholáthar faisnéise agus na bearta cur chun cinn, ní mór don Choimisiún seirbhísí teicniúla tacaíochta a fhorbairt agus a chomhordú ar leibhéal an Aontais agus é mar aidhm leis an méid sin cuidiú leis na hoibreoirí páirt a ghlacadh i gcláir chomhaoinithe, feachtais éifeachtacha a sheoladh nó a ngníomhaíochtaí onnmhairithe a fhorbairt. Ba cheart, go háirithe, go n-áireofaí ar na seirbhísí sin treoirínite a sholáthar chun cuidiú le tairbhíthe ionchasacha na rialacha agus na nósanna imeachta a bhaineann leis an mbeartas sin a chomhlíonadh.
- (18) Tarlaíonn sé amanna go ndéanann an iomaíocht ó tháirgí cosúlachta agus góchumtha díobháil d'iarrachtaí táirgí Aontais a chur chun cinn ar mhargaí tríú tíortha. Bheadh ar áireamh sna seirbhísí tacaíochta teicniúla arna bhforbairt ag an gCoimisiún, comhairle don earnáil maidir le táirgí Aontais a chosaint ó chleachtais chosúlachta agus góchumtha.
- (19) Is tosaíocht thábhachtach don Aontas é simpliú a dhéanamh ar thimpeallacht rialála CBT. Ba cheart cur chuige den sórt sin a chur i bhfeidhm freisin ar an Rialachán seo maidir le bearta faisnéise agus cur chun cinn le haghaidh táirgí talmhaíochta. Go háirithe, ba cheart na prionsabail maidir le bainistiú riaracháin na gclár faisnéise agus cur chun cinn a athbhreithniú agus é mar aidhm leis an méid sin iad a shimpliú agus a chur ar chumas an Choimisiúin rialacha agus nósanna imeachta a bhunú is infheidhme maidir le cur isteach, meastóireacht agus roghnú moltaí do chláir. Ba cheart don Choimisiún, áfach, a áirithiú go bhfaigheann Ballstáit faisnéis thráthúil maidir le gach clár a mholtar agus a roghnaítear. Ba cheart go mbeadh ar áireamh san fhaisnéis sin, go háirithe, an líon moltaí a fuarthas, na Ballstáit agus na hearnálacha lena mbaineann, agus toradh mheastóireacht na moltaí sin.
- (20) Rannchuidíonn an comhar idir gníomhairí eacnamaíocha as Ballstáit éagsúla go mór le méadú an bhreisluacha Aontais agus le haird a dhíriú ar éagsúlacht tháirgí talmhaíochta Aontais. D'ainneoin gur tugadh tosaíocht do chlár a ndearna eagraíochtaí tairisceana i mBallstáit éagsúla iad a fhorbairt go comhpháirteach, níorbh ionann cláir den sórt sin ach 16 % den bhuiséad a bhí curtha i leataobh do bhearta um sholáthar faisnéise agus do bhearta cur chun cinn le linn na tréimhse 2001-11. Dá thoradh sin, ba cheart socruithe nua a thabhairt isteach, go háirithe maidir le bainistiú ilchlár chun teacht thar na constaicí atá ar a gcur chun feidhme faoi láthair.

⁽¹⁾ Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear comheagraíocht na margaí i dtáirgí talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 922/72, (CEE) Uimh. 234/79, (CE) Uimh. 1037/2001 agus (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle (IO L 347, 20.12.2013, lch. 671).

- (21) Ba cheart rialacha maoinithe a leagan síos. Mar riail ghinearálta, chun a áirithiú go nglacfaidh na heagraíochtaí tairisceana leasmhara a sciar de na freagrachtaí, níor cheart don Aontas ach cuid de chostais na gclár a chumhdach. Tá costais áirithe riaracháin agus phearsanra, nach bhfuil nasctha le cur chun feidhme CBT, ina gcuid dhílis, áfach, de na bearta um sholáthar faisnéise agus de na bearta cur chun cinn agus ba cheart go mbeidís incháilithe do chistiú ón Aontas.
- (22) Ba cheart faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar gach beart chun a cháilíocht a fheabhsú agus chun a bhfuil á ghnóthú aige a léiriú. Sa chomhthéacs sin, ba cheart liosta táscairí a chinneadh agus tionchar an bheartais chur chun cinn a mheasúnú i dtaca lena chuspóirí straitéiseacha. Ba cheart go mbunódh an Coimisiún creat faireacháin agus meastóireachta don bheartas sin a bheadh ar comhréir le comhchreat faireacháin agus meastóireachta CBT.
- (23) Chun eilimintí neamhriachtanacha áirithe den Rialachán seo a fhorlíonadh nó a leasú, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha tarmilgthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 CFAE a tharmligeán chuig an gCoimisiún. Ba cheart go gcuimhdódh an cumhachtú sin, forlíonadh a dhéanamh ar an liosta in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo, na critéir chun incháilitheacht na n-eagraíochtaí tairisceana a chinneadh, na coinníollacha a rialaíonn an nós imeachta iomaíoch chun comhlachtaí cur chun feidhme a roghnú, na coinníollacha sonracha maidir le hincháilitheacht i dtaca le cláir shimplí; costais na mbeart um sholáthar faisnéise agus na mbeart cur chun cinn agus costais riaracháin agus foirne agus forálacha chun an trasdul ó Rialachán (CE) Uimh. 3/2008 go dtí an Rialachán seo a éascú. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal saineolaithe. Ba cheart don Choimisiún, le linn dó gníomhartha tarmilgthe a ullmhú agus a tharraingt suas, a áirithiú go ndéanfar doiciméid ábhartha a chur chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle ar bhealach comhuaineach, tráthúil agus iomchuí.
- (24) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir leis an Rialachán seo a chur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún i dtaca le rialacha mionsonraithe maidir le hinfheictheacht brandaí tráchtála le linn taispeántais nó blaiste táirge agus ar ábhar faisnéise agus cur chun cinn agus le hinfheictheacht thionscnamh na dtáirgí ar ábhar faisnéise agus cur chun cinn; i dtaca leis na cláir oibre bhliantúla; le roghnú na gclár simplí; le rialacha mionsonraithe faoina bhféadfar an eagraíocht tairisceana a údarú chun codanna áirithe de chlár simplí a chur chun feidhme í féin; leis na socruithe chun na cláir shimplí a chur chun feidhme, chun faireachán a dhéanamh orthu agus chun iad a rialú; leis na rialacha a bhaineann le conarthaí a thabhairt i gcrích ar mhaithe le cur chun feidhme na gclár simplí i gcomhréir leis an Rialachán seo; agus leis an gcomhchreat measúnaithe tionchair do chlár chomh maith le córas táscairí. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁾.
- (25) Ós rud é, i bhfianaise na nasc atá ann idir an beartas cur chun cinn agus ionstraimí eile de CBT, agus ráthaíocht ilbhliantúil an chistithe ón Aontas mar aon lena dhíriú ar thosaíochtaí atá sainithe go soiléir á gcur san áireamh, nach féidir cuspóirí an Rialacháin seo a ghnóthú go leordhóthanach ar leibhéal an Aontais agus gurb éifeachtaí is féidir iad a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a ghnóthú.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

CAIBIDIL I

FORÁLACHA GINEARÁLTA

Airteagal 1

Ábhar

Leagtar síos leis na coinníollacha seo na coinníollacha faoina bhféadfar bearta um sholáthar faisnéise agus bearta cur chun cinn a bhaineann le táirgí talmhaíochta agus táirgí áirithe bia a dhéantar ar bhonn táirgí talmhaíochta agus a chuirtear chun feidhme sa mhargadh inmheánach nó i dtríú tíortha (“bearta um sholáthar faisnéise agus bearta cur chun cinn”), féadfar iad a mhaoiniú as buiséad an Aontais, go hiomlán nó go páirteach.

Airteagal 2

Cuspóirí ginearálta agus sonracha na mbeart um sholáthar faisnéise agus na mbeart cur chun cinn

1. Is é an cuspóir ginearálta atá leis na bearta um sholáthar faisnéise agus leis na bearta cur chun cinn ná iomaíochas in earnáil talmhaíochta an Aontais a fheabhsú.

⁽¹⁾ Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).

2. Is iad na cuspoirí sonracha atá le bearta um sholáthar faisnéise agus bearta cur chun cinn:
- (a) feasacht a mhéadú maidir le fiúntais táirgí talmhaíochta AE agus leis na caighdeáin arda is infheidhme maidir le modhanna táirgthe in AE;
 - (b) iomaíochas agus tomhailt táirgí talmhaíochta agus táirgí áirithe bia de chuid AE a mhéadú agus a bpróifíl a ardú laistigh den Aontas agus lasmuigh de;
 - (c) feasacht agus aitheantas i ndáil le scéimeanna cáilíochta an Aontais a mhéadú;
 - (d) sciar an mhargaidh de tháirgí talmhaíochta agus de tháirgí áirithe bia de chuid AE a mhéadú, agus fócas sonrach ar na margaí sin i dtríú tíortha ag a bhfuil an acmhainn fáis is airde;
 - (e) gnáthdhálaí an mhargaidh a athshuíomh sa chás ina dtarlóidh suaitheadh mór ar an margadh, go gcaillfear muinín an tomhaltóra nó ina dtarlóidh fadhbanna sonracha eile.

Airteagal 3

Cur síos ar bhearta um sholáthar faisnéise agus bearta cur chun cinn

Beidh na bearta um sholáthar faisnéise agus na bearta cur chun cinn dá dtagraítear in Airteagal 1 dírithe ar an méid seo a leanas:

- (a) béim a leagan ar ghnéithe sonracha de mhodhanna táirgthe talmhaíochta an Aontais, go háirithe maidir le sábháil-teacht bia, inrianaitheacht, barántúlacht, lipéadú, gnéithe a bhaineann le cothú agus sláinte, leas ainmhithe, urraim don chomhshaol agus inbhuanaitheacht, agus freisin ar shaintréithe táirgí talmhaíochta agus bia, go háirithe ó thaobh cáilíochta, blais, éagsúlachta nó traidisiúin de;
- (b) feasacht a mhéadú maidir lena bharántúla atá sonrúcháin tionscnaimh Eorpacha faoi chosaint, tásca geografacha faoi chosaint agus sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht.

Is obair chaidrimh phoiblí agus feachtais faisnéise, go sonrach, a bheidh sna bearta sin agus d'fhéadfadh siad freisin a bheith i bhfoirm rannpháirtíochta in imeachtaí, aontaí agus taispeántais a bhfuil tábhacht náisiúnta, Eorpach agus idirnáisiúnta leo.

Airteagal 4

Saintréithe na mbeart

1. Ní bheidh bearta um sholáthar faisnéise agus bearta cur chun cinn dírithe ar bhrandaí. Mar sin féin, féadfaidh brandaí tráchtála bheith infheicthe le linn taispeántais nó blaiste táirgí agus ar an ábhar faisnéise agus cur chun cinn, ar choinníoll go ndéantar prionsabal an neamh-idirdhealaithe a urramú agus nach n-athraítear nádúr foriomlán na mbeart sa mhéid agus nach féidir leo a bheith dírithe ar bhrandaí. Beidh feidhm ag prionsabal an neamh-idirdhealaithe ó thaobh cóir agus rochtain comhionann a áirithiú do na brandaí uile atá ag eagraíochtaí tairisceana agus ó thaobh cóir chomhionann a áirithiú idir Ballstáit. Beidh gach branda chomh hinfeicthe céanna agus beidh taispeáint ghrafach na mbrandaí sin i bhformáid níos lú ná an fhormáid atá i bpríomhtheachtaireacht feachtais AE. Beidh roinnt brandaí éagsúla ar taispeáint, ach amháin in imthosca cuí-réasúnaithe a bhaineann le staid shonrach an Bhallstáit lena mbaineann.

2. Ní bheidh bearta um sholáthar faisnéise agus bearta cur chun cinn dírithe ar bhrandaí. Ní bheidh na bearta sin dírithe ar dhaoine a spreagadh chun táirge ar leith a thomhailt agus gan d'fhoras leis an spreagadh sin ach tionscnamh a táirge. Dá ainneoin sin, féadfaidh tionscnamh na dtáirgí a bheith infheicthe ar an ábhar faisnéise agus cur chun cinn, faoi réir na rialacha seo a leanas:

- (a) sa mhargadh inmheánach, is in ord tánaisteach a bheidh lua an tionscnaimh i gcomparáid le príomhtheachtaireacht feachtais AE;
- (b) i dtríú tíortha, féadfaidh lua an tionscnaimh a bheith ar an leibhéal céanna le príomhtheachtaireacht feachtais AE;
- (c) le haghaidh táirgí a aithnítear faoi na scéimeanna cáilíochta dá dtagraítear i bpointe (a) d'Airteagal 5(4), féadfar an tionscnamh, faoi mar atá sé cláraithe sa sonrúchán, a lua gan aon srianadh a bheith air.

3. Déanfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena leagfar síos rialacha mionsonracha a leagan síos a bhaineann leis an méid seo a leanas:

- (a) infheictheacht brandaí tráchtála le linn taispeántas nó blaistí agus ar an ábhar faisnéise agus cur chun cinn dá dtagraítear i mír 1, agus maidir leis na coinníollacha aonfhoirmeacha faoina bhféadfar branda aonair a chur ar taispeáint; agus,
- (b) infheictheacht thionscnamh na dtáirgí ar ábhar faisnéise agus cur chun cinn, dá dtagraítear i mír 2.

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 23(2)

Airteagal 5

Táirgí agus scéimeanna incháilithe

1. Féadfaidh na bearta um sholáthar faisnéise agus na bearta cur chun cinn na táirgí seo a leanas a chumhdach:
 - (a) na táirgí a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le CFAE, seachas tobac;
 - (b) na táirgí a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo;
 - (c) deochanna biotáilleacha ag a bhfuil tasc geografach faoi chosaint de bhun Rialachán (CE) Uimh. 110/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁾.
2. D'fhonn forbairtí sa mhargadh a chur san áireamh cumhachtófar don Choimisiún gníomhartha tarmlichte a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 22, lena bhforlíontar an liosta in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo trí tháirgí bia a chur leis an liosta sin.
3. D'ainneoin mhír 1:
 - (a) is fíon ag a bhfuil sonrúchán tionscnaimh nó ag a bhfuil stádas de thasc geografach faoi chosaint mar aon le fíon ar a léirítear tasc den chineál fionchaoire, agus na fionta sin amháin, a fhéadfaidh a bheith cumhdaithe ag na bearta um sholáthar faisnéise agus na bearta cur chun cinn dá dtagraítear in Airteagal 1. I gcás na gclár simplí dá dtagraítear in Airteagal 6(3), ní mór go gcuimseofar freisin sa chlár atá i gceist táirgí eile dá dtagraítear i bpointe (a) agus i bpointe (b) de mhír 1;
 - (b) i gcás deochanna biotáilleacha dá dtagraítear i bpointe (c) de mhír 1, agus i gcás fíona amháin dá dtagraítear i bpointe (a) den mhír seo agus i gcás beorach, beidh bearta atá dírithe ar an margadh inmheánach teoranta do thomhaltóirí a chur ar an eolas maidir leis na scéimeanna a leagtar amach i mír 4 agus maidir le tomhailt fhreagrach na ndeochanna sin;
 - (c) de mhaolú ar mhír 1, féadfaidh na táirgí iascaigh agus docharshaothraithe a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1379/2013 a bheith faoi réir beart um sholáthar faisnéise agus beart cur chun cinn ar choinníoll go bhfuil táirgí eile dá dtagraítear i mír 1 cuimsithe ag an gclár atá i gceist.
4. Féadfaidh na scéimeanna seo a leanas a bheith faoi réir beart um sholáthar faisnéise agus beart cur chun cinn dá dtagraítear in Airteagal 1:
 - (a) na scéimeanna cáilíochta a bhunaítear le Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012, le Rialachán (CE) Uimh. 110/2008 agus le hAirteagal 93 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013;
 - (b) an modh orgánach táirgthe, mar a shainítear i Rialachán (CE) Uimh. 834/2007 ón gComhairle ⁽²⁾;
 - (c) lógónna na dtáirgí sonracha talmhaíochta ar cháilíocht mhaith ó na réigiúin is forimeallaí den Aontas, amháin dá dtagraítear in Airteagal 21 de Rialachán (AE) Uimh. 228/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽³⁾;

⁽¹⁾ Rialachán (CE) Uimh. 110/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Eanáir 2008 maidir le maidir le sainmhíniú, tuairisc, cur i láthair, lipéadú agus cosaint sonraí geografacha deochanna biotáilleacha agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 1576/89 ón gComhairle (IO L 39, 13.2.2008, lch. 16).

⁽²⁾ Rialachán (CE) Uimh. 834/2007 an 28 Meitheamh 2007 ón gComhairle maidir le táirgeacht orgánach agus lipéadú táirgí orgánacha agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 2092/91 (IO L 189, 20.7.2007, lch. 1).

⁽³⁾ Rialachán (AE) Uimh. 228/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Márta 2013 lena leagtar síos bearta sonracha don talmhaíocht sna réigiúin is forimeallaí den Aontas agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 247/2006 ón gComhairle (IO L 78, 20.3.2013, lch. 23).

- (d) na scéimeanna cáilíochta dá dtagraítear i bpointe (b) agus i bpointe (c) d'Airteagal 16(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁾.

CAIBIDIL II

BEARTA UM SHOLÁTHAR FAISNÉISE AGUS BEARTA CUR CHUN CINN A CHUR CHUN FEIDHME

ROINN 1

Forálacha coiteanna

Airteagal 6

Cineálacha gníomhaíochtaí

1. Déanfar bearta um sholáthar faisnéise agus bearta cur chun cinn a chur chun feidhme faoi chuimsiú na nithe seo a leanas:
 - (a) cláir faisnéise agus cur chun cinn (dá ngairtear “cláir” anseo feasta) agus
 - (b) na bearta ar thionscnaimh an Choimisiúin dá dtagraítear in Airteagal 9.
2. Beidh cláir comhdhéanta de shraith chomhleanúnach oibríochtaí agus déanfar iad a chur chun feidhme thar thréimhse de bhliain amháin ar a laghad ach gan an tréimhse sin a bheith níos mó ná trí bliana.
3. Maidir le cláir shimplí a bhfuil mionsonraí breise ina leith curtha ar fáil i Roinn 2 den Chaibidil seo, féadfaidh ceann amháin nó níos mó de na heagraíochtaí tairisceana, dá dtagraítear i bpointí (a), (c) nó (d) d'Airteagal 7(1), arb as an mBallstát ceannann céanna dóibh, iad a thíolacadh.
4. Maidir le hilchláir a bhfuil sonraí breise ina leith curtha ar fáil i Roinn 3 den Chaibidil seo, féadfar iad a thíolacadh ag:
 - (a) dhá eagraíocht tairisceana éagsúil ar a laghad dá dtagraítear i bpointí (a), (c) nó (d) d'Airteagal 7(1), arb as ar a laghad dhá Bhallstát dóibh; nó
 - (b) ceann amháin nó níos mó d'eagraíochtaí Aontais, dá dtagraítear i bpointe (b) d'Airteagal 7(1).

Airteagal 7

Na heagraíochtaí tairisceana

1. Is iad seo na heagraíochtaí a fhéadfaidh clár a thairiscint:
 - (a) eagraíochtaí trádála nó idirthrádála atá bunaithe i mBallstát agus atá ionadaíoch ar an earnáil nó ar na hearnálacha lena mbaineann sa Bhallstát sin, agus go háirithe na heagraíochtaí idirchraoibhe amhail dá dtagraítear in Airteagal 157 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 agus grúpaí mar a shainmhínítear i bpointe 2 d'Airteagal 3 de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012, ar choiníoll go bhfuil siad ionadaíoch le haghaidh ainm atá cosanta faoin Rialachán sin is déanaí sin atá cumhdaithe ag an gclár sin;
 - (b) eagraíochtaí trádála nó idirthrádála de chuid an Aontais atá ionadaíoch ar an earnáil nó ar na hearnálacha lena mbaineann ar leibhéal an Aontais;
 - (c) eagraíochtaí táirgeoirí nó comhlachais eagraíochtaí táirgeoirí, amhail dá dtagraítear in Airteagal 152 agus in Airteagal 156 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus atá aitheanta ag Ballstát;
 - (d) comhlachtaí as an earnáil agraibhia arb é a gcuspóir agus a ngníomhaíocht é faisnéis a sholáthar i dtaobh táirgí talmhaíochta, agus na táirgí sin a chur chun cinn, agus a bhfuil misean seirbhíse poiblí atá sainithe go soiléir maidir leis an réimse sin curtha ar a n-iontaoibh ag an mBallstát lena mbaineann; ní mór go mbeadh na comhlachtaí sin bunaithe go dlíthiúil sa Bhallstát atá i gceist le dhá bhliain ar a laghad roimh dháta an ghlao ar thairiscintí dá dtagraítear in Airteagal 8(2).
2. Cumhachtófar don Choimisiún gníomhartha tarmlichte a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 22, lena leagtar amach na coinníollacha sonracha faoina bhféadfaidh gach ceann de na heagraíochtaí, grúpaí agus comhlachtaí tairisceana dá dtagraítear i mír 1 clár a thíolacadh. Ráthófar leis na coinníollacha sin, go háirithe, go bhfuil na heagraíochtaí, grúpaí agus comhlachtaí sin ionadaíoch agus go bhfuil scála suntasach ag roinnt leis an gclár.

⁽¹⁾ Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir le tacaíocht d'fhorbairt tuaithe ón gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1698/2005 ón gComhairle (IO L 347, 20.12.2013, lch. 487).

*Airteagal 8***Clár oibre bliantúil**

1. Déanfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena leagtar síos le haghaidh gach bliain, clár oibre bliantúil ina leagfar amach na cuspóirí oibríochtúla atá le saothrú, na tosaíochtaí oibríochtúla, na torthaí a bhfuiltear ag súil leo, an modh cur chun feidhme agus méid iomlán an phlean maoinithe. Leis an gclár oibre bliantúil sin, agus go háirithe lena thosaíochtaí oibríochtúla, déanfar na cuspóirí ginearálta agus sonracha a leagtar amach in Airteagal 2 a chomhlíonadh. Go háirithe, forálfaidh an clár do shocrúithe sealadacha sonracha chun freagairt i gcás ina mbeidh suaithheadh mór sa mhargadh, ina gcaillfear muinín an tomhaltóra nó ina dtarlóidh fadhbanna sonracha eile amhail dá dtagraítear i bpointe (e) d'Airteagal 2(2). Beidh ann freisin na príomhchritéir meastóireachta, tuairisc ar na bearta atá le maoiniú, léiriú ar na méideanna a leithdháilfear ar gach cineál birt, tráthchlár tascach cur chun feidhme agus, i gcás deontas, ráta uasta de ranníocaíocht airgeadais an Aontais. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 23(2).

2. Déanfar an clár oibre dá dtagraítear i mír 1 a chur chun feidhme, do chlár shimplí agus d'ilchlár, trí ghlaonna ar thairiscintí a fhoilsiú ag an gCoimisiún, i gcomhréir le Teideal VI de Chuid I de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁾.

*Airteagal 9***Bearta ar thionscnamh an Choimisiúin**

1. Féadfaidh an Coimisiún bearta faisnéise agus cur chun cinn a dhéanamh ar an gcaoi a dtugtar tuairisc air in Airteagal 3, lena n-áirítear feachtais sa chás go dtarlóidh suaithheadh mór ar an margadh, go gcaillfear muinín an tomhaltóra nó go dtarlóidh fadhbanna sonracha eile dá dtagraítear i bpointe (e) d'Airteagal 2(2). Féadfaidh na bearta sin, go háirithe, a bheith i bhfoirm misean ardleibhéil, a bheith i bhfoirm rannpháirteachais in aontaí tráchtála agus i dtaispeántais a bhfuil tábhacht idirnáisiúnta ag baint leo trí bhíthin seastán nó le hoibríochtaí atá dírithe ar íomhá tháirgí an Aontais a fheabhsú.

2. Forbróidh an Coimisiún seirbhísí tacaíochta teicniúla, go háirithe d'fhonn:

- (a) feachtas ar na margaí éagsúla a spreagadh, lena n-áirítear trí bhíthin cruinnithe taiscéalaíochta gnó;
- (b) líonra gairmiúil dinimiciúil a bhaineann le beartas faisnéise agus cur chun cinn a choinneáil ar bun, lena n-áirítear comhairle a chur ar fáil don earnáil i ndáil leis an mbagairt ó tháirgí cosúlachta agus góchumtha i dtríú tíortha; agus
- (c) feabhas a chur ar an eolas ar rialacha an Aontais a bhaineann le cláir a fhorbairt agus a chur chun feidhme.

*Airteagal 10***Toirmeasc ar chistiú dúbailte**

Maidir le bearta um sholáthar faisnéise agus bearta cur chun cinn a fhaigheann cistiú ón Aontas faon Rialachán seo, ní bheidh siad faoi réir aon mhaoiniú eile faoi bhuiséad an Aontais.

*ROINN 2***Cláir shimplí a chur chun feidhme agus a bhainistiú***Airteagal 11***Cláir shimplí a roghnú**

1. Déanfaidh an Coimisiún tograí le haghaidh clár simplí a mheas agus a roghnú tar éis an ghlaio ar thairiscintí dá dtagraítear in Airteagal 8(2). Cumhachtófar don Choimisiún gníomhartha tarmlichte a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 22 lena leagtar síos na coinníollacha sonracha le haghaidh incháilitheachta i dtaca le cláir shimplí.

2. Déanfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, cinneadh maidir leis na cláir shimplí a roghnaíodh, le haon athruithe a bheidh le déanamh orthu agus leis na buiséid chomhfhreagracha. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 23(2).

⁽¹⁾ Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 1605/2002 ón gComhairle (IO L 298, 26.10.2012, lch. 1).

*Airteagal 12***Faisnéis maidir le roghnú na gclár simplí**

Cuirfidh an Coimisiún faisnéis thráthúil maidir leis na cláir ar fad a mholtar nó a roghnaítear ar fáil don Choiste dá dtagraítear in Airteagal 23, agus ar an gcaoi sin do na Ballstáit.

Gan dochar do Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012, déanfaidh an Coimisiún, go háirithe, an méid seo a leanas a chur ar fáil:

- (a) faisnéis maidir le líon na dtograí a bheidh faighte, na Ballstáit ina bhfuil na heagraíochtaí tairisceana bunaithe, na hearnálacha atá i gceist, agus an margadh nó na margáí a bhfuiltear ag díriú orthu;
- (b) faisnéis maidir le toradh na meastóireachta ar na tairiscintí agus tuairisc achomair air sin.

*Airteagal 13***Comhlachtaí atá freagrach as cláir shimplí a chur chun feidhme**

1. Tar éis nós imeachta iomaíoch a bheith déanta go cuí, roghnóidh an eagraíocht tairisceana na comhlachtaí a dhéanfaidh cláir shimplí a bheidh roghnaithe a chur chun feidhme, d'fhonn, go háirithe, a áirithiú go ndéantar bearta a chur chun feidhme go héifeachtach.

Cumhachtófar don Choimisiún gníomhartha tarmilgthe a ghlacadh, i gcomhréir le hAirteagal 22, lena leagtar síos na coinníollacha lena rialaítear an nós imeachta iomaíoch chun na comhlachtaí cur chun feidhme dá dtagraítear sa chéad fhomhír a roghnú.

2. De mhaolú ar mhír 1, féadfaidh eagraíocht tairisceana codanna áirithe de chlár a chur chun feidhme í féin, faoi réir na gcoinníollacha a bhaineann le taithí na heagraíochta tairisceana i gcur chun feidhme bearta den sórt sin, faoi réir chostas bearta den sórt sin i ndáil le gnáthrátaí an mhargaidh agus faoi réir sciar an chostais iomláin a ghabhann leis an gcuid den chlár atá á chur chun feidhme ag an eagraíocht tairisceana.

Cumhachtófar don Choimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh, lena leagtar síos na rialacha mionsonraithe ar fúthu a fhéadtar an eagraíocht tairisceana a údarú chun codanna áirithe den chlár a chur chun feidhme í féin. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 23(2).

*Airteagal 14***Cláir shimplí a chur chun feidhme, faireachán a dhéanamh orthu agus iad a rialú**

1. Beidh na Ballstáit lena mbaineann freagrach as cláir shimplí a roghnaíodh i gcomhréir le hAirteagal 11 a chur chun feidhme agus as na hiocaíochtaí ábhartha. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh ábhar faisnéise agus cur chun cinn arna tháirgeadh i gcomhthéacs na gclár sin ag comhlíonadh dlí an Aontais.

Cumhachtófar don Choimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh, lena leagtar síos na socruithe maidir le cur chun feidhme ar na rialacha a bhaineann le tabhairt i gcrích na gconarthaí chun na cláir shimplí a roghnaíodh faoin Rialachán seo a chur chun feidhme, agus le faireachán a dhéanamh orthu agus rialú. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 23(2).

2. Déanfaidh na Ballstáit a áirithiú go ndéanfar cláir shimplí a chur chun feidhme, agus déanfaidh siad faireachán orthu, agus rialóidh siad iad, i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁽¹⁾ agus i gcomhréir leis na gníomhartha cur chun feidhme atá le glacadh de bhun mhír 1

*Airteagal 15***Forálacha airgeadais a bhaineann le cláir shimplí**

1. Is é a bheidh ranníocaíocht airgeadais an Aontais chuig cláir shimplí sa mhargadh inmheánach ná 70 % den chaiteachas incháilithe. Is é a bheidh i ranníocaíocht airgeadais an Aontais chuig cláir shimplí i dtrú tíortha ná 80 % den chaiteachas incháilithe. Is iad na heagraíochtaí tairisceana, agus iadsan amháin, a sheasfaidh an chuid eile den chaiteachas.

⁽¹⁾ Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir leis an gcomhbheartas talmhaíochta a mhaoiniú, a bhainistiú agus faireachán a dhéanamh air agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 352/78, (CE) Uimh. 165/94, (CE) Uimh. 2799/98, (CE) Uimh. 814/2000, (CE) Uimh. 1290/2005 agus (CE) Uimh. 485/2008 ón gComhairle (IO L 347, 20.12.2013, lch. 549).

2. Méadófar an céatadán dá dtagraítear i mír 1 suas go 85 % i gcás ina mbeidh suaitheadh mór sa mhargadh, go gcaillfear muinín an tomhaltóra nó gur ann d'fhadhbanna sonracha eile dá dtagraítear i bpointe (e) d'Airteagal 2(2).

3. De mhaolú ar mhír 1 agus ar mhír 2, maidir le heagraíochtaí tairisceana atá bunaithe i mBallstáit agus a fhaigheann cúnamh airgeadais an nó i ndiaidh an 1 Eanáir 2014 nó ina dhiaidh sin i gcomhréir le hAirteagal 136 agus le hAirteagal 143 CFAE, is é 75 % agus 85 % faoi seach a bheidh sna céatadán dá dtagraítear i mír 1 agus is é 90 % a bheidh sa chéatadán dá dtagraítear i mír 2.

Ní bheidh feidhm ag an gcéad fhomhír ach amháin maidir leis na cláir sin a ndéanfaidh an Coimisiún cinneadh ina leith roimh an dáta arb é an dáta é nach bhfaighidh an Ballstát lena mbaineann cúnamh airgeadais a thuilleadh.

4. Maidir le staidéir chun meastóireacht a dhéanamh ar thorthaí beart um sholáthar faisnéise agus beart cur chun cinn a dhéantar i gcomhréir leis an gcomhchreat dá dtagraítear in Airteagal 25, beidh siad incháilithe do mhaoiniú ón Aontas faoi dhálaí atá comhchosúil leis na dálaí lena rialaítear an clár simplí atá i gceist.

5. Déanfaidh an tAontas maoiniú iomlán ar tháillí saineolaithe atá nasctha le roghnú na gclár de bhun phointe (a) d'Airteagal 4(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

6. Chun a áirithiú go ndéanfar cláir shimplí a chur chun feidhme go cuí, cuirfidh na heagraíochtaí tairisceana ráthaíochtaí ar fáil.

7. Maoineoidh an tAontas bearta um sholáthar faisnéise agus bearta cur chun cinn a chuirtear chun feidhme ar bhonn clár simplí de bhun phointe (c) d'Airteagal 4(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013.

8. Cumhachtófar don Choimisiún gníomhartha tarmlichte a ghlacadh, i gcomhréir le hAirteagal 22, a bhaineann leis na coinníollacha sonracha faoina bhfuil costais na mbeart um sholáthar faisnéise agus na mbeart cur chun cinn, agus, i gcás inar gá sin, na costais riaracháin agus foirne, incháilithe le haghaidh chistiú ón Aontas.

ROINN 3

Ilchláir agus bearta arna gcur chun feidhme ar thionscnamh an choimisiúin a chur chun feidhme agus a bhainistiú

Airteagal 16

Cineálacha maoinithe

1. Féadfaidh an maoiniú a bheith i gceann amháin nó níos mó de na foirmeacha dá bhforáiltear i Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012, lena n-áirítear:

(a) deontais d'ilchláir;

(b) conarthaí do na bearta a chuirtear chun feidhme ar thionscnamh an Choimisiúin.

2. Maoineoidh an tAontas bearta um sholáthar faisnéise agus bearta cur chun cinn a chuirtear chun feidhme ar bhonn ilchlár nó ar thionscnamh an Choimisiúin de bhun phointe (a) d'Airteagal 4(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013.

Airteagal 17

Meastóireacht ar na hilchláir

Maidir leis na tograí le haghaidh ilchlár, déanfar meastóireacht orthu, agus déanfar iad a roghnú, ar bhonn na gcritéar a bheidh fógartha sa ghlaó ar thairiscintí dá dtagraítear in Airteagal 8(2).

Airteagal 18

Faisnéis maidir le cur chun feidhme na n-ilchlár

Cuirfidh an Coimisiún faisnéis thráthúil maidir leis na cláir ar fad a mholtar nó a roghnaítear ar fáil don Choiste dá dtagraítear in Airteagal 23, agus, ar an gcaoi sin, do na Ballstáit.

Airteagal 19

Forálacha airgeadais a bhaineann le hilchláir

1. Is é a bheidh i ranníocaíocht airgeadais an Aontais le hilchláir ná 80 % den chaiteachas incháilithe. Is iad na heagraíochtaí tairisceana, agus iadsan amháin, a sheasfaidh an chuid eile den chaiteachas.

2. Méadófar an céatadán dá dtagraítear i mír 1 suas go 85 % i gcás ina mbeidh suaitheadh mór sa mhargadh, go gcaillfear muinín an tomhaltóra nó gur ann d'fhadhbanna sonracha eile dá dtagraítear i bpointe (e) d'Airteagal 2(2).

3. De mhaolú ar mhír 1 agus ar mhír 2, maidir le heagraíochtaí tairisceana atá bunaithe i mBallstáit agus a bhfuil cúnamh airgeadais á fháil acu an 1 Eanáir 2014 nó ina dhiaidh sin i gcomhréir le hAirteagal 136 agus le hAirteagal 143 CFAE, is 85 % agus 90 % faoi seach a bheidh sna céatadáin dá dtagraítear i mír 1 agus i mír 2.

Ní bheidh feidhm ag an gcéad fhomhír ach amháin maidir leis na cláir sin a ndéanfaidh an Coimisiún cinneadh ina leith roimh an dáta arb é an dáta é nach bhfaighidh an Ballstát lena mbaineann cúnamh airgeadais a thuilleadh.

Airteagal 20

Soláthar a mhéid a bhaineann le bearta a chuirtear chun feidhme ar thionscnamh an Choimisiúin

Aon soláthar a dhéanann an Coimisiún ina ainm féin nó i gcomhpháirt leis na Ballstáit, beidh sé faoi réir na rialacha maidir le soláthar a leagtar amach i Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 agus i Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 1268/2012 ón gCoimisiún ⁽¹⁾.

Airteagal 21

Leasanna airgeadais an Aontais a chosaint

1. Déanfaidh an Coimisiún bearta iomchuí lena n-áiríteofar, nuair a chuirtear gníomhaíochtaí a bheidh á maoiniú faoin Roinn seo chun feidhme, go ndéanfar leas airgeadais an Aontais a chosaint trí bhearta coiscitheacha a chur i bhfeidhm i gcoinne calaoise, éillitheachta nó aon ghníomhaíochtaí neamhdhleathacha eile, trí sheiceálacha éifeachtacha a dhéanamh agus, má bhraitear neamhrialtachtaí, trí na méideanna a íocadh go míchuí a ghnóthú agus, i gcás inarb iomchuí, trí phionóis riaracháin agus airgeadais atá éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach a ghearradh.

2. Beidh cumhacht iniúchóireachta ag an gCoimisiún nó ag a ionadaithe agus ag an gCúirt Iniúchóirí, ar bhonn doiciméad agus ar an láthair, ar gach tairbhí deontais, ar gach conraitheoir agus ar gach fochoinraitheoir a fuair cistí ón Aontas.

3. Féadfaidh an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) imscrúduithe a dhéanamh, lena n-áirítear seiceálacha agus imscrúduithe ar an láthair, i gcomhréir leis na forálacha agus na nósanna imeachta a leagtar síos i Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽²⁾ agus i Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96 ón gComhairle ⁽³⁾ d'fhonn a shuí ar tharla calaois, éilliú nó aon ghníomhaíocht neamhdhleathach eile a dhéanadh difear do leasanna airgeadais an Aontais i ndáil le comhaontú deontais nó cinneadh deontais nó le conradh a bhaineann le cistí an Aontais.

4. Gan dochar do mhír 1, do mhír 2 agus do mhír 3, beidh forálacha i gcomhaontuithe comhair le tríú tíortha agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta, i gconarthaí, i gcomhaontuithe deontais agus i gcinntí deontais a thiocfaidh as cur chun feidhme cláir faoin Rialachán seo ar forálacha iad lena gcumhachtófar go sainráite don Choimisiún, don Chúirt Iniúchóirí agus d'OLAF na hiniúchtaí sin agus na himscrúduithe sin a dhéanamh, i gcomhréir lena gcuid inniúlachtaí faoi seach.

CAIBIDIL III

FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA

ROINN 1

Cumhachtaí a tharmligeann agus forálacha cur chun feidhme

Airteagal 22

An tarmligeann a fheidhmiú

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

⁽¹⁾ Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 1268/2012 ón gCoimisiún an 29 Deireadh Fómhair 2012 maidir le rialacha cur chun feidhme Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme i ndáil le buiséad ginearálta an Aontais (IO L 362, 31.12.2012, lch. 1).

⁽²⁾ Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Meán Fómhair 2013 maidir le himscrúduithe arna ndéanamh ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1073/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (Euratom) Uimh. 1074/1999 ón gComhairle (IO L 248, 18.9.2013, lch. 1).

⁽³⁾ Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96 ón gComhairle an 11 Samhain 1996 maidir le seiceálacha agus cigireachtaí ar an mball a dhéanfaidh an Coimisiún d'fhonn leasanna airgeadais na gComhphobal Eorpach a chosaint i gcoinne na calaoise agus míréireachtaí eile (IO L 292, 15.11.1996, lch. 2).

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 5(2), in Airteagal 7(2), in Airteagal 11(1), in Airteagal 13(1), in Airteagal 15(8) agus in Airteagal 29(2) a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse cúig bliana amháil ón 24 Samhain 2014. Déanfaidh an Coimisiún, tráth nach déanaí ná naoi mí roimh dheireadh na tréimhse cúig bliana, tuarascáil a tharraingt suas maidir le tarmligeán na cumhachta. Déanfar tarmligeán na cumhachta a fhadú go hintuigthe go ceann tréimhsí comhfhaid, mura rud é go gcuireann Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle in aghaidh an fhadaíthe sin tráth nach déanaí ná trí mhí roimh dheireadh gach tréimhse.

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligeán na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 5(2), in Airteagal 7(2), in Airteagal 11(1), in Airteagal 13(1), in Airteagal 15(8) agus in Airteagal 29(2) a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligeán na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana féin.

4. A luaithfe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle ina leith an tráth céanna.

5. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlacfar de bhun an Rialacháin seo i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa nó ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dheireadh na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Féadfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

Airteagal 23

Coiste

1. Déanfaidh an Coiste um Chomheagrú na Margáí Talmhaíochta, arna bhunú le hAirteagal 229 de Rialachán (CE) Uimh. 1308/2013 cúnamh a thabhairt don Choimisiún. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

2. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

ROINN 2

Comhairliúchán, measúnú agus tuairisciú

Airteagal 24

Comhairliúchán

I gcomhthéacs chur chun feidhme an Rialacháin seo, féadfaidh an Coimisiún dul i gcomhairle leis an ngrúpa idirphlé sibhialta maidir le cáilíocht agus cur chun cinn arna bhunú de bhun Chinneadh 2013/767/AE ón gCoimisiún ⁽¹⁾.

Airteagal 25

Comhchreat chun measúnú a dhéanamh ar thionchar beart

I gcomhréir leis an gcreat coiteann faireacháin agus meastóireachta don Chomhbheartas Talmhaíochta dá bhforáiltear in Airteagal 110 de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, déanfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena leagfar síos an comhchreat chun measúnú a dhéanamh ar thionchar na glár faisnéise agus cur chun cinn a mhaíneofar faoin Rialachán seo, mar aon le córas táscairí, a ghlacadh. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 23(2).

Tabharfaidh na páirtithe leasmhara uile don Choimisiún na sonraí agus an fhaisnéis uile is gá chun gur féidir tionchar na mbeart a mheasúnú.

Airteagal 26

Tuarascáil

1. Faoin 31 Nollaig 2018, tiolacfaidh an Coimisiún do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle tuarascáil eatramhach maidir le cur i bhfeidhm an Rialacháin seo. Áireofar sa tuarascáil eatramhach sin an ráta rannpháirtíochta sna Ballstáit éagsúla, maille le haon tograí is iomchuí.

⁽¹⁾ Cinneadh 2013/767/AE ón gCoimisiún an 16 Nollaig 2013 lena gcuirtear ar bun creat d'idirphlé sibhialta in ábhair arna gcumhdach leis an gcomhbheartas talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2004/391/CE (IO L 338, 17.12.2013, lch. 115).

2. Tráth nach déanaí ná an 31 Nollaig 2020, tiolacfaidh an Coimisiún tuarascáil do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle tuarascáil ar chur i bhfeidhm an Rialacháin seo maille le haon tograí is iomchuí.

ROINN 3

Státchabhair, aisghairm, forálacha idirthréimhseacha, agus teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm

Airteagal 27

Státchabhair

I gcás clár atá incháilithe le haghaidh thacaíocht Aontais atá roghnaithe ag an gCoimisiún i gcomhréir leis an Rialachán seo agus de mhaolú ar Airteagal 211(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 agus ar Airteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 1184/2006 ⁽¹⁾ agus, ina theannta sin, de bhua na chéad mhíre d'Airteagal 42 CFAE, ní bheidh feidhm ag Airteagal 107, ag Airteagal 108 ná ag Airteagal 109 CFAE maidir le híocaíochtaí a dhéanann na Ballstáit de bhun an Rialacháin seo agus i gcomhlíonadh a fhorálacha, ná ní bheidh feidhm acu maidir le ranníocaíochtaí airgeadais as táillí paraifhioscacha, as ranníocaíochtaí éigeantacha nó as ionstraimí airgeadais eile, i gcás na gclár atá incháilithe do thacaíocht ón Aontas agus atá roghnaithe ag an gCoimisiún i gcomhréir leis an Rialachán seo.

Airteagal 28

Aisghairm

Aisghairtear leis seo Rialachán (CE) Uimh. 3/2008.

Déanfar tagairtí don Rialachán aisghairthe a fhorléiriú mar thagairtí don Rialachán seo agus léifear iad i gcomhréir leis an tábla comhghaoil a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 29

Forálacha idirthréimhseacha

1. Leanfaidh Rialachán (CE) Uimh. 3/2008 d'fheidhm a bheith aige maidir leis na bearta faisnéise agus cur chun cinn sin a mbeidh cinneadh déanta ag an gCoimisiún i leith a chisithe roimh an 1 Nollaig 2015.

2. Cumhachtófar don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 22 chun trasdul rianúil idir cur i bhfeidhm Rialachán (CE) Uimh. 3/2008 agus cur i bhfeidhm an Rialacháin seo a áirithiú.

Airteagal 30

Teacht i bhfeidhm agus an dáta cur i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Nollaig 2015.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh in Strasbourg an 22 Deireadh Fómhair 2014.

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa

An tUachtarán

M. SCHULZ

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

B. DELLA VEDOVA

⁽¹⁾ Rialachán (CE) Uimh. 1184/2006 ón gComhairle an 24 Iúil 2006 lena ndéantar rialacha áirithe iomaíochta a chur i bhfeidhm maidir le táirgí áirithe talmhaíochta a tháirgeadh agus maidir leis na táirgí sin a thrádáil (IO L 214, 4.8.2006, lch. 7).

IARSCRÍBHINN I

Táirgí dá dtagraítear i bpointe (b) d'airteagal 5(1)

- (a) beoir,
 - (b) seacláid agus táirgí díorthaithe,
 - (c) arán, pastaetha, cácaí, milseogra, briosaí agus earraí eile báicéara,
 - (d) deochanna a dhéantar as eastóscáin phlandaí,
 - (e) pasta,
 - (f) salann,
 - (g) gumaí agus roisíní nádúrtha,
 - (h) leafaos mustaird,
 - (i) arbhar milis,
 - (j) cadás.
-

IARSCRÍBHINN II

An Tábla Comhghaoil

dá dtagraítear in Airteagal 28

Rialachán (CE) Uimh. 3/2008	An Rialachán seo
Airteagal 1(1), an chéad fhomhír	Airteagal 1
Airteagal 1(1), an dara fhomhír	Pointe (a) d'Airteagal 6(1)
Airteagal 1(2)	Airteagal 4(1) agus (2)
Airteagal 2	Airteagal 3
Airteagal 3 agus Airteagal 4	Airteagal 5
Airteagal 5	Airteagal 8
Airteagal 6(1)	Airteagal 7
Airteagal 6(2)	—
Airteagal 7	—
Airteagal 8	Airteagal 11, Airteagal 12 agus Airteagal 17
Airteagal 9	—
Airteagal 10	Airteagal 9
Airteagal 11	Airteagal 13
Airteagal 12(1)	—
Airteagal 12(2)	Airteagal 14
Airteagal 13(1)	Airteagal 16(1)(b)
Airteagal 13(2) an chéad fhomhír	Airteagal 15(1), 15(2) agus 15(3), agus Airteagal 19
Airteagal 13(2) an dara fhomhír	—
Airteagal 13(2), an tríú fhomhír	—
Airteagal 13(3), (4) agus (5)	—
Airteagal 13(6)	Airteagal 27
Airteagal 14	Airteagal 15(5), Airteagal 15(7), agus Airteagal 16(2)
Airteagal 15 agus Airteagal 16	Airteagail 4(3), 5(2), 7(2), 8(1), 11, 13, 14(1), 15(8), 22, 23, 25 agus 29
Airteagal 17	Airteagal 24
Airteagal 18	Airteagal 26
Airteagal 19	Airteagal 28
Airteagal 20	Airteagal 30

CEARTÚCHÁIN

Ceartúchán ar Rialachán (AE) Uimh. 1318/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2013 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1217/2009 ón gComhairle lena mbunaítear líonra chun sonraí cuntaisíochta ar ioncaim agus oibriú gnó na ngabháltas talmhaíochta sa Chomhphobal Eorpach a bhailiú

(Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh L 340 an 17 Nollaig 2013, lch. 1)

(Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh L Eagrán Speisialta Gaeilge)

Leathanach 1, aithris (2):

in ionad: “Chun eilimintí neamhriachtanacha áirithe de Rialachán (CE) Uimh. 1217/2009 a fhorlíonadh nó a leasú, ba cheart an chumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh maidir le hlarscríbhinn I i ndáil le rannóga um Líonra Sonraí um Chuntaisíocht Feirme (LSCF) in aghaidh an Bhallstáit a leasú, na rialacha a leagan síos chun an tairseach maidir le toise eacnamaíoch...”,

léitear: “Chun eilimintí neamhriachtanacha áirithe de Rialachán (CE) Uimh. 1217/2009 a fhorlíonadh nó a leasú, ba cheart an chumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh maidir le hlarscríbhinn I i ndáil le rannóga um Líonra Sonraí um Chuntaisíocht Feirme (LSCF) in aghaidh an Bhallstáit a leasú, na rialacha a leagan síos chun an tairseach maidir le méid eacnamaíoch...”,

Leathanach 1, aithris (3):

in ionad: “Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú do chur chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1217/2009 agus chun idirdhealú idir feirmeoirí a sheachaint, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún i ndáil leis an tairseach maidir le toise eacnamaíoch na ngabháltas cuntaisíochta a shocrú,”

léitear: “Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú do chur chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1217/2009 agus chun idirdhealú idir feirmeoirí a sheachaint, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún i ndáil leis an tairseach maidir le méid eacnamaíoch na ngabháltas cuntaisíochta a shocrú,”

Leathanach 2, aithris (8):

in ionad: “Go háirithe, ní éilíonn an Coimisiún ar na Ballstáit liosta na n-oifigí cuntaisíochta a sholáthar do ghabháltais chomhairimh chun rogha a dhéanamh as a measc ach tá a chuntasóir nó oifig chuntaisíochta féin ag formhór na ngabháltas a thugann na sonraí do LSCF nó bailíonn an oifig idirchaidrimh nó a conraitheoirí na sonraí go díreach. Ina theannta sin, ní éilíonn an Coimisiún a thuilleadh tuarascálacha ar chur chun feidhme an phlean maidir le roghnú na ngabháltas comhairimh arna bhformheas ag na Coistí Náisiúnta.”

léitear: “Go háirithe, ní éilíonn an Coimisiún ar na Ballstáit liosta na n-oifigí cuntaisíochta a sholáthar do ghabháltais chuntaisíochta chun rogha a dhéanamh as a measc ach tá a chuntasóir nó oifig chuntaisíochta féin ag formhór na ngabháltas a thugann na sonraí do LSCF nó bailíonn an oifig idirchaidrimh nó a conraitheoirí na sonraí go díreach. Ina theannta sin, ní éilíonn an Coimisiún a thuilleadh tuarascálacha ar chur chun feidhme an phlean maidir le roghnú na ngabháltas cuntaisíochta arna bhformheas ag na Coistí Náisiúnta.”

Leathanach 2, Airteagal 1(1):

in ionad: “Rialachán (CE) Uimh. 1217/2009 ón gComhairle an 30 Samhain 2009 lena mbunaítear líonra chun sonraí cuntaisíochta a bhailiú maidir le hioncaim agus le hoibriú gnó gabháltas talmhaíochta san Aontas Eorpach”,

léitear: “Rialachán (CE) Uimh. 1217/2009 ón gComhairle an 30 Samhain 2009 lena mbunaítear líonra chun sonraí cuntaisíochta ar ioncaim agus oibriú gnó na ngabháltas talmhaíochta san Aontas Eorpach a bhailiú”;

Leathanach 3, pointe (a) d'Airteagal 1(8):

in ionad: “1. Le réimse an tsuirbhé dá dtagraítear in Airteagal 1(2) cumhdófar na gabháltais talmhaíochta atá de thoise eacnamaíoch atá cothrom le, nó níos mó ná, tairseach arna shloinneadh in euro a chomhfhreagraíonn do cheann de na híosteorainneacha aicmí toise eacnamaíoch mar a shainítear i dtíopeolaíocht an Aontais do ghabháltais talmhaíochta a shainítear in Airteagal 5b.”,

léitear: “1. Le réimse an tsuirbhé dá dtagraítear in Airteagal 1(2) cumhdófar na gabháltais talmhaíochta atá de mhéid eacnamaíoch atá cothrom le, nó níos mó ná, tairseach arna shloinneadh in euro a chomhfhreagraíonn do cheann de na híosteorainneacha aicmí méid eacnamaíoch mar a shainítear i dtíopeolaíocht an Aontais do ghabháltais talmhaíochta a shainítear in Airteagal 5b.”;

Leathanach 4, Airteagal 1(9), Airteagal 5b(1) atá le cur isteach:

in ionad: “Airteagal 5b

1. Déanfar gabháltais talmhaíochta a aicmiú ar bhealach aonfhoirmeach de réir thíopeolaíocht an Aontais do ghabháltais talmhaíochta (‘an thíopeolaíocht’), ag brath ar a gcineál talmhaíocht, an méid eacnamaíocht atá acu agus an tábhacht a atá gníomhaíochtaí sochracha eile ag a bhaineann go díreach leo.”,

léitear: “Airteagal 5b

1. Déanfar gabháltais talmhaíochta a aicmiú ar bhealach aonfhoirmeach de réir thíopeolaíocht an Aontais do ghabháltais talmhaíochta (‘an thíopeolaíocht’), ag brath ar a gcineál talmhaíocht, an méid eacnamaíocht atá acu agus an tábhacht atá ag gníomhaíochtaí sochracha eile a bhaineann go díreach leo.”;

Leathanach 4, Airteagal 1(9), Airteagal 5b(3) atá le cur isteach, an tríú mír:

in ionad: “Sonrófar an gaol idir cineálacha ginearálta agus príomha feirmeoireachta agus speisialtóireachtaí feirmeoireachta a bheadh i gcomhréir le cineálacha príomha feirmeoireachta.”,

léitear: “Sonrófar an gaol idir cineálacha ginearálta agus príomha feirmeoireachta agus cineálacha sonracha speisialtóireachtaí feirmeoireachta a bheadh i gcomhréir le cineálacha príomha feirmeoireachta.”;

Leathanach 4, Airteagal 1(9), Airteagal 5b(4) atá le cur isteach:

in ionad: “Cinnfear méid eacnamaíoch an ghabháltais ar bhonn aschur iomlán an ghabháltais.”,

léitear: “Cinnfear méid eacnamaíoch an ghabháltais ar bhonn aschur iomlán caighdeánach an ghabháltais.”;

Leathanach 5, Airteagal 1(12), pointe 2 atá le cur isteach, an dara fleasc:

in ionad: “— rochtain a fháil ar ioncaim an ghabháltais ina fhoirmeacha éagsúla,”,

léitear: “— ioncaim an ghabháltais ina fhoirmeacha éagsúla a mheasúnú.”;

Leathanach 5, Airteagal 1(12), pointe 3 atá le cur isteach, an chéad fhomhír:

in ionad: “Tagróidh na sonraí sin do ghníomhaíochta talmhaíochta an ghabháltais féin agus gníomhaíochtaí sochracha eile a bhaineann go díreach leis an ngabháltas. Agus na tuairisceáin feirme á n-ullmhú ní chuirfear san áireamh aon sonraí a bhaineann le gníomhaíochtaí neamh-fheirmeoireachta an tsealbhaitheora ná a mhuintire, ná le haon phinsean, le haon chomharbas, le haon chuntas bainc príobháideach, le haon mhaoin seachas an gabháltas talmhaíochta, le haon chánachas pearsanta ná árachas príobháideach.”,

léitear: “Tagróidh na sonraí sin do ghníomhaíochtaí talmhaíochta an ghabháltais féin agus gníomhaíochtaí sochracha eile a bhaineann go díreach leis an ngabháltas. Agus na tuairisceáin feirme á n-ullmhú ní chuirfear san áireamh aon sonraí a bhaineann le gníomhaíochtaí neamh-fheirmeoireachta an fheirmeora ná a mhuintire, ná le haon phinsean, le haon chomharbas, le haon chuntas bainc príobháideach, le haon mhaoin seachas an gabháltas talmhaíochta, le haon chánachas pearsanta ná árachas príobháideach.”;

Leathanach 5, Airteagal 1(12), pointe 3 atá le cur isteach, an tríú fomhír:

in ionad: “D’fhonn a áirithiú na sonraí cuntasáíochta a bhailítear trí bhíthin na tuairisceáin feirme inchomparáide, is cuma céard iad na gabháltais chuntasáíochta,”

léitear: “D’fhonn a áirithiú na sonraí cuntasáíochta a bhailítear trí bhíthin na tuairisceáin feirme inchomparáide, is cuma céard iad na gabháltais chuntasáíochta a rinneadh suirbhé orthu,”

Leathanach 5, Airteagal 1(14), pointe (a) atá le cur isteach:

in ionad: “I gcás ina bhfuil é líon iomlán na dtuairisceán feirme arna gcomhlánú go cuí agus...”,

léitear: “I gcás ina bhfuil líon iomlán na dtuairisceán feirme arna gcomhlánú go cuí agus...”.

ISSN 1977-0839 (leagan leictreonach)
ISSN 1725-2571 (leagan páipéir)



Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh
2985 Lucsamburg
LUCSAMBURG

GA